An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán

## Straitéis Feidhmithe agus Plean Gníomhaithe

CLÁR


CAIBIDIL 1: FORLÉARGAS .... 3

Réamhrá .... 3

Cúlra .... 3

Breithniú agus Glacadh an Rialtais: .... 5

Grúpa Feidhmithe .... 5

Amlínte .... 6

Coimisiún na Meán a chur ar bun .... 6

CAIBIDIL 2: FIÚNTAS AGUS TIONCHAR SOCHAÍOCH NA MEÁN .... 7

Moladh 2-1 Luach a Chur ar Ábhar Seirbhíse Poiblí mar bhonneagar criticiúil poiblí .... 7

Moladh 2-2 Aghaidh a Thabhairt ar Inbhuanaitheacht na Timpeallachta .... 7

Moladh 2-3 monatóireacht, sonraí agus taighde maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) .... 9

Moladh 2-4 Caighdeáin CÉI .... 11

Moladh 2-5 Boird Éagsúlachta agus Ceannaireacht .... 11

Moladh 2-6 Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht Éagsúlachta .... 12

Moladh 2-7 Inrochtaineacht .... 16

CAIBIDIL 3: NA MEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ A MHAOINIÚ .... 17

Moladh 5-1 Múnla Nua Maoinithe Poiblí do na Meáin Seirbhíse Poiblí .... 17

Moladh 5-2 Socruithe eatramhacha maoinithe don tréimhse 2021-2023 .... 18

Moladh 5-3 Freagracht agus Trédhearcacht a Mhéadú .... 19

Moladh 5-4 Rannpháirtíocht Lucht Féachana .... 20

Moladh 5-5 Maoiniú eatramhach do RTÉ .... 21

Moladh 5-6 Fócas ar Luach ar Airgead agus Éifeachtúlachtaí .... 22

Moladh 5-7 RTÉ chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht .... 23

Moladh 5-8 Ioncam tráchtála a fhorbairt .... 24

Moladh 5-9: RTÉ chun maoiniú easnaimh a laghdú agus caiteachas a chobhsú .... 25

Moladh 5-10: Comhoibriú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách .... 25

CAIBIDIL 4: TACAÍOCHT D'ÁBHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS D'EARNÁIL NA MEÁN I GCOITINNE .... 27

Moladh 6-1: An Ciste Craolacháin a thiontú ina Chiste Meán .... 27

Moladh 6-2: Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a bhunú .... 28

Moladh 6-3: Tacaíochtaí a leagan amach don aistriú digiteach .... 28

Moladh 6-4: Scéimeanna um Thuairisiú Nuachta a Bhunú .... 29

Moladh 6-5: Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a Bhunú .... 30

Moladh 6-6: Scéim Rochtana agus Oiliúna do na Meáin a bhunú .... 31

Moladh 6-7: Scéim um Meáin Phobail a Bhunú .... 32

Moladh 6-8: An Leibhéal Maoinithe do Chiste Meán .... 33

Moladh 6-9: An Treoir Chóipchirt a chur i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach agus gníomh breise a dhéanamh más gá .... 33

Moladh 6-10: Scrúdú a dhéanamh ar bhearta cánach indíreacha chun tacú le SÁSPanna ........................ 35
Moladh 6-11: Déan iniúchadh ar dheiseanna comhoibrithe chun ábhar MSP a athúsáid ......................... 36
Moladh 6-12 Formhaoirseacht neamhspleách ar gach sruth maoinithe phoiblí don iriseoireacht ............ 36
Moladh 6-13: Geilleagar Uile-Oileáin na Meán ......................................................................................... 37
CAIBIDIL 5: GAEILGE, CULTÚR, GEILLEAGAR CRUTHAITHEACH AGUS SPÓRT................. 38
Moladh 7-1: Rialú eagarthóireachta do TG4 ar a sheirbhísí nuachta ...................................................... 38
Moladh 7-2: Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí Gaeilge ................................................ 38
Moladh 7-3: Ba cheart do RTÉ tosaíocht níos mó a thabhairt don Ghaeilge............................................ 39
Moladh 7-4 Forálacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm i scéimeanna maoinithe ............................... 40
Moladh 7-5 Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta ..................................................... 41
Moladh 7-6: Tobhach agus ciste ábhair closamhairc a bhunú................................................................... 41
Moladh 7-7: Straitéis Closamhairc chun Éire a bhunú mar phríomhfhoinse ábhair siamsaíochta don mhargadh idirnáisiúnta ar éileamh ........................................................................................................ 42
Moladh 7-8: Infheistíocht sa Léiriúchán Neamhspleách a Fheabhsú........................................................ 42
Moladh 7-9: Plean Straitéiseach a fhorbairt le haghaidh craoltóireacht agus cur chun cinn spóirt ........... 43
Moladh 7-10: Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta maidir le tuairisciú agus craoltóireacht spóirt.........................................................................................................................................44
Moladh 7-11: Oideachas agus oiliúint ...................................................................................................... 45
CAIBIDIL 6: RIALÁIL AGUS RIALACHAS.......................................................................... 47
Moladh 8-1: Cuspóirí agus Prionsabail MSP.............................................................................................. 47
Moladh 8-2: Neamhspleáchas agus Maoiniú MSP..................................................................................... 48
Moladh 8-3 Acmhainní a chur ar fáil don Rialáil agus don Fhorbairt Éifeachtach.................................... 49
Moladh 8-4: Rialú na hEarnála Neamhspleáiche ....................................................................................... 50
Moladh 8-5: Athruithe ar Fhorálacha Rialála do Mhaoiniú ÁSP ............................................................... 50
Moladh 8-6 Sonraí a bhaineann le Suntasacht.......................................................................................... 51
Moladh: 8-7 Clúmhilleadh.......................................................................................................................... 53
Moladh 8-8 Bréagaisnéis............................................................................................................................. 53
Moladh 8-9 Bunús reachtúil a sholáthar do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán .................... 55
CAIBIDIL 7: COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA ........................................ 56
Foirmiú agus rannpháirtíocht an Ghrúpa Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara ..................................... 56
AGUISÍN 1: PLEAN GNÍOMHAITHE MIONSONRAITHE .................................................. 58

# CAIBIDIL 1: FORLÉARGAS

## RÉAMHRÁ

Tugadh sainordú i gClár an Rialtais, Ár dTodhchaí le Chéile, go gcuirfí an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ar bun mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le hearnáil na meán in Éirinn a bheith inbhuanaithe agus mar aitheantas ar na hathruithe móra atá ag titim amach in earnáil na meán in Éirinn agus ar fud na cruinne. Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na bealaí ar chóir do na meán freastal ar an tsochaí in Éirinn, measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a dhéantar é seo sa chóras reatha agus plé a dhéanamh ar na hathruithe ba cheart a dhéanamh chun tacú leis na meáin chlóite, na meáin chraolacháin agus na meáin ar líne beag beann ar an ardán atá i gceist. Cuireadh cúram faoi leith ar an gCoimisiún moltaí a thabhairt i leith RTÉ.

Mar bhonn eolais faoi phlé an Choimisiúin baineadh leas as plé agus comhairliúchán leis an bpobal i gcoitinne, le páirtithe leasmhara ón tionscal, le saineolaithe agus le lucht déanta beartais. Tá anailís mhionsonraithe agus measúnú mionsonraithe ar chóras na meán in Éirinn i dtuarascáil an Choimisiúin. Tá béim ar na dúshláin agus deiseanna atá roimh an earnáil ó thaobh an gheilleagair agus na teicneolaíochta de.

Tá 50 moladh déanta ag an gCoimisiún. Nuair a chuirtear le chéile iad, clár straitéiseach atá iontu chun earnáil na meán in Éirinn a athrú ó bhonn. Is é is cuspóir uileghabhálach don chlár straitéiseach seo a chinntiú go mbeidh meáin iolraíocha neamhspleácha fós ar fáil in Éirinn a chuirfidh ábhar seirbhíse poiblí ardchaighdeáin ar fáil, mar atá riachtanach don chomhtháthú sóisialta agus don daonlathas folláin.

## CÚLRA

D’úsáid an Coimisiún cúpla sainmhíniú infheidhme le hidirdhealú a dhéanamh idir na catagóirí éagsúla meán sa Tuarascáil.  Is iad na sainmhínithe is tábhachtaí ná Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP) agus Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP):

Eagraíochtaí faoi úinéireacht phoiblí a fhaigheann maoiniú poiblí atá in MSP. Is éard is mó a dhéanann siad ábhar seirbhíse poiblí a chur ar fáil atá saor in aisce nuair a amharctar air nó éistear leis.

Ábhar meán atá in ÁSP (ábhar digiteach, clóite nó craolta) a bhfuil luach faoi leith ag baint leis don phobal. Déantar é a léiriú go dtí caighdeáin ghairmiúla agus eitice atá leagtha amach go soiléir. Foinse thábhachtach don phobal atá ann d’eolas atá fíor agus cruinn agus d’éagsúlacht tuairimí.

Eagraíochtaí meán nach bhfuil faoi úinéireacht phoiblí atá i SÁSPanna, ar fud na n-earnálacha clóite, ar líne agus craolacháin trína gcuirtear ÁSP ar fáil don lucht féachána agus éisteachta.

Cuireadh tús le hobair an Choimisiúin le comhairliúchán poiblí a fuair breis agus 800 aighneacht agus 6 comhphlé téamach ar líne inar ghlac go leor saineolaithe agus os cionn 1,000 ball den phobal páirt. Chomh maith leis sin, bhí an Coimisiún ag plé le saineolaithe agus príomhpháirtithe leasmhara, agus thug faoi thaighde agus suirbhé ar thuairimí an phobail. Chuir an Coimisiún a thuarascáil faoi bhráid an Rialtais i Meán Fómhair 2021.

Tháinig an Coimisiún ar an tuairim go bhfuil luach agus tábhacht leanúnach ag baint le hearnáil na meán in Éirinn don phobal, don tsochaí i gcoitinne agus don daonlathas. Is mór an ráta é ó thaobh tagarmharcanna idirnáisiúnta, tá seachadadh maith déanta aige ar a aidhmeanna seirbhíse poiblí agus tá meas mór ag an bpobal air agus tá muinín aige as. Déanann na meáin ionchur ríthábhachtach tríd an bpobal a chur ar an eolas, trí oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil dó; trí fhéiniúlacht agus éagsúlacht a léiriú ar fud shochaí na

hÉireann; trí chultúr, spórt agus teanga na hÉireann a chur chun cinn; agus trí iadsan atá i gcumhacht a thabhairt chun cuntais.

Príomhghné de thuarascáil an Choimisiúin is ea go n-aithnítear na meáin mar "leas fiúntais" don tsochaí agus do dhaonlathas na tíre agus gur cheart meáin nó ábhar seirbhíse poiblí a aithint mar bhonneagar poiblí criticiúil.

Chuir an Coimisiún in iúl go gcuirfear isteach go mór ar chóras meán na hÉireann sna deich mbliana atá romhainn. Tá deiseanna spreagúla ann do chóras meán na hÉireann, ach tá bagairtí agus rioscaí tromchúiseacha ann freisin. Tugann dul chun cinn teicneolaíochta agus iompar tomhaltóirí a bhíonn ag athrú dúshlán do na meáin samhlacha nua gnó agus bealaí nua a fhorbairt chun dul i dteagmháil le lucht féachana. Tá an baol ann go mbainfí an bonn de mhuinín an phobail i nuacht agus i bhfaisnéis le scaipeadh mífhaisnéise agus dífhaisnéise trí na meáin shóisialta agus trí ardáin teicneolaíochta eile.

Rinne an Coimisiún iniúchadh ar na dúshláin eacnamaíocha fadtéarmacha atá roimh na meáin in Éirinn, lena n-áirítear athrú cinntitheach in ioncam fógraíochta ar shiúl ó na meáin thraidisiúnta i dtreo fhathaigh na teicneolaíochta a bhfuil tionchar an-mhór acu ar fhógraíocht dhigiteach, rud a tháinig chun cinn i gcás na meán clóite trí laghdú a dhéanamh ar ioncam ó chúrsaíocht. I gcás na meán seirbhíse poiblí, breithníodh inbhuanaitheacht na dtáillí Ceadúnas Teilifíse mar fhoinse maoinithe phoiblí freisin.

Ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil marthanacht eagraíochtaí meán an lae inniu, agus éabhlóid na n-eagraíochtaí nua, ag brath ar an gcumas dul in oiriúint don tírdhreach iomaíoch agus freastal ar riachtanais athraitheacha lucht féachana. Tá freagairt níos straitéisí, níos comhoibríche ag teastáil ón rialtas, ó rialtóirí agus ó eagraíochtaí meán ar infheistíocht, claochlú digiteach, éabhlóid na samhla gnó, forbairt scileanna agus éagsúlacht don earnáil.

Thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil samhail thraidisiúnta MSP ag teacht chun cinn chun aitheantas agus ionchorprú a dhéanamh ar an ngníomhaireacht níos mó a bhfuil saoránaigh agus tomhaltóirí ag súil leo, mar chomhchruthaitheoirí agus mar pháirtithe leasmhara i gcóras na meán. Éilítear leis seo go dtaispeánfadh MSP tuilleadh uaillmhéine maidir le teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana, mar aon le leibhéil níos airde trédhearcachta agus cuntasachta poiblí.

Ceann de na dúshláin is mó atá roimh na meáin, a thug an Coimisiún chun suntais, ná a chinntiú go bhfuil siad sách ilchineálach, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch d'Éirinn na linne seo. Tá gá le níos mó éagsúlachta ionadaíochta, lena n-áirítear do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus a ndéantar imeallú orthu faoi láthair, i gcláir, coimisiúnú agus léiriú nuachta agus cúrsaí reatha, ealaíon agus cultúir, spóirt, Gaeilge agus siamsaíochta.

Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfeidhmíonn earnáil na meán i dtimpeallacht rialála mhíchothrom. Cé go bhfuil roinnt soláthraithe meán cumarsáide faoi réir rialála, bíonn cuid mhaith de na soláthraithe a fheidhmíonn ar líne lasmuigh de chórais rialaithe meán den chuid is mó. Tá gá le gníomhaíocht straitéiseach ag an Rialtas, ag rialtóirí, ag cuideachtaí teicneolaíochta, ag lucht acadúil agus ag na meáin phoiblí chun dul i ngleic le tionchar na mífhaisnéise ar shochaí agus ar dhaonlathas na hÉireann agus chun an caidreamh idir na meáin thraidisiúnta agus na "Mórchuideachtaí Teicneolaíochta" a athchothromú. Tá sé de chumas ag Éirinn a bheith ina mol nuálaíochta i dtaobh sábháilteacht ar líne.

Chuaigh an Coimisiún i ngleic lena sainchúram trí aghaidh a thabhairt ar raon téamaí, agus tugtar achoimre thíos ar bhunéirim phlé an Choimisiúin ar gach téama agus na moltaí a rinne sé don Rialtas dá bharr. Tá téacs iomlán thuarascáil an Choimisiúin ar fáil anseo.

## BREITHNIÚ AGUS GLACADH AN RIALTAIS:

Ghlac an Rialtas, i bprionsabal, le 49 den 50 moladh ag a chruinniú ar an 12 Iúil 2022, tar éis dó an tuarascáil agus a conclúidí a bhreithniú. D'fhonn an cur i bhfeidhm a chur chun cinn, d'fhaomh an Rialtas freisin grúpa idir-rannach a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le moltaí an Choimisiúin a chur chun feidhme, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhartha is gá chun torthaí inmhianaithe mholtaí an Choimisiúin a bhaint amach.

D'aontaigh an Rialtas freisin cur chuige malartach i leith mholadh an Choimisiúin maidir le samhail mhaoinithe phoiblí amach anseo do na meáin a bhfuil maoiniú Státchiste mar bhonn taca fúithi. Thug an Rialtas sainordú Meitheal Theicniúil a bhunú chun dearadh mionsonraithe a dhéanamh ar chóras leasaithe agus feabhsaithe ceadúnas teilifíse mar bhonn do mhaoiniú na hearnála amach anseo. Tá an obair sin ar siúl agus tabharfar chuig an Rialtas í sa tréimhse atá amach romhainn.

## GRÚPA FEIDHMITHE

Is iad oifigigh shinsearacha thar ceann Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí a bhfuil ról acu sa phróiseas feidhmithe atá sa Ghrúpa Forfheidhmithe. Ina theannta sin, bunófar Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara le hionadaithe ó thionscal na meán agus ó na hearnálacha ábhartha. Tá ballraíocht mholta an Ghrúpa seo leagtha amach i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (lch. 256).

Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa Feidhmithe. Is iad ionadaithe ó na Ranna seo a leanas atá sna comhaltaí eile den ghrúpa:

- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Dlí agus Cirt
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- Údarás Craolacháin na hÉireann/Coimisiún na Meán

D’fhéadfadh ballraíocht an Ghrúpa a bheith ilchineálach agus d’fhéadfadh Ranna nó comhlachtaí breise a bheith san áireamh amach anseo de réir mar is cuí.

Áirítear ar fheidhmeanna an Ghrúpa, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Plean Feidhmithe a chomhaontú agus, le moltaí an Choimisiúin á gcur san áireamh, an tréimhse ama is oiriúnaí le cur chun feidhme a chomhaontú freisin;
- Na hathruithe reachtacha a theastaíonn chun tacú le cur i bhfeidhm a aithint;
- Beartais, straitéisí, pleananna gníomhaithe nó reachtaíocht bheartaithe ábhartha eile Rialtais a aithint a d'fhéadfadh gá a bheith le moltaí a chur san áireamh iontu/ a d’fhéadfadh iad a úsáid chun cur i bhfeidhm a chur chun cinn;
- An struchtúr agus an fhormáid is oiriúnaí a bhreithniú le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh le páirtithe leasmhara earnála; agus
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus tuarascálacha tréimhsiúla a dhéanamh trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach Ábhair Dhigitigh chuig an gCoiste Comh-Aireachta um Aisghabháil agus Infheistíocht Eacnamaíoch.

Tionóladh an Grúpa ar feadh tréimhse tosaigh 2 bhliain, faoi réir athbhreithnithe.

Tabharfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tuarascálacha ar dhul chun cinn ón nGrúpa chuig an Rialtas, ag tosú le cur ar aghaidh na Straitéise seo i mí na Nollag 2022.

## AMLÍNTE

Tá réimse spriocdhátaí leagtha amach ag an gCoimisiún ina thuarascáil chun a mholtaí a chur i bhfeidhm thar thréimhse tosaigh dhá bhliain.

Mar gheall ar an am atá caite ó chuir an Coimisiún a chuid breithnithe i gcrích agus ó fhorbair sé na moltaí, bhí sé riachtanach na tréimhsí ama a mholtar a athrú do gach moladh ar leith.

Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ar na spriocdhátaí le cur i bhfeidhm, ní mór a leanas a chur san áireamh: cinneadh an Rialtais chun an táille ceadúnais teilifíse a athchóiriú agus a fheabhsú (seachas glacadh le moladh an Choimisiúin maidir le maoiniú díreach Státchiste); An Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne agus Rialáil na Meán agus bunú Choimisiún na Meán ina dhiaidh sin; agus tréimhse ama fhéideartha chun aon leasuithe reachtacha riachtanacha a ullmhú.

## COIMISIÚN NA MEÁN A CHUR AR BUN

Bunchloch de thuarascáil agus de mholtaí an Choimisiúin is ea comhlacht nua a bhunú a bhfuil feidhm rialála agus forbartha aige maidir leis na meáin chumarsáide,

San Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne foráiltear do bhunú rialtóir meán nua, Coimisiún na Meán. Cuirfidh an Coimisiún an creat rialála agus forbartha ar fáil chun tuarascáil an Choimisiúin a chur i bhfeidhm, agus beidh ról suntasach ag dhá cheann de na trí ról tosaigh Coimisinéara maidir le beart a dhéanamh i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialtais i dtaobh Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán — an Coimisinéir Craolacháin agus an Coimisinéir Forbartha Meán a chur i bhfeidhm ag an Rialtas.

## CAIBIDIL 2: FIÚNTAS AGUS TIONCHAR SOCHAÍOCH NA MEÁN

Sa Chaibidil chomhfhreagrach de Thuarascáil an Choimisiúin tugtar aghaidh ar luach agus tionchar sochaíoch na meán.

### MOLADH 2-1 LUACH A CHUR AR ÁBHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ MAR BHONNEAGAR CRITICIÚIL POIBLÍ

Ba cheart bunluach Ábhar Seirbhíse Poiblí a aithint mar "leas fiúntais" a thugann buntáistí luachmhara don tsochaí agus don chóras daonlathach, agus, dá bhrí sin, ba cheart a thuiscint gur bonneagar poiblí criticiúil é.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Aithnítear go bhfuil meas ag pobal na hÉireann ar na Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), agus ar an ábhar a chuireann siad ar fáil. Tá MSP agus ábhar seirbhíse poiblí ríthábhachtach d'fheidhmiú ceart dhaonlathas na tíre agus sochaí na tíre i gcoitinne - trí dhioscúrsa agus díospóireacht a chumasú, faisnéis iontaofa a sholáthar, aird a tharraingt ar cheisteanna a bhfuil tábhacht shuntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta leo, agus rochtain a chur ar fáil ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht shuntasach chultúrtha agus shochaíoch leo.

Cé go raibh an moladh nasctha go bunúsach leis an moladh chun bogadh chuig an tsamhail do MSP atá maoinithe go hiomlán ag an státchiste, scrúdóidh an Grúpa Feidhmithe na meicníochtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun aitheantas a thabhairt do MSP agus ábhar mar bhonneagar poiblí criticiúil, lena n-áirítear trí fhorálacha reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

#### GNÍOMHARTHA:

- Tá an Grúpa Feidhmithe le breithniú a dhéanamh ar mar is féidir MSP agus ábhar a aithint mar bhonneagar poiblí criticiúil
- Breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon ainmniú ábhair den sórt sin ar chuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4, agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do scéimeanna maoinithe
- Breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha iomchuí chun éifeacht a thabhairt don mholadh seo

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: **RTCEGSM** – Tacaíocht ó: **An Grúpa Feidhmithe**

Amscála: Athbhreithniú le déanamh ar Chuid 7 den Acht Craolacháin faoi R2 2023. An Grúpa Feidhmithe le toradh an athbhreithnithe agus na roghanna neamhreachtacha a bhreithniú. Más gá leasuithe reachtacha a dhéanamh, beidh an Scéim Ghinearálta lena cur chun cinn faoi R4 2024

### MOLADH 2-2 AGHAIDH A THABHAIRT AR INBHUANAITHEACHT NA TIMPEALLACHTA

- Ba cheart do ÚCÉ/do Choimisiún na Meán modhanna a aithint trína dtabharfaí tuilleadh spreagtha i leith cur chun cinn na hinbhuanaitheachta ar na meáin chraolacháin, chlóite agus ar líne, na modhanna seo ina measc:
- an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin a athsheoladh mar Líonra Inbhuanaitheachta na Meán, agus comhaltas a thairiscint do raon níos leithne comhaltaí as gach réimse in earnáil na meán;

- an Treochlár Inbhuanaitheachta d’Earnáil Craoltóireachta na hÉireann a oiriúnú lena úsáid ag earnáil na meán cumarsáide trí chéile, na treoirlínte maidir le “Clársceidealú Glas” san áireamh;
- caighdeáin bhonnlíne chuí maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta a thabhairt isteach mar chritéir incháilithe faoi Chiste nua na Meán;
- tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí MSP agus SÁSP maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, agus béim á leagan ar bhearta feabhais go hinmheánach agus ar thomhas a dhéanamh ar an tionchar poiblí ó chláir/ábhar inbhuanaitheachta.

## SEASAMH/FREAGRA:

Tá ról lárnach ag earnáil na meán tacaíocht a thabhairt d’iarrachtaí náisiúnta modhanna níos inbhuanaithe a fhorbairt i leith gach gné den gheilleagar agus den tsochaí – spás a chur ar fáil don phlé feasach; tacú leis an bhfoghlaim agus leis an oideachas; agus béim a leagan ar an dea-ghníomh. Tá ról na meán á léiriú i bPlean Gnímh an Rialtais don Aeráid 2021 inar tugadh gealltanas go dtabharfaí tacaíocht chun ábhar a fhorbairt chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide. Anuas air sin, d’fhoilsigh NewERA creat don Earnáil Tráchtála Státurraithe in Iúil 2022 chun tabhairt faoi chuspóirí a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide.

D’fhoilsigh ÚCÉ Treochlár Inbhuanaitheachta in 2020 ina bhfuil fís le haghaidh earnáil níos inbhuanaithe agus ina dtugtar tacaíocht don Líonra Inbhuanaitheachta an dea-chleachtas a chothú, don earnáil a feidhmíocht i leith na hinbhuanaitheachta a fheabhsú, agus don tsochaí trí chéile le tabhairt faoin dea-ghníomh. Déanann Fís Éireann, ÚCÉ, TG4, RTÉ, Virgin Media Television agus Screen Producers Ireland cómhaoiniú ar an gceadúnas don áireamhán carbóin, *Albert*, lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, agus ar an tsraith straitéisí don deimhniú léiriúcháin inbhuanaithe, a chuireann ar a gcumas do léiriúcháin teilifíse agus scannánaíochta, agus a chuireann iallach orthu, a dtionchar carbóin a thomhas agus céimeanna gníomhacha a thabhairt lena laghdú. Beidh an socrú reatha i bhfeidhm go dtí lár 2023. Ina dhiaidh sin beidh deimhniú ag teastáil ó fhoras Éireannach.

Mar atá molta ag an gCoimisiún, táthar ar aon intinn gur chóir féachaint ar bhealaí chun an inbhuanaitheacht a dhéanamh níos tarraingtí in earnáil na meán trí chéile. Ní hamháin go n-áirítear air seo a bheith ag cur leis an ról a d’fhéadfadh a bheith ag na meáin ó thaobh a bheith ag tacú le hinbhuanaitheacht ar fud an tsochaí agus a bheith á cur chun cinn, ach áirítear freisin cuir chuige níos inbhuanaithe a ghlacadh i leith léiriú clár agus ábhair, i leith craolta etc. agus eagraíochtaí níos inbhuanaithe a dhéanamh díobh féin.

## GNÍOMHARTHA:

- Osclóidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin do chomhaltas níos leithne nó forbróidh sé líonraí a bhaineann go sonrach leis an earnáil
- Scrúdóidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán an Treochlár Inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair agus, i gcomhairle leis na Líonraí leathnaithe nó breise, cuirfidh sé in oiriúint é d'úsáid earnáil na meán i gcoitinne agus ullmhóidh sé chun Treochlár athbhreithnithe a dhréachtú agus a fhoilsiú
- Tabharfar isteach caighdeáin/critéir chuí inbhuanaitheachta i bhforbairt na gcritéar do chritéir atá beartaithe do scéimeanna na gCistí Meán;
- Forbróidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán, i gcomhar le páirtithe leasmhara earnála éagsúla (cló/ar líne/closamhairc), méadrachtaí agus sonraí bonnlíne cuí chun tuairisciú ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta na hearnála a chumasú, critéir mhaoinithe a chur i bhfeidhm nó an treochlár inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.
- Leanfaidh an RTCÉGSM de bheith i dteagmháil le RTÉ agus le TG4 maidir le bearta comhaontaithe um athrú aeráide a sheachadadh (ag féachaint don Chreat don Earnáil Leathstáit Tráchtála chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide, arna bhforbairt ag NewERA)

- Tar éis a bhunaithe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le comhpháirtithe eile, ar nós Fís Éireann, maidir le próiseas buandheimhniúcháin a bhunú do chórais a úsáideann léiritheoirí ábhair chun tionchair chomhshaoil a thomhas (amhail foireann uirlisí áireamháin charbóin Albert a chur i bhfeidhm).

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

Beidh **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** i gceannas ar ghníomhartha.

Amlíne le cur i gcrích: Athbhreithniú ar shocruithe deimhniúcháin Áireamhán Albert le comhlánú faoi **R2 2023**.

## MOLADH 2-3 MONATÓIREACHT, SONRAÍ AGUS TAIGHDE MAIDIR LE COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSITHEACHT (CÉI)

Ba cheart oibleagáid reachtúil a bheith ar MSP, faoi 2024, sonraí éagsúlachta a bhailiú agus a fhoilsiú.

Ba cheart do SÁSPanna sonraí a bhailiú freisin agus dreasacht a bheith acu é sin a dhéanamh trí choinníollacht an mhaoinithe phoiblí d'eagraíochtaí agus do thionscadail ó 2022.

Ba cheart gach beart a dhéanfar chun CÉI a chur chun cinn tuilleadh a bheith faoi réir iniúchóireacht agus faireachán leanúnach. Ba cheart ról comhordúcháin a bheith ag Coimisiún na Meán i mbailiú sonraí trí aonad taighde straitéiseach. Dhéanfadh an t-aonad seo iniúchadh rialta ar a bhfuil i gceist le héagsúlacht i gcomhthéacs na hÉireann chun a chinntiú go mbeadh ár dtuiscint agus ár dtomhas ar éagsúlacht ag teacht le déimeagrafaic na hÉireann de réir mar a athraíonn sí le himeacht ama.

SEASAMH/FREAGRA:

Tá ról lárnach ag na meáin maidir le tuairim agus cultúr an phobail a mhúnlú agus dá bhrí sin tá oibleagáid orthu a chinntiú go bhfuil sé ionadaíoch agus ionchuimsitheach — san ábhar a léiríonn siad, ach laistigh den earnáil í féin chomh maith.

Féachfaidh an straitéis le monatóireacht, sonraí agus taighde CÉI a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú go mbeidh ról ag gach MSP agus SÁSP agus go bhfuil siad freagrach as an ról sin a chur i bhfeidhm. Beidh Coimisiún na Meán freagrach as na gníomhaíochtaí seo a chomhordú.

GNÍOMHARTHA:

- Tá an RTCEGSM le dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán maidir le haonad taighde straitéiseach a bhunú agus acmhainní cuí a chur ar fáil dó
- Tá Coimisiún na Meán chun méadrachtaí maidir le caighdeáin sonraí a fhorbairt a bheidh le teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Comhionannais, lena chinntiú go mbaileoidh agus go bhfoilseoidh MSPanna agus SÁSPanna sonraí bonnlíne comhsheasmhach inchomparáide CÉI
- Déanfaidh Coimisiún na Meán anailís ar na roghanna cur i bhfeidhm (i gcomhairle le páirtithe leasmhara) lena n-áirítear foilsiú deonach na sonraí atá ar fáil (agus straitéis CÉI atá beartaithe mar atá leagtha amach i Moladh 2.4 á cur san áireamh)
- Tá RTCEGSM le breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha ar an Acht Craolacháin oiriúnach d'fhonn go mbaileodh agus go bhfoilseodh MSPanna sonraí CÉI
- Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar chritéir na scéime maoinithe d'fhonn caighdeáin/critéir chuí a chuimsiú lena chinntiú go mbaileofar sonraí comhsheasmhacha inchomparáide CÉI
- Déanfaidh Coimisiún na Meán monatóireacht ar shonraí CÉI ar fud MSPanna agus SÁSPanna.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar anailís beartais agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara le **RTCEGSM**. **Coimisiún na Meán:** caighdeáin sonraí agus méadrachtaí chun a chinntiú go mbaileofar agus go bhfoilseofar sonraí comhsheasmhacha inchomparáide CÉI. **RTCEGSM** le breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha oiriúnach do MSPanna agus do SÁSPanna chun sonraí CÉI a bhailiú agus a fhoilsiú.

Amlíne le cur i gcrích: Foilsiú deonach na sonraí atá ar fáil chun ailíniú a dhéanamh le Straitéis CÉI atá dlite in **R4 2023** (Más oiriúnach, beidh bunús reachtúil le foilsiú faoi réir reachtaíocht leasaitheach a thabhairt ar aghaidh)

### MOLADH 2-4 CAIGHDEÁIN CÉI

Ba cheart do Choimisiún na Meán caighdeáin éagsúlachta a fhorbairt faoi R1 2024, agus is gá d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

Ba cheart don aonad taighde straitéiseach atá beartaithe laistigh de Choimisiún na Meán, i gcomhar le páirtithe leasmhara, forbairt agus cur i bhfeidhm uirlisí agus beart CÉI a chomhordú faoi R4 2023.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Tá an Rialtas tiomanta do thacú le dul chun cinn maidir le comhionannas ar fud ár sochaí. Maidir le feabhas a chur ar chaighdeáin éagsúlachta ar fud earnáil na meán, tá ár rialtóir craolacháin, ÚCÉ, ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe Inscne atá ann faoi láthair. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo eolas d'fhorbairt na Straitéise Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta ag Coimisiún na Meán chun dul chun cinn sa réimse seo a bhrú chun cinn.

Ní mór breithniú a dhéanamh ar an meicníocht is oiriúnaí chun an gníomh seo a chur i gcrích, cibé acu trí reachtaíocht phríomhúil chun cur ar chumas Choimisiún naá Meán oibleagáidí rialála ceangailteacha a chur i bhfeidhm nó trí thionscnamh deonach. Le forbairt na gcritéar do scéimeanna maoinithe atá molta sa Tuarascáil, tabharfar aghaidh ar chaighdeáin CÉI de réir mar is cuí.

Tabhair ar aird: Agus an moladh seo á chur i bhfeidhm, beifear ag tabhairt chomh maith faoi ghníomhartha atá beartaithe mar chuid de Phlean Gníomhaithe Náisiúnta an Rialtais in aghaidh Ciníochais

#### GNÍOMHARTHA:

- Mar chéad chéim, foilseoidh ÚCÉ a athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe Inscne in R1 2023. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo bonn eolais faoi fhorbairt na Straitéise CÉI ag Coimisiún na Mean
- Déanfaidh Coimisiún na Meán anailís ar na roghanna cur i bhfeidhm (i gcomhairle le páirtithe leasmhara)
- Déanfaidh Coimisiún na Meán machnamh ar an gcreat is oiriúnaí chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus ar mar is féidir monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh air.
- Tar éis do Choimisiún na Meán anailís a dhéanamh, déanfaidh an RTCEGSM breithniú ar cibé an bhfuil aon athrú reachtach ag teastáil

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar anailís beartais agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara le **RTCEGSM**. Breithniú a dhéanamh ar an gcreat is oiriúnaí chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus ar mar is féidir monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh (**Coimisiún na Meán**).

Amlíne: Foilseoidh ÚCÉ an t-athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe um Inscne in **R1 2023**. Forbróidh Coimisiún na Meán Straitéis CÉI faoi **R4 2023**

### MOLADH 2-5 BOIRD ÉAGSÚLACHTA AGUS CEANNAIREACHT

Ón mbliain 2022, ba cheart d'eagraíochtaí meán boird Éagsúlachta a bhunú a thugann comhairle do léiritheoirí maidir le hábhar a chomhchruthú agus a chabhraíonn leo an t-ábhar sin a chomhchruthú.

Ba cheart CÉI a phríomhshruthú ar fud eagraíochtaí meán. Cé gur cheart freagracht a dháileadh ar fud na heagraíochta, ba cheart cuntasacht a bheith ag leibhéal na bhfeidhmeannach sinsearach.

Ó 2022, ba cheart ceannasaí Éagsúlachta ag leibhéal na bhfeidhmeannach sinsearach a bheith ag eagraíochtaí móra MSP agus SÁSP ar nós RTÉ, TG4, agus Virgin Media TV, a bhfuil sé de chúram agus d'acmhainní orthu plean straitéiseach a chruthú lena gcuirtear sainchúram éagsúlachta ar fáil ar fud na heagraíochta. Ba chóir é sin a bheith le feiceáil le hionadaí ó phobal mionlaigh ar a mbord freisin. Go hidéalach, ba cheart cineál éigin tuairiscithe ar dhul chun cinn CÉI a bheith i gceist le gach post ceannaireachta ina réimsí oibre.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí CÉI a phríomhshruthú laistigh den earnáil (mar atá le gach earnáil eile den gheilleagar agus den tsochaí) agus go ndéanfadh MSPanna agus SÁSPanna faireachán agus tuairisciú cuí ar bhaint amach straitéisí agus gníomhartha. Mar sin féin, ní mór tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar an ngníomh seo maidir leis an gcur chuige is oiriúnaí maidir le cur i bhfeidhm, i bhfianaise neamhspleáchas na meán, agus na gníomhartha agus/nó na straitéisí a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm cheana féin ag comhlachtaí meán á gcur san áireamh.

Tabhair ar aird: Agus an moladh seo á chur i bhfeidhm, beifear ag tabhairt chomh maith faoi ghníomhartha atá beartaithe mar chuid de Phlean Gníomhaithe Náisiúnta an Rialtais in aghaidh Ciníochais

### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh Coimisiún na Meán comhairliúchán trí Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara chun scrúdú a dhéanamh ar indéantacht na mbord éagsúlachta ar fud na hearnála, agus déanfaidh sé taighde ar stádas reatha na straitéisí éagsúlachta srl. laistigh d'earnáil na meán
- Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil le RTÉ agus le TG4 maidir leis an moladh maidir le freagracht bhainistíochta shinsearach i leith CÉI laistigh de gach eagraíocht faoi seach agus déanfaidh sé moltaí maidir le tuilleadh gníomhaithe a d'fhéadfadh na MSPanna a bhreithniú

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: Tá **Comhairle na Meán** le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a chur i gcrích. Beidh **Coimisiún na Meán** ag plé le RTÉ & TG4 maidir leis an bhfreagracht mholta bainistíochta sinsearacha i leith CÉI.

Amlíne: le cur i gcrích faoi **R3 2024**

## MOLADH 2-6 OIDEACHAS, OILIÚINT AGUS FOSTAÍOCHT ÉAGSÚLACHTA

Ba chóir do ÚCÉ/do Choimisiún na Meán fóram a chur ar bun in éineacht le forais oideachais, páirtithe leasmhara a bhfuil taithí acu ar an eisiamh agus fostóirí sna meáin chun bealaí a shonrú inar féidir sruth daoine cumasacha éagsúla a fhorbairt agus chun bearnaí maidir le réimsí scileanna a shonrú.

Ba chóir do Choimisiún na Meán agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais dul i gcomhairle le hearnáil na meán le conairí printíseachta agus intéirneachta a fhorbairt. Ba chóir pá a bheith i gceist leo sin lena chinntiú gur féidir le réimse chomh hilchineálach den phobal agus is féidir cur isteach orthu agus páirt chóir chothrom a ghlacadh iontu.

Ba chóir do chomhlachtaí MSP a chinntiú go mbíonn oiliúint leordhóthanach ar scríbhneoirí agus ar léiritheoirí chun déileáil le hábhar éagsúlachta as 2024 amach.

Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán cód cleachtais a chur le chéile ina leagfar amach gur gá d'eagraíochtaí meán teagmháil a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta agus le grúpaí pobail nuair a bhíonn tuairisciú á dhéanamh nó snáitheanna scéil á bhforbairt a bhaineann le mionlaigh.

Ba chóir Príomhábhar Seirbhíse Poiblí, amhail eolas sláinte poiblí, a chur ar fáil mar aon le fotheidil i dteangacha a labhraítear i measc phobal na hÉireann, mar shampla, Béarla simplí, Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis agus Sínis. Léirítear leis sin an tábhacht a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le dreamanna nach é an Béarla ná nach í an Ghaeilge an phríomhtheanga atá acu.

## SEASAMH/FREAGRA:

Má tá an earnáil le bheith fadtéarmach agus inbhuanaithe, is gá mar sin go mbeifí ag féachaint uirthi mar dheis tharraingteach ó thaobh gairme de. Tá sé fíorthábhachtach chomh maith go mbíonn an t-ábhar a dhéantar agus na daoine a léiríonn é iomlán ionadaíoch ar ár sochaí. Déanfar na pointí éagsúla isteach sa ghairm a chíoradh agus déanfar plé ar na bealaí le go mbeadh teacht níos fearr ar an earnáil agus ar na slite ar féidir leas a bhaint as deiseanna oiliúna chun dul i ngleic leis na scileanna agus buanna a theastaíonn san earnáil. Úsáidfidh an Grúpa Feidhmithe líonraí agus straitéisí atá ann faoi láthair chun obair a dhéanamh leis an earnáil agus leis na gníomhaireachtaí oideachais/oiliúna chun dul i ngleic le bacainní agus le bearnaí i scileanna a aithnítear.

Tá sé ríthábhachtach fosta a chinntiú go mbeidh an t-ábhar a léirítear ionadaíoch ar an tsochaí agus go mbeidh sé tarraingteach don lucht féachana agus éisteachta is leithne agus is féidir agus, ag an am céanna, go ndéanfar ábhar sainspéise agus sainréimseach a léiriú ar bhonn leanúnach. Tá sé tábhachtach chomh maith a chinntiú go mbíonn an bonn eolais ceart faoi ábhar a bhíonn ag plé le cúrsaí comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta.

Forbróidh Coimisiún na Meán líonraí lena chinntiú go mbeidh oiliúint chuí i bhfeidhm chun tacú leis an earnáil, ag cur leis an obair ar tugadh fúithi cheana féin tríd na líonraí éagsúla a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú Foghlama agus Forbartha Earnála ÚCÉ, ó Ghrúpa Stiúrtha Screen Skills Ireland, ó chomhpháirtíochtaí maoinithe ÚCÉ le Fís Éireann, agus ó fhoinsí eile

Tabhair ar aird: Agus an moladh seo á chur i bhfeidhm, beifear ag tabhairt chomh maith faoi ghníomhartha atá beartaithe mar chuid de Phlean Gníomhaithe Náisiúnta an Rialtais in aghaidh Ciníochais

## GNÍOMHARTHA:

- Tá Coimisiún na Meán le dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara earnála agus leis an tsochaí shibhialta/eagraíochtaí neamhrialtasacha chun treoirlínte a fhorbairt maidir le tuairisciú a dhéanamh ar mhionlaigh nó scéalta a bhaineann le mionlaigh a fhorbairt, agus meicníochtaí faireacháin cuí a fhorbairt agus a chur i gcrích
- Tá Coimisiún na Meán le dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara earnála chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt creata oiliúna cuí CÉI
- Déanfaidh Coimisiún na Meán scrúdú (i gcomhar le MSP agus Ranna/comhlachtaí poiblí ábhartha) ar sholáthar príomhábhair dóibhsean nach é an Béarla ná nach í an Ghaeilge an phríomhtheanga atá acu.
- Déanfaidh Coimisiún na Meán, i gcomhar le RBATNE agus le páirtithe leasmhara ábhartha, na tascanna seo a leanas a chur i gcrích:
    - Na bealaí atá ann faoi láthair i dtreo gairm in earnáil na meán a aithint agus a leagan amach. Mar chuid de seo, dhéanfaí athbhreithniú ar na conairí éagsúla i dtreo gairmeacha i réimsí amhail an iriseoireacht, léiriúchán, róil chruthaitheacha, agus a leithéid.
    - Scrúdú a dhéanamh ar an stádas reatha a bhaineann le straitéisí ábhartha ardoideachais agus breisoideachais do gach cuid den ghairm agus na fadhbanna ó thaobh bacainní/inrochtana atá ann faoi láthair a shonrú (mar shampla, Plean Gníomhaithe don Phrintíseacht)
    - Na deiseanna nua oiliúna nó i gconairí gairme a fhiosrú san ardoideachas agus breisoideachas
    - Bealaí a fhiosrú lena chinntiú go bhfuil agus go mbeidh teacht ag raon leathan ionadaíoch den tsochaí ar chonairí gairme nua agus reatha (mar shampla, tacaíocht chuí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste)

## CEANNASAÍOCHT FREAGRACHTA AGUS AMLÍNE

Tá **ÚCÉ/Coimisiún na Meán le** bheith i gceannas agus an RTCEGSM le dul i mbun oibre leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais chun acmhainní a shainaithint chun an gníomh seo a chur i gcrích.

Amlíne: le cur i gcrích faoi **R4 2024**

## MOLADH 2-7 INROCHTAINEACHT

Ba cheart do Choimisiún na Meán guthanna daoine faoi mhíchumas a áireamh laistigh dá rollú. Ina theannta sin, ní mór dó dul i dteagmháil agus i gcomhpháirtíocht le hEagraíochtaí Míchumais agus le páirtithe leasmhara a bhfuil taithí bheo acu ar eisiamh agus ar inrochtaineacht. Cuirfidh sé seo scafall ar chur chuige claochlaitheach laistigh de thírdhreach meán na hÉireann agus cuirfear deis chothrom ar fáil leis chun cuspóir an Bhille um Rialacháin um Shábháilteacht ar Líne agus na Meán a chomhlíonadh chun freastal ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, go háirithe inrochtaineacht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá an Rialtas tiomanta do chinntiú go dtacófar le hearnáil na meán chun bheith iomlán ionadaíoch dár sochaí, agus go mbeidh ábhar na meán chomh hinrochtana agus is féidir. Leis an Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán, ceanglaítear ar Choimisiún na Meán rialacha a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le hinrochtaineacht seirbhísí meán closamhairc do dhaoine faoi mhíchumas a bhaineann le seirbhísí craolacháin agus seirbhísí físe ar éileamh. Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha agus na rialacha rochtana sin á n-ullmhú.

Leis an Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán tugtar an chumhacht do Choimisiún na Meán coistí comhairleacha a bhunú chun críocha sonracha. Dá réir sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar choiste a bhunú ar a mbeidh daoine faoi mhíchumas agus grúpaí ionadaíocha míchumais chun comhairle a chur air maidir le hinrochtaineacht seirbhísí meán do dhaoine faoi mhíchumas, maidir le leibhéil rannpháirtíochta daoine faoi mhíchumas i seirbhísí meán, agus maidir le hionadaíocht daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí meán agus trí sheirbhísí meán.

### GNÍOMHARTHA:

- Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil, de réir mar is cuí, le páirtithe leasmhara d'fhonn comhpháirtíocht a dhéanamh le grúpaí ionadaíochta do dhaoine faoi mhíchumas chun a chinntiú go gcuireann MSP ábhar cuimsitheach agus inrochtana ar fáil.
- Déanfaidh Coimisiún na Meán rialacha athbhreithnithe trína ndéanfar foráil d'inrochtaineacht seirbhísí meán closamhairc do dhaoine faoi mhíchumas
- Smaoineoidh Coimisiún na Meán ar choiste comhairleach a bhunú ar a mbeidh daoine faoi mhíchumas agus grúpaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas
- Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm freisin trí chéimeanna a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna CÉI níos leithne.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: le cur i gcrích faoi **R2 2024**

## CAIBIDIL 3: NA MEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ A MHAOINIÚ

Déanann an chuid chomhfhreagrach de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán anailís ar mhúnlaí maoinithe na Meán Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus déantar moltaí faoin gcaoi a bhféadfaí na samhlacha maoinithe a athrú.

### MOLADH 5-1 MÚNLA NUA MAOINITHE POIBLÍ DO NA MEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ

Molann an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Ón mbliain 2024, ba cheart go n-athródh foinse an mhaoinithe phoiblí le haghaidh MSP ón gcóras reatha Táille Ceadúnais Teilifíse in éineacht le cistí ginearálta an Státchiste go córas atá bunaithe go hiomlán ar chistí ginearálta an Státchiste;
- Cuirfear deireadh leis an gCeadúnas Teilifíse de réir a chéile sa bhliain 2024;
- Ó 2024 ar aghaidh, ba cheart maoiniú Státchiste le haghaidh MSP a bheith ag teacht ó ioncam cánach neamh-hipitéiseach, agus coigeartú cuí i gcánachas a dhéanamh chun an costas sin a íoc;
- Ba cheart go gcuimseodh an tsamhail nua mhaoinithe roinnt gnéithe dearaidh agus cosaintí chun cobhsaíocht agus intuarthacht an mhaoinithe a chinntiú; neamhspleáchas eagarthóireachta faighteoirí maoinithe a chosaint; trédhearcacht agus luach ar airgead a chinntiú don cháiníocóir; agus feidhm seirbhíse poiblí na meán in Éirinn a chothabháil agus a neartú;
- Chun cobhsaíocht agus intuarthacht an chistithe a áirithiú, ba cheart dámhachtainí a sholáthar ón bPríomh-Chiste ar bhonn ilbhliantúil, bunaithe ar thograí mionsonraithe costáilte ó Choimisiún na Meán, a oibríonn go neamhspleách ó pháirtithe leasmhara rialtais agus ó pháirtithe leasmhara na meán. Molann an Coimisiún go n-ullmhódh an Grúpa Feidhmithe moladh maidir leis an tréimhse leithdháilte ilbhliantúil tar éis tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na saincheisteanna. Molann an Coimisiún íostréimhse chistiúcháin trí bliana ar a laghad, agus aird á tabhairt ar thuillteanais tréimhse níos faide;
- Chun neamhspleáchas eagarthóireachta na bhfaighteoirí maoinithe a chosaint, ba cheart go gceanglódh an próiseas ceadaithe ar an Aire réasúnaíocht a chur i láthair go soiléir i gcás aon diúltú do thograí maoinithe (féach caibidil 8 le haghaidh tuilleadh sonraí);
- Chun trédhearcacht agus luach ar airgead a áirithiú, ba cheart a cheangal ar MSP tuarascáil ar luach ar airgead a fhoilsiú mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil, ina leagtar amach a bhfeidhmíocht in aghaidh critéir luacha ar airgead agus éifeachtúlacht arna mbunú ag Coimisiún na Meán;
- Ba cheart do Choimisiún na Meán tuarascáil a fhoilsiú, ar bhonn bliantúil, ina leagfar amach bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla maidir le feidhmíocht MSP agus a rannchuidiú sóisialta agus eacnamaíoch.
- Ba cheart do MSP agus SÁSPanna, i gcomhar le Coimisiún na Meán, straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht an phobail a mhúscailt agus an "conradh sóisialta" idir an pobal agus na meáin a fheabhsú, lena n-áirítear ról agus ranníocaíocht mhaoinithe Státchiste a chreidiúnú agus a chur in iúl go rialta trí aitheantas branda coiteann a úsáid;
- Ba cheart don Ghrúpa Feidhmithe, i gcomhar le MSP agus SÁSPanna, feachtas cumarsáide poiblí a chur i bhfeidhm chun an tsamhail nua mhaoinithe a mhíniú, ag cur béim ar a príomhfhiúntais lena n-áirítear inbhuanaitheacht, forchéimnitheacht agus cothromas feabhsaithe, agus maolú a dhéanamh ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige ar tháillí Ceadúnas Teilifíse sa tréimhse sula gcuirfear an tsamhail nua maoinithe i bhfeidhm.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá cinneadh déanta ag an Rialtas, d'fhonn nasc díreach a choinneáil idir na meáin agus an pobal a bhfreastalaíonn siad orthu, agus chun an riosca a bhaineann le cur isteach polaitiúil iarbhír nó braite i neamhspleáchas na meán a íoslaghdú, go gcoinneofar an ceadúnas teilifíse ach go ndéanfar athchóiriú air. Tá tús curtha le hobair ar na hathruithe reachtaíochta agus riaracháin a leagan amach a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh an córas ceadúnas teilifíse níos cothroime, níos ábhartha agus níos inbhuanaithe. Beidh sé

mar aidhm le hathchóiriú an cheadúnais teilifíse ailíniú a dhéanamh le nósanna féachana athraitheacha, dul i ngleic le himghabháil, an córas bailithe agus íocaíochta a shruthlíniú, agus ar an gcaoi sin leibhéal maoinithe níos inbhuanaithe a sholáthar don earnáil. Beidh níos mó trédhearcachta, cuntasachta agus maoirseachta ag gabháil leis na socruithe nua maoinithe, le ról méadaithe do Choimisiún na Meán agus do NewERA.

GNÍOMHARTHA:

- Bhunaigh an Rialtas Meitheal Oibre Teicniúil chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir leis an athchóiriú agus an feabhsú riachtanach a theastaíonn ar an gcóras reatha ceadúnas teilifíse chun soláthar cuí a dhéanamh do riachtanais mhaoinithe na meán seirbhíse poiblí in Éirinn.
- Tá an grúpa ag scrúdú réimse saincheisteanna lena n-áirítear dliteanas pá; na tacair sonraí agus an bunachar sonraí a theastaíonn chun tacú le haon chóras leasaithe; na córais bhailiúcháin agus forfheidhmithe is iomchuí; agus fráma ama le cur i bhfeidhm.
- Scrúdófar na creataí tuairiscithe reatha lena chinntiú go bhfuil an trédhearcacht riachtanach maidir le húsáid an chistithe phoiblí á cur ar fáil ag MSPanna agus go gcuirfear aon athruithe riachtanacha reachtaíochta i bhfeidhm.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: **RTCEGSM -** le tacaíocht ón **Meitheal Oibre Teicniúil**

Amlíne: Tá an Meitheal Oibre Teicniúil le tuairisciú ar dhul chun cinn don Rialtas in **R1 2023.** Tá an tathchóiriú ceadúnas teilifíse le cur i bhfeidhm faoi **R3 2024.**

## MOLADH 5-2 SOCRUITHE EATRAMHACHA MAOINITHE DON TRÉIMHSE 2021-2023

Molann an Coimisiún gur chóir an leibhéal foriomlán maoinithe phoiblí, a eascraíonn as fáltais Táillí Ceadúnais Teilifíse agus maoiniú Státchiste, a bheith cothrom le €274.6m, €287.7m, €292.7m sna blianta 2021, 2022 agus 2023 faoi seach.

SEASAMH/FREAGRA:

Mhol an Coimisiún go bhfaigheadh RTÉ, TG4 agus an Ciste Craolacháin infheistíocht bhreise le linn na tréimhse eatramhaí 2021-2023 — go dtí go dtabharfaí isteach samhail nua mhaoinithe. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil mhaoinithe riachtanacha agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an staid airgeadais agus ar chúinsí eacnamaíochta ó bhreithnigh an Coimisiún ar riachtanais chistiúcháin den chéad uair. Déanfar é seo i gcomhthéacs an phróisis Meastacháin agus Buiséadacha.

Mar chéim idirthréimhseach, tá €15 milliún á chur ar fáil in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar mholadh an Choimisiúin maidir le maoiniú le haghaidh RTÉ, agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don líon méadaitheach ceadúnas teilifíse saor in aisce a bhronntar ar fhaighteoirí phacáistí Sochair Teaghlaigh an RCS.

Cuirfear maoiniú breise €1.129m ar fáil d'Údarás Craolacháin na hÉireann don Chiste Craolacháin lena dtacaítear leis an scéim Fuaim agus Fís agus na scéimeanna cartlannaithe De réir na mbeart a fógraíodh i mBuiséad 2023, tá leithdháileadh €6m curtha ar fáil ag an Rialtas don Chiste Meán nua atá beartaithe, agus tugtar tús áite do bhunú scéimeanna Tuairiscithe Cúirteanna agus Daonlathais Áitiúil atá molta ag an gCoimisiún.

Tá €7.3 milliún breise leithdháilte ar TG4 in 2023, rud a chuirfidh ar a gcumas a straitéis iar-COVID a chur chun cinn (a bhfuil sé mar aidhm leis an rannpháirtíocht le lucht féachana níos óige a mhéadú, freastal níos fearr a dhéanamh ar phobail na Gaeilge, agus tacú le comhlachtaí cruthaitheacha réigiúnacha), agus tiomantas

leanúnach an rialtais dá Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus don Phlean Gníomhaithe 5 Bliana a ghabhann leis a bhaint amach.

### GNÍOMHARTHA:

- Is é an riachtanas anois bonn maoinithe inbhuanaithe neamh-Státchiste a cheapadh, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm do RTÉ agus do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gcoitinne
- Mura ndéantar, agus go dtí go ndéanfar an príomhchuspóir seo a sheachadadh go rathúil, b'fhéidir go mbeidh ar an Rialtas riachtanais mhaoinithe eatramhacha a bhreithniú arís.
- Go dtí go ndéanfar cinntí maidir le hathchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse, déanfar athbhreithniú ar riachtanais mhaoinithe féideartha RTÉ agus TG4
- Go dtí go ndéanfar cinntí ar athchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse, b'fhéidir go mbeidh ar an Rialtas breithniú a dhéanamh arís ar mhaoiniú don Chiste Meán nua
- Ní mór do na Ranna ábhartha breithniú a dhéanamh ar cheadúnais teilifíse saor in aisce a bhronntar ar fhaighteoirí phacáistí Sochair Teaghlaigh an RCS.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** i gcomhar leis an **Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** agus **an Roinn Coimirce Sóisialaí** (mar chuid de na meastacháin bhliantúla agus den phróiseas buiséadach)

Amlíne: Beidh an amlíne seo ag brath ar an amlíne chun bonn inbhuanaithe maoinithe a cheapadh, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm do na Meáin Seirbhíse Poiblí.

### MOLADH 5-3 FREAGRACHT AGUS TRÉDHEARCACHT A MHÉADÚ

Ó 2024 ar aghaidh, ba cheart ról reachtúil feabhsaithe a thabhairt do ÚCÉ/Coimisiún na Meán maidir le leibhéil an mhaoinithe a shocrú do MSP. Ina theannta sin, ba cheart cumais inmheánacha ÚCÉ/Choimisiún na Meán a fheabhsú de réir mar is iomchuí leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh.

Ó 2022 ar aghaidh, ba cheart don Rialtas RTÉ agus TG4 a ainmniú ina gcomhlachtaí faoi alt 19 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, agus, ar an gcaoi sin, an sochar iomlán a thabhairt don dá eagraíocht meán as an gcumas maoirseachta, comhairleach agus pleanála straitéisí atá ag an GBCN, ag NewEra agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais. Ina theannta sin, ba cheart don Rialtas leasuithe iomchuí reachtaíochta a dhéanamh, más gá, lena chinntiú nach gcuirfidh feidhmeanna maoirseachta agus comhairleacha an GBCN agus na gcomhlachtaí bainteacha isteach ar an neamhspleáchas eagarthóireachta atá ag RTÉ agus TG4.

Mar chuid den phróiseas chun teacht ar chinneadh maidir leis na riachtanais atá ag RTÉ agus TG4 ó thaobh maoinithe de, ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán dul i gcomhairle le réimse páirtithe leasmhara sa ghnáthchúrsa, NewERA ina measc.

Ó 2022 i leith, i gcomhairle le ÚCÉ/Coimisiún na Meán, ba chóir do RTÉ agus TG4 cur leis an anailís agus tuairisciú a dhéanann siad ar luach ar airgead, féachaint le héifeachtúlacht úsáid a gcuid acmhainní a léiriú agus a chur in iúl go héifeachtach.

Ó 2022 i leith, i gcomhairle le ÚCÉ/Coimisiún na Meán, ba chóir do RTÉ agus TG4 cur leis an anailís agus tuairisciú a dhéanann siad ar thorthaí feidhmíochta, lena n-áirítear sonraí a fhoilsiú maidir le costais san uair an chloig agus an sciar den lucht féachana, mar aon le pátrúin féachana, caidreamh leis an lucht féachana agus tuairimí an phobail.

### SEASAMH/FREAGRA:

Mar atá luaite thuas, níor ghlac an Rialtas le moladh an Choimisiúin aistriú chuig samhail iomlán maoinithe ón Státchiste le haghaidh MSP. Mar sin féin, aontaítear gur chóir an creat foriomlán don chuntasacht agus don mhaoirseacht a mheas i bhfianaise bhunú Choimisiún na Meán agus na seirbhísí comhairleacha a thugann NewERA do na hAirí ábhartha.

Agus RTÉ agus TG4 á n-ainmniú faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, ("Acht GBCN, 2014"), bheadh sé riachtanach na téarmaí tagartha atá i bhfeidhm idir NewERA agus an RTCEGSM i dtaca le RTÉ a athbhreithniú agus nósanna imeachta nó prótacal a fhorbairt. Bheadh sé riachtanach an prótacal a leathnú freisin chun seirbhísí comhairleacha NewERA i dtaobh TG4 a chuimsiú. Mar chuid den phrótacal sin thiocfadh nósanna imeachta a chur isteach ar chóir cloí leo i dtaca le ceapacháin chun an bhoird amach anseo sa dá eintiteas.

### GNÍOMHARTHA:

- Tús a chur leis an bpróiseas RTÉ agus TG4 a ainmniú faoi Acht GBCN, 2014. Tá an RTCEGSM le dul i mbun plé leis an RCPA agus leis an Roinn Airgeadais faoin ainmniú sin.
- Déanfar an creat maoirseachta do MSPanna a láidriú. Tabharfar aird ar leith ar neamhspleáchas MSPanna agus feidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán. (An RTCEGSM, Coimisiún na Meán agus NewERA)
- Rachaidh an RTCEGSM, Coimisiún na Meán agus NewERA i mbun plé le RTÉ agus TG4 faoin gcreat is fóirsteanaí le tuairisciú a dhéanamh ar chúrsaí feidhmíochta agus ar thorthaí airgeadais.
- Tá athbhreithniú le déanamh ar na téarmaí tagartha idir an RTCEGSM agus NewERA maidir le RTÉ agus seans ann go ndéanfaí prótacal nó nósanna imeachta nua a fhorbairt agus a leathnú le seirbhísí comhairleacha i dtaobh TG4 a chuimsiú

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

Tá an **Roinn Airgeadais** le ceannasaíocht a thabhairt i dtaobh RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí de chuid NewERA.
**An RTCEGSM, Coimisiún na Meán** agus **NewERA** chun creataí maoirseachta a fhorbairt le haghaidh MSPanna. Rachaidh an **RTCAGSM, Coimisiún na Meán agus** NewERA i mbun rannpháirtíochta le RTÉ agus le TG4 ar an gcreat is oiriúnaí maidir le tuairisciú ar fheidhmíocht agus ar thorthaí airgeadais. **Ó R3 2024** ar aghaidh, beidh ról feabhsaithe ag **Coimisiún na Meán** i dtaobh leibhéil mhaoinithe a shocrú do MSP.

Amlínte: Tá na creataí le forbairt faoi **R4 2023**. Leasuithe reachtacha faoi **R3 2024**

### MOLADH 5-4 RANNPHÁIRTÍOCHT LUCHT FÉACHANA

Molann an Coimisiún go dtabharfadh ÚCÉ/Coimisiún na Meán sraith beart isteach chun caighdeán na rannpháirtíochta MSP le lucht féachana a neartú. Ba cheart do Choimisiún na Meán measúnú bliantúil a fhoilsiú ar rannpháirtíocht na meán le lucht féachana, lena n-áirítear lucht féachana níos óige, i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha éagsúla páirtithe leasmhara agus ag tagairt do shamplaí idirnáisiúnta de dhea-chleachtas. Ba cheart do Choimisiún na Meán taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh ar thuairimí an phobail i leith MSP agus ar thaithí an lucht féachana.

### SEASAMH/FREAGRA:

Faoi láthair, foráiltear in Alt 96 den Acht Craolacháin 2009 go mbunóidh RTÉ agus TG4 comhairlí lucht féachana ar a bhfuil 15 duine chun tuairimí an phobail i gcoitinne a léiriú maidir le craolachán seirbhíse poiblí. Mar atá leagtha amach sa reachtaíocht, ba cheart do RTÉ agus do TG4 iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil comhdhéanamh na gcomhairlí lucht féachana ionadaíoch don phobal féachana agus éisteachta, agus tagairt ar leith á dhéanamh do phobail Ghaeltachta agus do dhaoine faoi mhíchumas a chuimsiú. Féadfaidh comhairlí

lucht féachana a cheangal ar chorparáidí suirbhéanna a dhéanamh nó a shocrú ar lucht féachana/éisteoirí níos óige nó scothaosta chun a dtuairimí nó a leasanna a dhearbhú. Féadfaidh comhairlí lucht féachana cruinnithe poiblí a reáchtáil agus a cheangal ar chorparáidí uair an chloig d'ábhar cláraithe a bhaineann leis an gcéanna a chraoladh. Ceanglaítear ar na comhairlí tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus féadfaidh an tAire a iarraidh go ndéanfaidh an Chomhairle tuarascálacha speisialta le linn bliain ar bith.

Rinne ÚCÉ taighde den chineál céanna sa réimse seo mar chuid dá Suirbhé Rianaithe Lucht Féachana CSP. Thug an ÚCÉ faoi thaighde ar dtús gach bliain ar feadh trí bliana, ach níor tháinig aon difríochtaí inaitheanta chun cinn i dtorthaí an taighde.  Molann ÚCÉ, dá bhrí sin, nár cheart taighde a bheith ag teastáil ar bhonn bliantúil ach d'fhéadfadh sé a mholadh go ndéanfaí timthriall trí bliana ar a laghad a mheas.

GNÍOMHARTHA:

- Leanfaidh Coimisiún na Meán ar aghaidh ag plé le MSP chun meastóireacht a dhéanamh ar struchtúir agus cleachtais rannpháirtíochta lucht féachana atá ann cheana
- Coimisiún na Meán le tuilleadh taighde lucht féachana a choimisiúnú ar an dearcadh i leith MSP
- Beidh Coimisiún na Meán ag plé le páirtithe leasmhara eile chun na bearta breise a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a chinneadh lena chinntiú go léiríonn rannpháirtíocht an lucht féachana éagsúlacht shochaí na hÉireann i gceart agus go n-aithneofaí réimsí ina bhféadfadh “bearnaí” sa tseirbhís/ábhar a bheith ann

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: le cur i gcrích faoi **R4 2023**

## MOLADH 5-5 MAOINIÚ EATRAMHACH DO RTÉ

Tar éis grinnscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar staid airgeadais RTÉ, molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas, sula dtabharfar isteach samhail nua maoinithe phoiblí in 2024, a chinntiú go maoinítear RTÉ, trí mheascán d'ioncaim Táillí Ceadúnais Teilifíse agus ranníocaíochtaí Státchiste, a mhéid €219 milliún in 2021, €213 milliún in 2022 agus €214 milliún in 2023.

Molann an Coimisiún freisin go leanfaidh RTÉ de bheith ag cloí lena Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024, agus go mbeadh sé faoi réir monatóireacht leanúnach agus athbhreithnithe tréimhsiúla ag NewERA chun faisnéis trádála atá cothrom le dáta a mheas. Más fearr an toradh maidir le hioncam tráchtála nó ioncam Táille Cheadúnais ná mar a bhíothas ag súil leis, ba cheart ranníocaíocht mhaoinithe an Státchiste a laghdú dá réir sin.

SEASAMH/FREAGRA:

Cé nach bhfuil glactha ag an Rialtas leis an moladh foriomlán chun bogadh chuig samhail de mhaoiniú díreach ón Státchiste ar MSP, glactar leis go gcaithfear breithniú a dhéanamh ar riachtanais mhaoinithe RTÉ, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe suntasacha a tharla sa mhargadh fógraíochta. Go dtí go dtabharfar isteach córas leasaithe ceadúnas teilifíse, breithneofar riachtanais mhaoinithe RTÉ mar chuid de na próisis bhliantúla Meastachán agus Buiséid.

Mar atá leagtha amach mar fhreagra ar Mholadh 5.2, tá €15 milliún á chur ar fáil in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar mholadh an Choimisiúin maidir le maoiniú le haghaidh RTÉ, agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don líon méadaitheach ceadúnas teilifíse saor in aisce a bhronntar ar fhaighteoirí phacáistí Sochair Teaghlaigh an RCS.

Leanfaidh RTÉ lena Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024 a chur i bhfeidhm, le tuairisciú rialta do DTCAGSM agus NewERA.

### GNÍOMHARTHA:

- Go dtí go ndéanfar athchóiriú ar an gcóras ceadúnas teilifíse, breithneofar riachtanais eatramhacha mhaoinithe RTÉ mar chuid den phróiseas bliantúil Buiséid agus Meastachán
- Leanfaidh RTÉ ag tuairisciú ar spriocanna na Straitéise Athbhreithnithe 2020-2024
- Beidh NewERA fós ag cuidiú leis an RTCEGSM le monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht RTÉ mar a bhaineann lena Straitéis Athbhreithnithe do 2020-2024, agus ina dhiaidh, de réir mar a dhéanfaidh RTÉ straitéisí chun dáta a ullmhú.
- Déanfaidh NewERA, nuair a iarrtar sin air athbhreithnithe tréimhsiúla a ullmhú nó comhairle airgeadais agus tráchtála a sholáthar do na hAirí ábhartha maidir le seasamh trádála/gníomhaíochtaí tráchtála reatha agus réamhaisnéise RTÉ.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** i gcomhar le **RCPA** (mar chuid de phróisis bhliantúla an Bhuiséid agus na Meastachán).

Amlíne: Faoi réir a mbreithnithe **i bpróisis bhliantúla an Bhuiséid agus na Meastachán.**

### MOLADH 5-6 FÓCAS AR LUACH AR AIRGEAD AGUS ÉIFEACHTÚLACHTAÍ

Molann an Coimisiún gur chóir do RTÉ leanúint dá Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024 a chur i bhfeidhm go hiomlán chun coigilteas costais spriocdhírithe agus fás ioncaim tráchtála a bhaint amach, agus tuairisciú rialta á dhéanamh aige don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus le comhairle agus maoirseacht ag NewERA.

Molann an Coimisiún gur cheart don Ghrúpa Feidhmithe próiseas neamhspleách chun leibhéil pá a thagarmharcáil ag RTÉ i gcomparáid le MSP eile laistigh d'Aontas Craolacháin na hEorpa a chur i gcrích.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá gnóthachtáil spriocdhírithe agus éifeachtúlachtaí spriocdhírithe RTÉ, mar aon le huasmhéadú ioncaim tráchtála, ina phríomhthosaíocht i gcónaí do RTÉ maidir le samhail oibriúcháin atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a fhorbairt. Cé go bhfuil spriocanna uaillmhianacha leagtha amach laistigh de Straitéis Athbhreithnithe RTÉ 2020-2024, ní mór tosaíocht a thabhairt freisin do dhíriú ar éifeachtúlachtaí fadtéarmacha eile, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar DTCAGSM agus NewERA.

Ní féidir cinneadh na leibhéal pá agus na struchtúr cuí laistigh dár gcraoltóirí seirbhíse poiblí a thagarmharcáil i gcoinne chomhpháirtithe Aontas Craolacháin na hEorpa amháin, ach ní mór dóibh machnamh a dhéanamh ar an margadh saothair baile níos leithne agus ar fhachtóirí eacnamaíocha eile. De réir stádas neamhspleách an dá chraoltóir náisiúnta mar bhonn taca in Alt 98 den Acht Craolacháin, 2009, is ábhar do gach MSP amháin atá cinneadh an phá.

### GNÍOMHARTHA:

- Leanfaidh RTÉ de na bearta a sainaithníodh ina Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024 a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar dhul chun cinn de réir mar is gá.

- Chomh maith leis sin, tabharfaidh RTÉ tús áite do dhíriú ar éifeachtúlachtaí fadtéarmacha eile agus tabharfaidh sé tuairisc ar dhul chun cinn don RTCEGSM agus NewERA.
- Áiritheoidh MSPanna go mbeidh creat iomchuí i bhfeidhm chun struchtúir phá agus ghráid a chinneadh
- Cuirfidh RTÉ a athbhreithniú leanúnach ar struchtúir ghrád agus pá i gcrích, agus glacfaidh sé (de réir mar is gá agus is cuí) straitéis chun a thorthaí a chur i bhfeidhm
- Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe breithniú ar an moladh maidir le leibhéil phá a thagarmharcáil in RTÉ (lena n-áirítear athbhreithniú ar chostais fhoriomlána a bhaineann le pá)
- Beidh NewERA fós ag cuidiú leis an RTCEGSM le monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht RTÉ mar a bhaineann lena Straitéis Athbhreithnithe do 2020-2024, agus ina dhiaidh, de réir mar a dhéanfaidh RTÉ straitéisí chun dáta a ullmhú.
- Ina theannta sin, ullmhóidh NewERA, nuair a iarrtar sin air, athbhreithnithe tréimhsiúla nó cuirfidh sé comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil do na hAirí ábhartha maidir le seasamh trádála/gníomhaíochtaí tráchtála reatha agus réamhaisnéise RTÉ.

### FREAGRACHTAÍ & AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** – tacaíocht ó: **NewERA, MSPanna**

Amlíne: **R3 2024**

### MOLADH 5-7 RTÉ CHUN INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH SA NUÁLAÍOCHT

Faoi R2 2023, ba cheart do RTÉ plean straitéiseach bainistithe sócmhainní caipitil a fhorbairt, i ndlúthchomhairle le NewERA, agus tograí a chur faoi bhráid an Ghrúpa Feidhmithe maidir le sócmhainní a choinneáil nó a dhiúscairt, lena n-áirítear saoráidí stiúideo ag a shuíomh Montrose, agus 2RN.

Ba cheart do RTÉ leanúint dá straitéis dhigiteach a fhorbairt agus a infheistiú ina straitéis dhigiteach atá dírithe ar theicneolaíocht phearsantaithe, bailiú sonraí céadpháirtí, innill mholta ábhair agus eispéiris úsáideoirí bunaithe ar shíniú aonair do gach seirbhís MSP.

Ba cheart do RTÉ deireadh a chur le seirbhísí tarchurtha Fadtoinne sa ghearrthéarma. Ba cheart don Ghrúpa Feidhmithe dul i dteagmháil le RTÉ chun bealaí malartacha a aithint chun freastal ar riachtanais a lucht féachana fadraoin.

### SEASAMH/FREAGRA:

Is príomhthosaíocht é freastal ar riachtanais athraitheacha tomhaltóirí do na TSCanna, agus RTÉ go háirithe. Leanann RTÉ ag obair ar fheabhsuithe ar an Seinnteoir agus tá scrúdú á dhéanamh acu ar "síniú isteach" a thabhairt isteach chun sonraí a ghabháil agus an taithí féachana a fheabhsú.

Ba cheart don fhorbairt ar phlean straitéiseach bainistithe sócmhainní caipitil a bheith mar chuid de straitéis 5 bliana nua ag RTÉ. Is faoin eagraíocht féin atá sé plé le ceisteanna a bhaineann le diúscairt sócmhainní (i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar shampla, agus de réir na reachtaíochta), ach beidh na ceisteanna sin mar chuid den phlé rialta leis an RTCEGSM agus NewERA a chúrsaí rialachais agus airgeadais.

### GNÍOMHARTHA:

- Iarrfar ar RTÉ moltaí a thabhairt i dtaca lena straitéis don bhainistiú sócmhainní caipitil. Féachfar go háirithe ar úsáid leanúnach a bhaint as fáltais ó dhiúscairt sócmhainní chun ath-infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus nuálaíocht.

- Déanfaidh RTÉ athruithe fóirsteanacha ar an Seinnteoir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus beifear ag féachaint go háirithe lena chinntiú go mbeidh sé ag teacht le riachtanais agus roghanna an lucht féachana
- Déanfaidh RTÉ moladh a fhorbairt chun seirbhísí fadtoinne a dhíchoimisiúnú, i gcomhairle leis an RTCEGSM agus leis an RGE.
- Tabharfaidh NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála do na hAirí ábhartha i dtaca le haon plean bainistithe sócmhainní caipitil a fhorbróidh RTÉ. Má iarrtar a leithéid, tá NewERA toilteanach dul i mbun plé le RTÉ agus an plean á fhorbairt, go háirithe ó tharla ról leanúnach a bheith ag NewERA monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024.

## FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: **RTÉ** chun straitéis a fhorbairt don bhainistiú sócmhainní caipitil, faoi réir athbhreithniú ag **NewERA agus an RTCEGSM**.
Tá **RTÉ** leis an Seinnteoir a fhorbairt agus athruithe air a chur sa siúl.
Tá **RTÉ** i gcomhairle leis an **RTCEGSM** agus an **RGE** le forbairt a dhéanamh ar mholadh chun seirbhísí fadtoinne a dhíchoimisiúnú.

Amlíne: lena chur i gcrích faoi **R1 2024**

## MOLADH 5-8 IONCAM TRÁCHTÁLA A FHORBAIRT

Molann an Coimisiún go mbreathnódh RTÉ arís ar a chur chuige maidir le hioncam a fhorbairt ó ghníomhaíochtaí tráchtála i margaí idirnáisiúnta a bhaineann lena chatalóg de Chearta Maoine Intleachtúla. Mar chuid dá athbhreithniú ba cheart do RTÉ dul i gcomhairle leis an GBCN maidir leis an deis a bheadh ann infheistíocht straitéiseach a ghiaráil trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann nó foinsí eile, a d’fhágfadh go mbeadh sé in ann leas níos fearr a bhaint as an Maoin Intleachtúil le comhpháirtithe comhléirithe. Ina theannta sin, ba cheart do RTÉ dul i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i dtaca leis an ról a d’fhéadfadh a bheith ag an eagraíocht maidir le hearnáil closamhairc na hÉireann a fhorbairt a thuilleadh.

## SEASAMH/FREAGRA:

Leanfar de mhaoiniú RTÉ a bheith á thacú ag dhá shamhail de mhaoiniú poiblí tríd an gceadúnas teilifíse (leasaithe) agus ioncam tráchtála. Tá oibleagáid ar RTÉ (agus beidh sé fós) leas a bhaint as deiseanna tráchtála a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Cé gur faoi RTÉ go príomha atá sé cinntí tráchtála a dhéanamh maidir le fáltais/coimisiúin nua agus teacht i dtír ar chúlchatalóga, leanfaidh an Roinn agus NewERA ar aghaidh ag athbhreithniú tograí a fuarthas ó RTÉ.

Mar a leagtar amach thuas, beidh RTÉ ina chomhlacht ainmnithe faoi Acht GBCN 2014 agus, dá bhrí sin, cuirfidh NewERA seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála ar fáil do na hAirí ábhartha de réir mar is gá nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar impleachtaí airgeadais na ndeiseanna infheistíochta arna dtuairisciú ag RTÉ.

## GNÍOMHARTHA:

- Iarrfar ar RTÉ scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun leas a bhaint as cúlchatalóga ar bhonn tráchtála
- Cuirfidh NewERA seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála ar fáil do na hAirí ábhartha de réir mar is gá agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le deiseanna infheistíochta arna dtuairisciú ag RTÉ.
- Cabhróidh NewERA le haon rannpháirtíocht bheartaithe a éascú idir RTÉ agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann de réir mar is gá.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS

An Roinn i gCeannas: **RTÉ**, deiseanna infheistíochta atá le scrúdú ag RTÉ, le NewEra ag cur seirbhísí comhairleacha ar fáil do na hAirí nó na Ranna ábhartha maidir leis na deiseanna a thuairiscíonn RTÉ.

Amlíne – **R1 2024**

### MOLADH 5-9: RTÉ CHUN MAOINIÚ EASNAIMH A LAGHDÚ AGUS CAITEACHAS A CHOBHSÚ

Molann an Coimisiún gur cheart do RTÉ a spleáchas ar mhaoiniú easnaimh a laghdú go suntasach. Ba cheart do NewEra moltaí a ullmhú ina leith seo.

Molann an Coimisiún freisin go bhforbróidh NewERA tograí le haghaidh sásra chun caiteachas RTÉ a theorannú sa chaoi is go mbeidh srian sealadach ar ioncam ó ghníomhaíocht tráchtála nó ó fhoinsí eile chun críocha straitéiseacha nó sonracha sonraithe (e.g. amúchadh fiachais, caiteachas caipitiúil) seachas caiteachas ginearálta.

### SEASAMH/FREAGRA:

Ós rud é go bhfuil cinneadh déanta ag an Rialtas gan glacadh le samhail mhaoinithe díreach an Státchiste atá molta ag an gCoimisiún, agus ina ionad sin cinneadh a dhéanamh an tsamhail ceadúnas teilifíse atá ann cheana a athchóiriú agus a fheabhsú, ní dócha go mbeidh teorainn le caiteachas RTÉ indéanta nó cuí. Tá sé i gceist leis an athchóiriú atá beartaithe ar an gcóras ceadúnas teilifíse foráil a dhéanamh do shamhail mhaoinithe níos inbhuanaithe do na Meáin Seirbhíse Poiblí.

Cuirfidh NewERA comhairle ar fáil don Aire agus d'oifigigh, áfach, maidir le haon straitéis a d'fhorbair RTÉ ina leith seo. Ina theannta sin, mar chuid dá fheidhm monatóireachta leanúnach, leanfaidh NewERA de bheith i mbun idirchaidrimh le RTÉ maidir lena staid airgeadais fhoriomlán, ag coinneáil an RTCEGSM/ RCPA ar an eolas.

### GNÍOMHARTHA:

- Leis na creataí nua maoirseachta atá beartaithe (féach an fhreagairt ar Mholadh 5.3), beifear in ann monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht MSP agus ar na torthaí airgeadais.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM** – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán, NewERA, RTÉ**

Amlíne: **Leanúnach**

### MOLADH 5-10: COMHOIBRIÚ LEIS AN EARNÁIL LÉIRIÚCHÁIN NEAMHSPLEÁCH

Ba cheart leibhéal maoinithe Chuntas Cláir Neamhspleách RTÉ a mhéadú sa mheántéarma (faoi 2027) go 25% de mhaoiniú poiblí RTÉ, agus san fhadtéarma go dtí cion atá le moladh ag ÚCÉ/Coimisiún na Meán tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh. Ba cheart Alt 116 den Acht Craolacháin 2009 a leasú dá réir sin.

### SEASAMH/FREAGRA:

Is tosaíocht shoiléir fós é ábhar ardchaighdeáin a léirítear sa bhaile a fhorbairt do lucht féachana na hÉireann. Aontaíonn an Rialtas gur cheart do Choimisiún na Meán breithniú a dhéanamh ar impleachtaí an mholta chun íoschaiteachas reachtúil RTÉ ar léiriúchán neamhspleách a mhéadú go 25%, an leibhéal cuí tacaíochta fadtéarmach don earnáil léiriúcháin neamhspleách, agus tuairisc a thabhairt ar an toradh, lena n-áirítear aon leasuithe reachtúla riachtanacha ar Alt 116 den Acht Craolacháin ar TCAGSM.

Nuair a dhéantar athruithe ar an gcuntas neamhspleách léiriúcháin a bhreithniú, cuirfear maoiniú foriomlán RTÉ san áireamh, agus i dteannta an mholta chun an leibhéal maoinithe atá ar fáil don scéim Fuaim agus Fís a mhéadú.

## GNÍOMHARTHA:

- Scrúdóidh Coimisiún na Meán na himpleachtaí a bhaineann le caiteachas íosta reachtúil ar léiriúcháin neamhspleácha a mhéadú agus tuairisciú ar thorthaí, lena n-áirítear aon leasuithe reachtacha riachtanacha ag féachaint do réimse leathan ábhar, go háirithe cuspóirí agus plean straitéiseach an chraoltóra, a ghealltanais dhlíthiúla reatha agus an leibhéal maoinithe atá ar fáil chun tacú lena shainchúram reachtúil
- Déanfar aon athruithe reachtacha is gá a thabhairt chun cinn lena mbreithniú i gcomhthéacs an athchóirithe reachtaigh níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil

## FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R1 2024**

## CAIBIDIL 4: TACAÍOCHT D'ÁBHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS D'EARNÁIL NA MEÁN I GCOITINNE

Déantar cur síos sa chuid chomhfhreagrach de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ar na meicníochtaí tacaíochta reatha d'earnáil na meán. Tugtar moltaí chomh maith faoin dóigh a bhféadfaí é sin a leathnú agus a fheabhsú.

### MOLADH 6-1: AN CISTE CRAOLACHÁIN A THIONTÚ INA CHISTE MEÁN

Ciste Meán nua a chur in ionad an Chiste Craolacháin. Méadófar a raon feidhme go mór freisin agus cuirfear sé scéim nua leis na Scéimeanna Fuaim agus Fís agus Cartlainne atá ann faoi láthair

#### SEASAMH/FREAGRA:

Tá uirlis éifeachtach cruthaithe ag an gCiste Craolacháin chun tacú le cruthú ábhar do lucht féachana raidió agus teilifíse na hÉireann.  Má dhéantar an Ciste Craolacháin a chomhshó ina Chiste Meán níos leithne, beifear in ann raon níos leithne tacaíochtaí a thabhairt d'earnáil na meán agus déanfar maoiniú le 6 scéim nua a bheith oscailte le priontáil agus ar líne chomh maith le meáin chraolta. Tá an moladh seo ina chuid lárnach den chlár bunathraithe do na meáin in Éirinn sna deich mbliana atá romhainn.

Mar chéim láithreach, tá €6 milliún á chur ar fáil in 2023 chun tús a chur leis an gCiste Meán. Is iad na tosaíochtaí tosaigh don Chiste na scéimeanna Tuairiscithe Cúirteanna agus Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in 2023. Beidh sé seo oscailte do na meáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de.

Foráiltear do bhunú an Chiste Meán ar bhonn riaracháin in Alt 7 (5) den Acht Craolacháin, 2009, (arna ionadú le hAlt 8 den Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil Meán).

#### GNÍOMHARTHA:

- Beidh an RTCEGSM i gceannas ar bhunú Chiste na Meán ar bhonn riaracháin, lena n-áirítear prionsabail leathana polasaithe, Comhaontuithe Seirbhíse le ÚCÉ/Coimisiún na Meán, sreabhadh cistí Státchiste etc.
- Oibreoidh Coimisiún na Meán leis an RTCEGSM ar dhearadh mionsonraithe na scéimeanna tosaíochta atá le cur i bhfeidhm in 2023 a fhorbairt
- Breithneofar leibhéil mhaoinithe leanúnacha do Chiste na Meán i gcomhthéacs athchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse agus na bpróiseas bliantúil Buiséid agus Meastacháin araon.

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: Ciste na Meán a bhunú ar bhonn riaracháin **ó dheireadh 2023,** agus ar bhonn reachtúil ina dhiaidh sin, faoi réir reachtaíocht riachtanach a rith.

## MOLADH 6-2: SCÉIM TUAIRISCITHE DAONLATHAIS ÁITIÚIL A BHUNÚ

Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a bhunú ó 2022

### SEASAMH/FREAGRA:

Agus aitheantas á thabhairt gur gá cabhrú leis na meáin ar gach leibhéal, ar cheann de na príomh-mholtaí sa tuarascáil táthar ag moladh tacaíocht níos mó a chur ar fáil d'earnáil na meán i gcoitinne – go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Ceann de na tacaíochtaí tiomnaithe do na meáin phobail is ea Cúirteanna Scéime Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a dtabharfaidh Coimisiún na Meán á tús áite dóibh a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2023. Cinnteoidh an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil go mbeidh na meáin áitiúla in ann an pobal a choinneáil ar an eolas faoi réimsí amhail Fóraim Sláinte Réigiúnacha, Comhchoistí Póilíneachta agus Údaráis Áitiúla - cuirfidh sé maoiniú breise ar fáil do cheantair Ghaeltachta.

Tá leithdháileadh de €6 milliún á chur ar fáil do Chiste na Meán in 2023, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an Scéim a thabhairt isteach.

### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt
- Cuirfidh Coimisiún na Meán tús leis an obair láithreach ar an Scéim nua Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil toisc go bhfuil sé beartaithe an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2023. Táthar le Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt agus a chur ar bun idir an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán ina leith seo
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg
  Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannais agus comhpháirtithe: An **RTCEGSM** (mórpharaiméadair na scéime a dhréachtú) — Tacaíocht ó **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** (scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach)

Amlíne: An scéim le bheith deartha go mionsonraithe **faoi dheireadh R2 in 2023**

## MOLADH 6-3: TACAÍOCHTAÍ A LEAGAN AMACH DON AISTRIÚ DIGITEACH

Straitéis a fhorbairt don nuálaíocht agus don aistriú digiteach faoi R4 2024

Scéim spriocdhírithe a dhearadh don aistriú digiteach i gcás SÁSPanna faoi R4 2024

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá an rialtas ag teacht leis an tuairim go gcaithfear tacaíochtaí a dhearadh don aistriú digiteach lena chinntiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí inbhuanaithe sna meáin a bhfuil cuidiú uathu má tá siad le bheith nuálach agus aistriú sa timpeallacht dhigiteach faisnéise. Dá réir sin, déanfar forbairt ar straitéis don aistriú digiteach agus déanfar forbairt ar scéim don aistriú digiteach ina mbeifear ag plé leis an leibhéal maoinithe.

GNÍOMHARTHA:

- Coimisiún na Meán chun forbairt a dhéanamh ar straitéis don nuálaíocht agus straitéis don aistriú digiteach
- Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg
  Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/ Coimisiún na Meán** le mórpharaiméadair na scéime a dhréachtú, **an Grúpa Feidhmithe** le cinneadh a dhéanamh ar an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag brath ar mhaoiniú, **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** leis an scéim a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na scéime.

Amlíne: Straitéis a fhorbairt don nuálaíocht agus don aistriú digiteach **faoi 2024**; scéim spriocdhírithe a dhearadh don aistriú digiteach i gcás SÁSPanna agus ar bhonn reachtúil ina dhiaidh sin, an méid sin ag brath ar an reachtaíocht riachtanach a rith.

## MOLADH 6-4: SCÉIMEANNA UM THUAIRISIÚ NUACHTA A BHUNÚ

Scéimeanna um Thuairisciú Nuachta a Bhunú faoi R4 2022

SEASAMH/FREAGRA:

Tá an Rialtas den tuairim chéanna go bhfuil fiúntas ag baint le tacaíocht a thabhairt don iriseoireacht nuair a bhítear ag tuairisciú ar nithe a bhaineann le leas an phobail nach mbítear ag tuairisciú an oiread sin, nó atá i mbaol an ghannsoláthair. Ba chóir scéimeanna mar sin a bheith inchoimhlinte agus neodrach ó thaobh an ardáin de. Tá samplaí reatha ann mar eiseamláirí d'iriseoireacht den chineál céanna a bhaineann le leas an phobail agus a fhaigheann tacaíocht, mar Chiste Dúshláin na Meán atá ag Éire Dhomhanda agus Ciste Simon Cumbers na Meán mar atá ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, a chuireann maoiniú inchoimhlinte trasardáin ar fáil don iriseoireacht atá dírithe ar thíortha i mbéal forbartha, chun éascaíocht a dhéanamh ar na meáin Éireannacha plé le himeachtaí suntasacha geopholaitíochta agus chun tuiscint phobal na hÉireann a chothú agus a oscailt i dtaobh ról na hÉireann ar fud na cruinne.

GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg
- Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne**:** Scéim um Thuairisciú Nuachta a bhunú faoi **R4 2024,** agus í ar bhonn reachtúil dá éis sin ag brath ar an reachtaíocht riachtanach a rith.

## MOLADH 6-5: SCÉIMEANNA UM THUAIRISCIÚ AR CHÚIRTEANNA A BHUNÚ

Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a bhunú faoi R4 2022

### SEASAMH/FREAGRA:

Agus aitheantas á thabhairt gur gá cabhrú leis na meáin ar gach leibhéal, ar cheann de na príomh-mholtaí sa tuarascáil táthar ag moladh tacaíocht níos mó a chur ar fáil d'earnáil na meán i gcoitinne – go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Ceann de na bearta tacaíochta tiomnaithe do mheáin an phobail ná Scéim um Thuairisciú ar Chúirteanna. Tabharfaidh Coimisiún na Meán tús áite don mhéid sin lena chur i bhfeidhm faoi 2023. Fágfaidh an Scéim um Thuairisciú ar Chúirteanna go mbeifear in ann tuairisciú níos fearr a chur ar fáil ó chúirteanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, cúirteanna an chróinéara san áireamh.

Tá leithdháileadh de €6 milliún á chur ar fáil do Chiste na Meán in 2023, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an Scéim a thabhairt isteach.

Déanfar bunú na Scéime ar bhonn riaracháin a chumasú le halt 7(5) den Acht Craolacháin, 2009 (arna ionadú le halt 8 den Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne).

### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt
- Cuirfidh Coimisiún na Meán tús leis an obair láithreach ar an Scéim nua um Thuairisciú ar Chúirteanna toisc go bhfuil sé beartaithe an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2023. Táthar le Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt agus a chur ar bun idir an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán ina leith seo.
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg
- Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh
- Rachaidh ÚCÉ i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara amhail Seirbhís Chúirteanna na hÉireann, na meáin chlóite, Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí, srl. - a bheidh riachtanach cuspóirí, paraiméadair, córais agus meicníochtaí na scéime a chinneadh

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM** (le mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt) – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán** (le Scéim um Thuairisciú ar Chúirteanna a chur i bhfeidhm)

Amlíne: Dearadh mionsonraithe na Scéime atá le comhlánú faoi dheireadh **R2 2023**

## MOLADH 6-6: SCÉIM ROCHTANA AGUS OILIÚNA DO NA MEÁIN A BHUNÚ

Scéim Rochtana agus Oiliúna do na Meáin a Dhearadh R2 2023

Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha sparánachta sa Bhille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán faoi 2024

### SEASAMH/FREAGRA:

An Grúpa Feidhmithe chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais maidir le maoiniú féideartha don scéim. D'fhógair Straitéis 2021-2023 na Roinne Ardoideachais agus Breisoideachais ollchóiriú a dhéanamh ar an gcóras Printíseachta agus plean nua a fhorbairt chun printíseachtaí a mhéadú go 10,000 gach bliain. Díreoidh an rannpháirtíocht ar scéimeanna spriocdhírithe oiliúna agus rochtana a éascú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. D'fhógair an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Straitéis Náisiúnta um Shonraí Comhionannais chun bailiú agus scaipeadh sonraí comhionannais a fheabhsú - d'fhéadfadh na sonraí comhionannais seo cabhrú le grúpaí faoi ghannionadaíocht a aithint sna meáin chomh maith le díriú ar sparánachtaí, intéirneachtaí agus oiliúint éagsúlachta.

Cuirtear rochtain, oiliúint agus forbairt ar fáil d'earnáil na meán trí réimse tionscnamh — d'oibrigh ÚCÉ go dlúth le Skillnet Ireland, trí roinnt líonraí chun tionscnaimh oiliúna agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar; d'fhorbair Screen Skills Ireland go leor clár agus ardán chun rochtain a sholáthar ar an earnáil agus tá sé ag obair go dlúth le hinstitiúidí tríú leibhéal chun cáilíochtaí creidiúnaithe a sholáthar agus cosáin ghairme a mhúnlú sna tionscail scáileáin; Soláthraíonn Learning Waves oiliúint ar ardchaighdeán d'earnáil neamhspleách raidió na hÉireann, lena n-áirítear trí rochtain agus scéimeanna fostaíochta don aos óg, amhail an Clár Céimithe Iriseoireachta arna mhaoiniú ag ÚCÉ.

### GNÍOMHARTHA:

- I gcomhréir leis na gníomhartha atá molta mar fhreagra ar Moladh 2-6, déanfaidh Coimisiún na Meán, i gcomhar le RFHERIS agus páirtithe leasmhara ábhartha, na tascanna seo a leanas ar dtús sula ndéanfar scéim a dhearadh go mionsonraithe:
    - Na bealaí atá ann faoi láthair i dtreo gairm in earnáil na meán a aithint agus a leagan amach. Mar chuid de seo, dhéanfaí athbhreithniú ar na conairí éagsúla i dtreo gairmeacha i réimsí amhail an iriseoireacht, léiriúchán, róil chruthaitheacha, agus a leithéid.
    - Scrúdú a dhéanamh ar an stádas reatha a bhaineann le straitéisí ábhartha ardoideachais agus breisoideachais do gach cuid den ghairm agus na fadhbanna ó thaobh bacainní/inrochtana atá ann faoi láthair a shonrú (mar shampla, Plean Gníomhaithe don Phrintíseacht)
    - Na deiseanna nua oiliúna nó i gconairí gairme a fhiosrú san ardoideachas agus breisoideachas
    - Bealaí a fhiosrú lena chinntiú go bhfuil agus go mbeidh teacht ag raon leathan ionadaíoch den tsochaí ar chonairí gairme nua agus reatha (mar shampla, tacaíocht chuí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste)
- An RTCEGSM le mórpharaiméadair na scéime a leagan amach
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin, más oiriúnach
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg, más oiriúnach
- Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh

- Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar fhorálacha na sparánachta laistigh de dhá bhliain ó thosach feidhme na scéime

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar fhorbairt na scéime agus rachaidh sé i gcomhairle leis an **RBATNE** agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile.

Tá **Coimisiún na Meán** le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha sparánachta san Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne.

Amlíne: Scéim Rochtana do na Meáin: **R4 2024**, faoi réir reachtaíocht a rith lena gcumasaítear Ciste Meán a bhunú ar bhonn reachtúil. Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha sparánachta san Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán **faoi 2024.**

### MOLADH 6-7: SCÉIM UM MEÁIN PHOBAIL A BHUNÚ

Taighde a dhéanamh ar an tacaíocht is fearr do na Meáin Phobail faoi R4 2023

Ciste Meán Pobail a bhunú faoi 2024

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá ról tábhachtach ag na meáin phobail san earnáil i gcoitinne. Cuireann siad ábhar saincheaptha ar fáil do phobail ar leith, bíonn siad ag gníomhú mar fhoinse eolais áitiúil agus tá ról acu naisc sa phobal a bhuanú.

I láthair na huaire, cuireann ÚCÉ cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais ar fáil do na meáin phobail (maoiniú dá gcomhlachtaí ionadaíocha san áireamh). Tá an Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail i bhfeidhm le breis agus 20 bliain. Faoin scéim, tugtar maoiniú do chraoltóirí pobail le gur féidir leo tabhairt faoi thionscadail agus iad a chur i gcrích atá dírithe ar a stáisiún féin a fhorbairt mar eagraíocht le go mbeidh siad in ann freastal ar a bpobal. Glactar leis go dteastaíonn tuilleadh taighde le go mbeifear in ann an cineál is fearr tacaíochta a fhorbairt don earnáil seo.

### GNÍOMHARTHA:

- ÚCÉ le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail le dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo.
- Déanfaidh ÚCÉ taighde ar an tacaíocht atá ann cheana féin do na meáin phobail, deiseanna maoinithe phoiblí san áireamh (mar shampla, maoiniú ó Pobal nó Solas)
- Coimisiún na Meán le taighde a dhéanamh ar an tacaíocht atá ann cheana do na Meáin Phobail agus leis an gcóras tacaíochta is fearr a mheas
- An RTCEGSM le mórpharaiméadair na scéime a leagan amach
- Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin
- Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg, más oiriúnach
- Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlínte: Taighde ar Chiste Meán Pobail faoi R4 2023, Ciste Meán Pobail a bhunú ar bhonn reachtúil ag brath ar an reachtaíocht a rith le go mbeifear in ann Ciste Meán a chur ar bun.

### MOLADH 6-8: AN LEIBHÉAL MAOINITHE DO CHISTE MEÁN

Molann an Coimisiún go ndéanfar méid iomlán €30 milliún in aghaidh na bliana a leithdháileadh ar an gCiste Meán in 2022 agus 2023, faoi réir ag na scéimeanna molta ar fad a bheith i ngníomh. As an leithdháileadh foriomlán sin, ba cheart €3 milliún in aghaidh na bliana a chur ar leataobh don Chiste Daonlathais Áitiúil agus ba cheart ardú €2 milliún a sholáthar don Scéim Fuaim agus Fís, agus an fuílleach a leithdháileadh ar Chiste na Meán de réir mar a chinnfidh an Grúpa Forfheidhmithe agus ÚCÉ/Coimisiún na Meán.

### SEASAMH/FREAGRA:

An leibhéal iomlán maoinithe a mhol an Coimisiún do Chiste nua na Meán ná €30 milliún.  Tá an Rialtas den tuairim chéanna gur gá tacú le Ciste nua do na Meáin chun tacú leis an earnáil i gcoitinne. Aithníonn an Rialtas go mbeidh maoiniú breise de dhíth (tiocfar ar na mionsonraí a bhaineann leis seo mar chuid de na hidirbhearta bliantúla buiséid).  Is faoi Choimisiún na Meán, i gcomhairle leis an RTCEGSM, is mó a bheidh leithdháileadh iomlán an mhaoinithe, bunaithe chomh maith ar riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn agus ag athrú i gcodanna éagsúla den earnáil.

### GNÍOMHARTHA:

- Tá Coimisiún na Meán agus an RTCEGSM le pleanáil a dhéanamh faoi choinne scéimeanna nua do Chiste Meán a gcuirfear tús leo in amanna éagsúla agus a gcuirfear leo de réir a chéile (mar atá leagtha amach mar fhreagra ar mholtaí faoi leith)
- Tá Coimisiún na Meán,, i gcomhairle leis an RTCEGSM, le hamscálaí a mholadh chun tús a chur le scéimeanna agus do leibhéil an mhaoinithe idir na scéimeanna, bunaithe ar na cistí a bheidh ar fáil. Táthar le reachtaíocht a achtú le Scéimeanna a chur ar Bhonn Reachtúil.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán -** Tacaíocht ó: **Grúpa Fheidhmithe, an RTCEGSM (leasuithe reachtacha)**

Amlíne: Beidh sé seo ag brath ar an reachtaíocht riachtanach.

### MOLADH 6-9: AN TREOIR CHÓIPCHIRT A CHUR I BHFEIDHM, MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTACHT NA TREORACH AGUS GNÍOMH BREISE A DHÉANAMH MÁS GÁ

Molann an Coimisiún go ndéanfadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú ar thionchar na Treorach Cóipchirt. Ba cheart tús a chur leis an athbhreithniú a luaithe is indéanta tar éis an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann, agus ba cheart é a thabhairt i gcrích agus a fhoilsiú laistigh de 12 mhí ó thrasuí na Treorach.

Ba cheart go n-áireofaí san athbhreithniú measúnú ar na tairbhí eacnamaíocha iarbhír agus tuartha a thagann chuig foilsitheoirí Éireannacha mar thoradh ar chomhaontuithe idirbheartaithe; tuairimí foilsitheoirí agus ardán maidir le caibidlíocht a dhéanamh; taithí foilsitheoirí agus comhsheasmhachta aonair i dtaca le caibidlíochtaí; taithí na bhfoilsitheoirí áitiúla agus náisiúnta; agus an méid trédhearcachta agus comhsheasmhachta i

gcomhaontuithe thar eagraíochtaí meán cáilitheacha. Ba cheart measúnú ar mhargadh na fógraíochta digití in Éirinn a bheith san athbhreithniú freisin.

Má aimsítear san athbhreithniú nach ndearnadh athchothromú cothrom leordhóthanach idir foilsitheoirí nuachta traidisiúnta agus ardáin mhóra ar líne mar thoradh ar an bpróiseas, ba cheart don Rialtas a bheith sásta bogadh go tapa chun bearta breise a dhéanamh chun an éagothroime a shásamh, lena n-áirítear bearta nua cóipchirt nó dlí iomaíochta a thabhairt isteach, de réir mar is gá.

Tugann an Coimisiún dá aire na sochair fhéideartha a d'fhéadfadh teacht as cur chuige cómhargála.

## SEASAMH/FREAGRA:

Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Treoir Chóipchirt a thrasuí i ndlí na hÉireann trí Rialacháin an AE, (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) 2021, a shíniú. Tháinig na Rialacháin sin i bhfeidhm an 12 Samhain 2021. Mar thoradh air sin, tugadh éifeacht don chéad ghné den mholadh.

Amhail Meán Fómhair 2022, níor trasuíodh ach thart ar leath de na Ballstáit uile an Treoir Chóipchirt. Dá réir sin, ní bheidh sé indéanta measúnú fiúntach a dhéanamh ar thionchar na Treorach ach amháin tar éis í a thrasuí go hiomlán agus tar éis tréimhse ama a bheith aige le teacht i bhfeidhm. Ina theannta sin, ní mór do mheasúnú cuí ar an Treoir a forálacha go léir a chur san áireamh, ní hamháin cuid acu, mar go bhfuil siad leagtha amach mar chothromaíocht agus muna mbreathnaítear ach ar cheann amháin nó ar chúpla ceann astu sin, tá an baol ann go dtabharfar neamhaird ar thionchar na cothromaíochta sin.

Maidir leis an moladh seo, ceanglaítear le hAirteagal 30 den Treoir Chóipchirt ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach tráth nach luaithe ná Meitheamh 2026. Rachaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach lena chinntiú go gcuirfidh athbhreithniú an Choimisiúin na saincheisteanna a d'ardaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán san áireamh.  D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt saincheisteanna a luaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán mar chuid d'athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh. Sainaithneoidh an Grúpa Feidhmithe na saincheisteanna sin agus rachaidh sé i dteagmháil le comhairleoirí chun iad a athbhreithniú.

Maidir leis an moladh sonrach le haghaidh measúnú ar fhógraíocht dhigiteach in Éirinn, táthar ag súil go mbeidh tionchar ag an Acht um Margaí Digiteacha atá le teacht ar fhógraíocht dhigiteach. Foilsíodh Acht na Margaí Digiteacha in Iris Oifigiúil an AE ar an 12 Deireadh Fómhair 2022, agus táthar ag súil go dtiocfaidh sé i bhfeidhm go hiomlán go luath in 2024. Cuireann Airteagal 53 d’Acht na Margaí Digiteacha d'oibleagáid ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh an bhfuil a chuspóirí á gcomhlíonadh aige laistigh de 3 bliana tar éis dó a bheith i bhfeidhm [dáta i R2 de 2023].

## GNÍOMHARTHA:

- Bainfidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) úsáid as an bhFóram Comhairliúcháin do Pháirtithe Leasmhara (féach caibidil 7) mar shásra chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le feidhmiú na Treorach Cóipchirt i gcleachtas agus chun tuairimí a lorg maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar fheidhmiú reachtaíocht na hÉireann.
- Rachaidh an RFTF i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach nuair a bheidh an Treoir Chóipchirt trasuite go hiomlán d'fhonn a áirithiú go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú atá le teacht ag an gCoimisiún ar an Treoir Chóipchirt saincheisteanna a ardaíodh i gcomhthéacs an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.
- Rachaidh an RFTF i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach lena chinntiú go ndéanfaidh athbhreithniú an Choimisiúin ar Acht na Margaí Digiteacha measúnú ar an tionchar atá ag an margadh fógraíochta digití. Rannpháirtíocht le tosú in 2024, a luaithe a bheidh éifeacht iomlán ag Acht na Margaí Digiteacha.

## FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An RFTF**

Amlíne: Faoi dheireadh **R3** de **2023**, tabharfaidh an RFTF faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara

## MOLADH 6-10: SCRÚDÚ A DHÉANAMH AR BHEARTA CÁNACH INDÍREACHA CHUN TACÚ LE SÁSPANNA

Athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta cánach tacúla indíreacha, faoi R1 2023 (ráta molta 0% nó ráta laghdaithe CBL d'earnáil na meán priontála).

Moltaí maidir le bearta cánach indíreacha faoi R4 2023

### SEASAMH/FREAGRA:

Agus an moladh seo á dhéanamh aige, chuir an Coimisiún roinnt beart féideartha cánach ar aghaidh ar fiú iad a bhreithniú mar bhealach chun tacaíochtaí indíreacha a sholáthar do sholáthraithe ábhair:

- Ráta CBL sár-laghdaithe nó nialasach a chur i bhfeidhm ar nuachtáin agus ar fhoilseacháin dhigiteacha, ag brath ar chomhaontú ag leibhéal an AE maidir le leasuithe ar Threoir CBL an AE.
- Bearta cánach a éascaíonn claochlú chuig ioncam léitheora nó samhlacha ballraíochta;
- Cead a thabhairt d'eagraíochtaí incháilithe do na meáin neamhbhrabúis cáiliú do stádas carthanais faoin Acht Carthanas, 2009, agus tacú le heagraíochtaí meán atá ag iarraidh aistriú ó shamhail tráchtála go samhail neamhbhrabúis;
- Díolúintí cánach le haghaidh infheistíochta in aonáin meán neamhbhrabúis

Mar chuid de na bearta cánach foriomlána a fógraíodh i mBuiséad 2023, tá comhaontú déanta ag an Rialtas ráta nialasach CBL a chur i bhfeidhm do nuachtáin, i bhformáidí clóite agus digiteacha araon. Tabharfar sonraí deiridh an athraithe ar an ráta CBL ar aghaidh mar chuid den Bhille Airgeadais. Creideann an Rialtas gur céim shuntasach é an ráta nialasach CBL seo a chur i bhfeidhm chun moladh an Choimisiúin tacaíochtaí indíreacha a sholáthar d'earnáil na meán, agus, dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeidh gá le beartais/díolúintí cánach breise. Ina ainneoin sin, déanfaidh an Grúpa Feidhmithe scrúdú breise ar na bearta féideartha a mhol an Coimisiún a bhreithniú tuilleadh.

### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe, i gcomhar leis an nGrúpa Páirtithe Leasmhara, bearta indíreacha féideartha mar atá molta ag an gCoimisiún a mheas tuilleadh.
- Déanfaidh an RTCEGSM, i gcomhairle leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara, measúnú ar an bhféidearthacht atá ag eagraíocht na meán aistriú chuig stádas neamhbhrabúis.
- Rachaidh an RTCEGSM i dteagmháil go déthaobhach leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (a bhfuil freagracht bheartais orthu as an Rialálaí Carthanas) maidir leis an bhféidearthacht go n-ainmneofar eagraíochtaí meán faoin Acht Carthanas;
- Breithneoidh an Roinn Airgeadais an bhfuil scóip ann do bhearta breise chun tacú le claochlú go samhlacha ioncaim/síntiúis léitheora (os cionn agus os cionn na mbeart CBL a tugadh isteach cheana).

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An Roinn Airgeadais —** tacaíocht ó: **An RTCEGSM**

Amlíne: Athbhreithniú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le tuilleadh beart cánach tacúil indíreach, faoi **R4 2023**

## MOLADH 6-11: DÉAN INIÚCHADH AR DHEISEANNA COMHOIBRITHE CHUN ÁBHAR MSP A ATHÚSÁID

Cleachtadh scóipe chun poitéinseal deiseanna comhoibríocha a bhunú, agus togra a fhorbairt maidir le comhoibriú agus athúsáid ábhair faoi Ráithe 3 2023.

### SEASAMH/FREAGRA:

I láthair na huaire (agus de réir Alt 120 den Acht Craolacháin, 2009), cuireann RTÉ ábhar craolacháin ar fáil do TG4. Tá an prótacal reatha idir an dá CSP le dul in éag roimh i bhfad agus tá idirbheartaíocht ar bun ina leith. Creideann ÚCÉ go bhféadfaí an méid sin a úsáid mar thúsphointe chun tuilleadh a dhéanamh ar an ngníomh seo. Mar atá molta in aighneacht ÚCÉ don Choimisiún um Thodhchaí na Meán, ba chóir tuilleadh oibre i gcomhar a chéile idir MSP, craoltóirí tráchtála agus craoltóirí pobail a spreagadh, go háirithe ón dearcadh taobh thiar de Chreat ÚCÉ um an Sochar Sóisialta.

Tabharfaidh an Grúpa Feidhmithe agus na MSPanna faoi chleachtadh scóipe le fáil amach faoin gcomhoibriú a d'fhéadfadh a bheith ann idir MSPanna. Leis sin a dhéanamh, déanfar forbairt ar mholadh don chomhoibriú agus don athúsáid ábhair.

### GNÍOMHARTHA:

- Glacadh le moladh a fhorbairt don chomhoibriú agus don athúsáid ábhair le MSP mar pháirt de phróiseas an Ghrúpa Feidhmithe
- ÚCÉ/Coimisiún na Meán leis an gCreat um an Sochar Sóisialta a scrúdú chun cur leis an gcomhoibriú idir MSP, craoltóirí tráchtála agus pobail mar mhodh le dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An Grúpa Feidhmithe** (i gcomhairle le MSPanna) chun moladh don chomhoibriú agus athúsáid ábhair a fhorbairt. **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** chun an Creat um an Sochar Sóisialta a scrúdú.

Amlíne**:** moladh don chomhoibriú agus athúsáid ábhair faoi **R2 2024**

## MOLADH 6-12 FORMHAOIRSEACHT NEAMHSPLEÁCH AR GACH SRUTH MAOINITHE PHOIBLÍ DON IRISEOIREACHT

Athbhreithniú a dhéanamh ar shruthanna maoinithe phoiblí eile don iriseoireacht ionas go mbeadh ÚCÉ/Coimisiún na Meán páirteach sa phróiseas, nó go ndéanfaidís maoirseacht air, faoi R4 2023.

### SEASAMH/FREAGRA:

Ar an ábhar go bhfuiltear ag moladh anois Ciste nua a thabhairt isteach do na Meáin agus, ina dhiaidh sin, meascán de scéimeanna a bheidh neodrach ó thaobh ardáin de (mar atá molta ag an gCoimisiún), tá cúis leis an athbhreithniú atá molta. Tabharfaidh Coimisiún na Meán faoi athbhreithniú mar sin ar shruthanna eile de mhaoiniú poiblí do na meáin, amhail Ciste Simon Cumbers na Meán agus Ciste Dúshláin na Meán atá ag Éire Dhomhanda mar atá á riar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, féachaint i dtreo maoirseacht ó Choimisiún na Meán le go seachnófaí aon seans nó cuma go mbeadh laghdú ag teacht ar neamhspleáchas na meán ar an Rialtas.

GNÍOMHARTHA:

- Coimisiún na Meán leis an athbhreithniú a dhéanamh i gcomhairle leis an RTCEGSM
- Coimisiún na Meán le meitheal a bhunú ag féachaint le bheith ag obair i gcomhar le haon riarthóirí ar shruth de mhaoiniú poiblí ábhartha chun eolas a fháil ar na próisis agus nósanna imeachta atá acu faoi láthair agus leis na roghanna a fhiosrú go bhféadfaí ÚCÉ/Coimisiún na Meán maoirseacht a dhéanamh nó ról a imirt
- Mar chuid den taighde atá le déanamh ag Coimisiún na Meán chun an Ciste Meán a chur ar bun bheifí in ann an moladh seo a chur san áireamh mar pháirt de bheart scóipe

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán —** tacaíocht ó: **An RTCEGSM**

Amlíne: athbhreithniú le cur i gcrích faoi **R4 2023**

## MOLADH 6-13: GEILLEAGAR UILE-OILEÁIN NA MEÁN

Togra taighde a ullmhú maidir le geilleagar uile-oileáin na meán a fhorbairt agus comhoibriú idir MSP agus SÁSP a uasmhéadú ar bhonn uile-oileáin.

SEASAMH/FREAGRA:

Aithníonn an Rialtas gur gá tacú leis an taighde chun geilleagar uile-oileáin na meán a fhorbairt agus chun go mbeidh an comhoibriú is mó agus is féidir ann idir MSP agus SÁSPanna ar bhonn uile-oileáin. Tá cuid de sin ag teacht leis na gnéithe tús áite i dTionscnamh an Oileáin Comhroinnte i Roinn an Taoisigh agus beifear ag féachaint ar mhaoiniú ón tionscnamh sin a úsáid le taighde a dhéanamh. Rachfar i gcomhairle leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun acmhainní a chur ar fáil do thaighde mar sin.  Cuirtear maoiniú ar fáil faoi láthair chun tacú le tionscnaimh chraolacháin uile-oileáin chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá comhoibriú suntasach ag baint le comhléirithe idir MSPanna agus SÁSPanna, cuir i gcás an €1m ó Dheich mBliana Nua, Cur chuige Nua le Screen NI a íoctar le léiritheoirí neamhspleácha le hábhar i nGaeilge a chur ar fáil (scéim á rith ó 2021 go 2023).

GNÍOMHARTHA:

- Togra á chruthú ag Coimisiún na Meán maidir le conas an comhoibriú idir MSP agus SÁSPanna a uasmhéadú ar bhonn uile-oileáin
- Iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní maoinithe idir-rannach ó gach cearn den Rialtas a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun tacú le taighde ar gheilleagar na meán uile-oileáin (amhail tacaíochtaí tionscnaimh na nOileán Comhroinnte)
- Measúnú a dhéanamh ar leathnú féideartha ar mhaoiniú léiriúcháin ábhar closamhairc Gaeilge

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: togra a fhorbairt faoi **R1 2024**

## CAIBIDIL 5: GAEILGE, CULTÚR, GEILLEAGAR CRUTHAITHEACH AGUS SPÓRT

Déantar cur síos sa chuid chomhfhreagrach seo de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ar an soláthar reatha nó ar sheirbhísí craolacháin Gaeilge in Éirinn, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar soláthar don spórt agus don gheilleagar cruthaitheach i gcoitinne. Déanann sé moltaí freisin chun an fhoráil seo a fheabhsú.

### MOLADH 7-1: RIALÚ EAGARTHÓIREACHTA DO TG4 AR A SHEIRBHÍSÍ NUACHTA

Ba cheart smacht neamhspleách eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta. Ceadóidh sé seo níos mó iolrachas i gclúdach nuachta agus cuirfidh sé ar chumas TG4 seirbhís níos fearr a chur ar fáil dá lucht féachana.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Glacann an Rialtas leis, d'ainneoin na tairbhí a bhaineann leis na socruithe reatha, go bhfuil sé inmhianaithe smacht iomlán eagarthóireachta a aistriú chuig TG4 agus go bhféadfadh sé leas a dhéanamh don dá eagraíocht. Mar sin féin, ní mór breithniú agus comhairliúchán breise a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais agus praiticiúla an togra. Chun éifeacht a thabhairt don mholadh seo go mbeadh smacht eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta, déanfaidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán monatóireacht ar an rannpháirtíocht idir RTÉ agus TG4 maidir le smacht eagarthóireachta TG4 ar a sheirbhísí nuachta, agus cuirfidh an Coimisiún an Roinn ar an eolas faoi thorthaí agus faoi dhúshláin a bhaineann le neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach.

Maidir leis seo, ba chóir a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le Moladh 7-2, go bhfuiltear chun tabhairt faoi athbhreithniú mionsonraithe ar sholáthar seirbhísí Gaeilge.

#### GNÍOMHARTHA:

Breithneoidh an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán (i gcomhairle le RTÉ agus le TG4) na himpleachtaí airgeadais agus oibriúcháin a bhaineann le cur i bhfeidhm an mholta seo.

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán — Le tacaíocht ó** TCAGSM

Amlínte: Beidh comhairliúchán le RTÉ agus le TG4 le cur i gcrích faoi dheireadh **R2 2023**. Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar an nGaeilge faoi **R4 2024.**

### MOLADH 7-2: ATHBHREITHNIÚ CUIMSITHEACH AR SHOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE

Ba cheart do ÚCÉ/Choimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhar Gaeilge ar fud chóras na meán, le fócas ar struchtúir institiúideacha agus ar dheiseanna nuálaíochta agus comhoibrithe. Ba chóir go n-áireofaí san athbhreithniú seo, atá le cur i gcrích laistigh de 18 mí, moltaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge, ag díriú ar:

Struchtúir institiúideacha, lena n-áirítear:

- Róil TG4 agus RTÉ
- fócas faoi leith ar Raidió na Gaeltachta, ar a ról laistigh de na ceantair Ghaeltachta agus ar an rochtain atá aige ar ioncam tráchtála

- An ról atá ag SÁSPanna.
- Deiseanna comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí idir MSP agus SÁSP, go háirithe maidir le nuálaíocht dhigiteach agus sindeacáitiú.
- Straitéisí maidir le rannpháirtíocht na n-óg lena n-áirítear oideachas, cláir don óige agus úsáid níos fearr a bhaint as meáin dhigiteacha amhail podchraoladh agus na meáin shóisialta.
- Straitéisí d'oideachas na Gaeilge, lena n-áirítear do dhaoine atá ag foghlaim na teanga nó atá ag iarraidh a n-inniúlacht sa teanga a fheabhsú.

### SEASAMH/FREAGRA:

De réir chlár an Rialtais, "Ár dTodhchaí le Chéile", aithníonn an Rialtas tábhacht na Gaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo, agus mar ghné ríthábhachtach d'oidhreacht an oileáin seo. Táimid meáite ní hamháin ar infheictheacht ár dteanga dúchais a mhéadú, ach ar úsáid laethúil na teanga sa phobal freisin. Tuigeann an Roinn go hiomlán an ról tábhachtach atá le himirt ag earnáil na meán i gcur chun cinn agus i bhforbairt leanúnach na Gaeilge. Tiocfaidh seirbhísí Gaeilge faoi Choimisinéir Forbartha na Meán laistigh de Choimisiún na Meán chomh maith.

### GNÍOMHARTHA:

Glacfaidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán an méid seo a leanas orthu féin:

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge
- Díriú ar an ról atá ag RTÉ, TG4, Raidió na Gaeltachta, SÁSPanna
- Deiseanna comhoibrithe, rannpháirtíochta óige agus na meáin dhigiteacha a fhiosrú. ÚCÉ chun taighde leanúnach a dhéanamh ar an ábhar seo agus chun tuilleadh sonraí a roinnt le RTCEGSM
- Straitéisí a fhorbairt don oideachas Gaeilge, foghlaimeoirí fásta san áireamh
- Rachaidh an Grúpa Feidhmithe i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle ar aon togra le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta trí earnáil na meán, agus chun soláthar Gaeilge a fhorbairt.
- Scrúdóidh an Grúpa Feidhmithe deiseanna chun an tacaíocht reatha do chur chun cinn na Gaeilge a fheabhsú ar bhonn uile-oileáin

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R3 2024**

## MOLADH 7-3: BA CHEART DO RTÉ TOSAÍOCHT NÍOS MÓ A THABHAIRT DON GHAEILGE

Molann an Coimisiún go dtabharfadh RTÉ tosaíocht níos mó don Ghaeilge, ina chlársceideal ginearálta agus ar gach ardán. Ba cheart Feidhmeannach sinsearach a bheith freagrach as gach Ábhar Gaeilge.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá an moladh seo ag teacht le Clár an Rialtais, "Ár dTodhchaí le Chéile", a dhearbhaíonn diongbháilteacht an Rialtais infheictheacht na teanga a mhéadú. Tiomantas do léiriú agus infhaighteacht ábhar fuaime agus closamhairc na Gaeilge a mhéadú do lucht féachana uile na hÉireann, agus cláir ardchaighdeáin sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn, le fócas faoi leith ar nuacht agus cúrsaí reatha agus ábhar a sholáthar don lucht féachana óg.

GNÍOMHARTHA:

- Cé go bhfuil feidhmeannach ag obair le RTÉ cheana féin atá freagrach as an nGaeilge, déanfaidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán na freagrachtaí atá ar an té a bhfuil an ról sinsearach seo aige nó aici a shoiléiriú agus cuirfear in iúl má theastaíonn aon bhearta eile (tabharfar aitheantas san am céanna do neamhspleáchas RTÉ i leith a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach).
- Rachaidh RTÉ i mbun plé le Coimisiún na Meán faoin athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge (Moladh 7.2) agus faoin athbhreithniú sin a chur i bhfeidhm.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán**

Amlíne: a luaithe agus is praiticiúil.

## MOLADH 7-4 FORÁLACHA I LEITH NA GAEILGE A CHUR I BHFEIDHM I SCÉIMEANNA MAOINITHE

Ba chóir, ar a laghad, leithdháileadh 25% de mhaoiniú ÚCÉ faoin scéim Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge a choinneáil agus ba cheart do ÚCÉ/Coimisiún na Meán an maoiniú sin a ardú tuilleadh a phlé.

Ba cheart foráil i leith na Gaeilge atá cosúil lena bhfuil sa scéim Fuaim agus Fís a chur i bhfeidhm i gcás scéim ar bith a thabharfar isteach mar thoradh ar an tobhach léirithe ábhair atá beartaithe in TSMCA.

SEASAMH/FREAGRA:

Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le foráil a dhéanamh chun maoiniú breise a thabhairt d'ábhar Gaeilge, fuair an tAire €2m eile i mí na Nollag 2021 a úsáidfear go sonrach do léirithe Gaeilge lena íoc amach in 2022 anuas ar an 25% atá sainordaithe sna leithdháiltí faoin scéim Fuaim agus Fís. Chun éifeacht a thabhairt don mholadh, déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú chun a fháil amach an mbeifear ábalta an leithdháileadh 25% a mhéadú.

San athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar an scéim Fuaim agus Fís, déanfar a mhéid atá an maoiniú a fuarthas ag cur le méadú ar réimse, rogha, méid agus caighdeán an ábhair i nGaeilge don lucht féachana in Éirinn a scrúdú. Mar pháirt den athbhreithniú beifear ag breathnú ar chur chuige, tionchar agus aidhmeanna an bhabhta spriocdhírithe, an babhta Gaeilge san áireamh.

GNÍOMHARTHA:

- ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun an measúnú a dhéanamh chun a fháil amach an mbeifear ábalta maoiniú 25% na scéime Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge a mhéadú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil.
- Tá Coimisiún na Meán chun taighde a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le chomh hindéanta a bheadh an tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R4 2023.**

### MOLADH 7-5 ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR AN SCÉIM CARTLANNAÍOCHTA

Tá an Coimisiún ag moladh do ÚCÉ/Coimisiún na Meán athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta faoi R4 2023 chun riachtanais chartlannaíochta agus tacaíocht ó chomhpháirtíocht straitéiseach a mheas i gcás cuideachtaí beaga neamhspleácha léiriúcháin a bhfuil bailiúcháin mhóra i seilbh acu.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Ó rinne an Coimisiún an moladh seo a fhorbairt, choimisiúnaigh Údarás Craolacháin na hÉireann athbhreithniú reachtúil ar an Scéim Cartlannaithe. Cuireadh na torthaí ón athbhreithniú sin i láthair don Údarás mar chuid dá chruinniú i Meán Fómhair 2022 agus, ina dhiaidh sin, cuireadh faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad.

#### GNÍOMHARTHA:

- Úsáidfear na torthaí ó athbhreithniú ÚCÉ mar bhonn eolais le scéim nua a dhréachtú in R2 2023 agus, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, úsáidfear an fhorbairt bhreise sna comhpháirtithe straitéiseacha agus san obair i gcomhar a chéile mar pháirt den chlár oibre chun aon scéim nua a fhorbairt, éascaíocht ar chuideachtaí beaga neamhspleácha léiriúcháin mar chuid de sin
- Déanfaidh an RTCEGSM na torthaí ón athbhreithniú reachtúil a rinne ÚCÉ ar an Scéim Cartlannaithe a mheas agus rachaidh i gcomhairle le ÚCÉ ar na chéad chéimeanna eile.

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **UCÉ/Coimisiún na Meán**

Amlíne: Tá an t-athbhreithniú ar an scéim cartlannaithe tugtha chun críche cheana féin. Scéim nua a dhréachtú le bheith ar siúl i **R2** de **2023**.

### MOLADH 7-6: TOBHACH AGUS CISTE ÁBHAIR CLOSAMHAIRC A BHUNÚ

Ba cheart tobhach agus ciste ábhair closamhairc, mar atá beartaithe faoin BRSALM agus faoin AVSMD, a bhunú. Ba cheart do Choimisiún na Meán taighde a dhéanamh ar dhearadh agus ar riar an tobhaigh agus an chiste i gcomhairle leis an nGrúpa Feidhmithe.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Tá taighde ar bun ar na himpleachtaí reachtacha a bhaineann le leibhéal ábhair closamhairc a fhorbairt agus an ciste tionlacain. Nuair a cheapfar Coimisinéir Forbartha na Meán laistigh de Choimisiún na Meán, déanfaidh an Coimisinéir maoirseacht ar thaighde ar indéantacht tobhaigh agus ciste ábhair closamhairc mar atá beartaithe faoin Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán.

#### GNÍOMHARTHA:

- Coimisiún na Meán chun taighde a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le féidearthacht an tobhaigh agus an chiste ábhair closamhairc

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R3 2024**

### MOLADH 7-7: STRAITÉIS CLOSAMHAIRC CHUN ÉIRE A BHUNÚ MAR PHRÍOMHFHOINSE ÁBHAIR SIAMSAÍOCHTA DON MHARGADH IDIRNÁISIÚNTA AR ÉILEAMH

Ba cheart do Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc, i gcomhar leis an nGrúpa Feidhmithe, scrúdú a dhéanamh an bhfuil acmhainneacht bhreise ann idirnáisiúnú ábhar na hÉireann a chur chun cinn.

Ba chóir go n-áireofaí sa scrúdú díriú ar ról an MSP, go háirithe a ról mar phreabchlár chun ábhar sainiúil Éireannach a chruthú, agus deiseanna a uasmhéadú chun CMInna a shaothrú i margaí baile agus idirnáisiúnta.

Ba cheart do RTÉ cur chun cinn chruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn i gcroílár a chuid gníomhaíochtaí, iarracht a dhéanamh branda domhanda níos leithne a fhorbairt le haghaidh scéalaíocht agus cruthú ábhair in Éirinn i bpríomhspeisialtachtaí, agus iarracht a dhéanamh a bheith níos éifeachtaí maidir le cearta maoine intleachtúla a thógáil agus a shaothrú i margaí idirnáisiúnta agus intíre.

Ba cheart don athbhreithniú atá le teacht ón Roinn Airgeadais smaoineamh ar thacaíochtaí alt 481 a leathnú agus incháilitheacht a leathnú chun meáin chraolta a áireamh.

#### SEASAMH/FREAGRA:

Tá anailís costais is tairbhe ar Alt 481 curtha i gcrích cheana féin ag an Roinn Airgeadais, agus mar thoradh air sin, fógraíodh síneadh ar Alt 481 go dtí deireadh 2028 mar chuid de na bearta cánach i mBuiséad 2023.

Scrúdóidh Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc an bhfuil réasúnaíocht leanúnach ann maidir le craoltóirí a eisiamh ó thacaíochtaí Alt 481. Scrúdófar é seo i gcomhthéacs an tsoláthair maoinithe reatha agus amach anseo, agus tabharfar faoi deara go bhfuil iomadú na seirbhísí ábhair sruthaithe domhandaithe.

#### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc (faoi chathaoirleacht TCAGSM) an t-eisiamh craoltóra a bhreithniú agus cuirfidh moltaí faoi bhráid na Roinne Airgeadais lena mbreithniú mar chuid den athbhreithniú agus bainistiú leanúnach ar fhaoiseamh Alt 481
- Déanfaidh Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc breithniú ar bhearta breise i gcomhthéacs cuidiú le hidirnáisiúnú ábhar na hÉireann

#### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Grúpa i gCeannas: **Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc**

Amlíne: **R4 2023**.

### MOLADH 7-8: INFHEISTÍOCHT SA LÉIRIÚCHÁN NEAMHSPLEÁCH A FHEABHSÚ

Ba cheart do MSP a áirithiú go bhfuil cion suntasach de chistí a infheistítear i léiriú ábhair sheachtraigh ó léiritheoirí beaga neamhspleácha (i.e. léirtheoirí a bhfuil ioncam bliantúil níos lú ná €1.5 milliún acu) chomh maith le cuid mhór de chistí a infheistítear i léiriú ábhair sheachtraigh. Ba cheart coimisiúnú ábhair MSP a bheith ag brath ar chomhlachtaí léiriúcháin a bheith in ann a léiriú go bhfeidhmíonn siad polasaithe oiriúnacha maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Ba cheart do ÚCÉ/Coimisiún na Meán maoirseacht a dhéanamh i gcónaí ar théarmaí trádála maidir le hidirbhearta a choimisiúnú idir MSP agus léiritheoirí neamhspleácha d'fhonn deiseanna úinéireachta agus

saothrú réamhghníomhach tánaisteach CMInna ag comhlachtaí neamhspleácha, de réir mar is cuí, i gcomhpháirtíocht le rannáin MSP, a uasmhéadú chun tairbhe gheilleagar cruthaitheach na hÉireann.

### SEASAMH/FREAGRA:

Tá ról ríthábhachtach ag an gCiste Craolacháin, agus Fuaim & Fís go háirithe, agus é ag tacú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Le roinnt blianta anuas, tá méadú curtha ag an Rialtas, trí leithdháiltí breise Státchiste, ar an maoiniú atá ar fáil do thionscadail Fuaim & Fís. Chomh maith le rogha níos fearr agus cláir ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil, beidh sé mar phríomhaidhm le maoiniú méadaithe tacú leis an earnáil chruthaitheach níos leithne agus le léiritheoirí neamhspleácha go háirithe. Aontaítear go mbeidh raon critéar san áireamh i sruthanna maoinithe amach anseo chun éagsúlacht agus inbhuanaitheacht a chinntiú.

Cuireann Treoir an ÚCÉ do Chód um Chleachtas Cóir-Thrádála cur chuige bunaithe ar phrionsabail ar fáil maidir le Cód Cleachtais Cóir-Thrádála arna fhorbairt ag MSPnna. Is é aidhm na Treorach seo a chinntiú go n-aithnítear rannchuidiú gach páirtí sa phróiseas déanta clár. Is é an príomhphrionsabal a thacaíonn leis an Treoir ná gur cheart, go ginearálta, úinéireacht a bheith ag léiritheoir neamhspleách ar na cearta i gclár a choimisiúnaítear ón léiritheoir sin ach amháin má fhaigheann craoltóir nó páirtí nó páirtithe eile na cearta sin go sainráite. I measc na bprionsabal eile a thacaíonn leis an Treoir tá solúbthacht, cinnteacht agus trédhearcacht, meas ar chuspóirí MSP, agus tuiscint ar oibleagáidí agus ionchais tráchtála. Tá an Treoir faoi réir athbhreithnithe gach ceithre bliana. Foilsíodh an Treoir go deireanach in 2019, táthar ag súil, dá bhrí sin, gur chóir athbhreithniú a dhéanamh in 2023

### GNÍOMHARTHA:

- Cuirfidh Coimisiún na Meán athbhreithniú i bhfeidhm ar na Scéimeanna Maoinithe atá ann cheana d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar chomhlachtaí beaga neamhspleácha léiriúcháin.
- Tabharfaidh Coimisiún na Meán isteach critéir chuí agus méadrachtaí tuairiscithe chun tionchar na scéimeanna/babhtaí maoinithe amach anseo a mheas.
- ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun tabhairt faoi athbhreithniú ar Threoir reatha maidir le Cód maidir le Cleachtas Cóir-Thrádála

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R4 2023**

## MOLADH 7-9: PLEAN STRAITÉISEACH A FHORBAIRT LE HAGHAIDH CRAOLTÓIREACHT AGUS CUR CHUN CINN SPÓIRT

Ba chóir do MSP agus SÁSPanna oibriú le Spórt Éireann chun Plean Straitéiseach do Chraoltóireacht agus Cur Chun Cinn Spóirt a fhorbairt faoi R1 2024, a bhreathnaíonn níos faide ná craolachán traidisiúnta imeachtaí móra ar an teilifís chun deis a thabhairt níos mó spóirt a thaispeáint thar iliomad formáidí agus meán, OTT san áireamh, agus clúdach spóirt a chur chun cinn atá ag teacht le beartais atá deartha chun daonra níos gníomhaí a spreagadh.

## SEASAMH/FREAGRA:

Tá an moladh seo ag teacht le beartais reatha maidir le spóirt, a léiríodh i mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an Rialtais. I measc spriocanna ardleibhéil na Straitéise Náisiúnta tá rannpháirtíocht mhéadaithe i spóirt agus laghdú ar an neamhghníomhaíocht. Cuideoidh plean straitéiseach atá ar aon dul leis na spriocanna seo le ciorcal fíorúil a chruthú chun rannpháirtíocht spóirt a chur chun cinn ag leibhéal an phobail agus feidhmíocht ar leibhéal mionlach a chothú. Tá béim sa Straitéis ar an dea-thionchar trasearnála a d'fhéadfadh a bheith ann, idir aosú dearfach agus imeascadh imirceach. Cuirfear leis na haidhmeanna sin agus neartófar iad in aon Phlean Straitéiseach do chraoladh agus do chur chun cinn spórt.

Cuireann Spórt Éireann béim faoi leith ar an spórt a fhorbairt go hinbhuanaithe. Tá an-tábhacht ag baint leis an bhfeiceálacht má táimid chun saol bríomhar cuimsitheach spóirt a fhorbairt. Beidh an plé idir Spórt Éireann agus earnáil na craoltóireachta fíorthábhachtach chun réimsí tosaíochta agus cineálacha spóirt tosaíochta a shonrú a bhainfeadh tairbhe as tuilleadh poiblíochta.

Táthar tar éis leas a bhaint as an Scéim 'Fuaim agus Fís' ar na mallaibh chun clársceidealú agus cruthú ábhair a spreagadh i seánraí ar leith (e.g. cláir i nGaeilge) nó le dul i ngleic le ceisteanna ar leith (e.g. an t-athrú aeráide) agus déanfar plé ar na deiseanna atá ann chun cláir spóirt a fhorbairt.

## GNÍOMHARTHA:

- Cuirfidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán Meitheal Straitéiseach ar bun i gcomhar le Spórt Éireann. D'fhéadfadh téarmaí tagartha don ghrúpa seo plé le réimsí tosaíochtaí a shonrú don chraoltóireacht spóirt, na dúshláin a thagann chun cinn (mar shampla, glacadh na gceart, maoiniú), agus cur chuige agus amlíne a leagan síos le tosaíochtaí a bhaint amach
- Gheobhaidh Coimisiún na Meán agus Spórt Éireann amach cé na réimsí/spóirt tosaíochta is mó a bhainfeadh tairbhe as feiceálacht/poiblíocht níos mó mar chuid d'imeachtaí a chraoladh agus, san am céanna, tosaíochtaí straitéiseacha comhlachtaí spóirt faoi leith a chur san áireamh
- An acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ann babhta maoinithe tiomnaithe a chur ar fáil a bhreithniú
- Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil le MSPanna tríd an Meitheal Straitéiseach faoin gclársceideal reatha don spórt agus déanfar na deiseanna do chláir níos fearr agus tuilleadh clár a scrúdú. Bhainfí úsáid as an gcóras seo le teacht ar phlean agus amlíne chun an Plean Straitéiseach a fhorbairt
- Tabharfaidh Spórt Éireann tacaíocht do Choimisiún na Meán chun plean straitéiseach a fhorbairt don chraoltóireacht agus cur chun cinn spóirt.
- D'fhéadfadh ÚCÉ an moladh a bhaineann le MSP agus clársceidealú spóirt a áireamh ina athbhreithniú 5 bliana ar mhaoiniú poiblí atá ar na mallaibh.

## FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: Plean Straitéiseach don Chraoltóireacht Spóirt faoi **R1 2024**

## MOLADH 7-10: STRAITÉIS ÉAGSÚLACHTA AGUS IONCHUIMSITHEACHTA MAIDIR LE TUAIRISCIÚ AGUS CRAOLTÓIREACHT SPÓIRT

Tá an Coimisiún ag moladh do ÚCÉ/Coimisiún na Meán straitéis a fhorbairt, i gcomhar le heagraíochtaí meán cumarsáide, Spórt Éireann agus Cónaidhm Spóirt na hÉireann chun an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn agus a fheabhsú sa tuairisciú agus craoltóireacht spóirt.

Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán a mheas ar chóir caighdeáin nó critéir don chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht sa spórt agus coinníollacha á leagan síos a bheadh le sásamh ag eagraíochtaí meán a fhaigheann maoiniú poiblí.

SEASAMH/FREAGRA:

Beidh tuilleadh plé ag teastáil le fáil amach an féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm mar chuid de chur i bhfeidhm Mholtaí 2-3 agus 2-4. Mar shampla, má chuirtear creat reachtúil i bhfeidhm le go gcuirfidh an Coimisiún cóid rialála ar an éagsúlacht i bhfeidhm, ba cheart an moladh seo a chur i bhfeidhm mar chuid de chód rialála níos leithne. Mar sin féin, is gá gníomhartha atá ar bun faoi láthair in earnáil an spóirt chun dul i ngleic le cúrsaí comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a chur san áireamh, ós rud é go mbeidh tuairisciú agus craoladh spóirt ina léiriú orthu siúd atá páirteach i gcineálacha spóirt ar leith (an toradh ba chóir a bheith ar éagsúlacht níos mó sa spórt ná éagsúlacht níos mó i gclúdach na meán ar an spórt).

Sheol Spórt Éireann Beartas um Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht i nDeireadh Fómhair 2022. Sa bheartas sin, sonraítear líon colún straitéiseach a bheidh mar threoir ag an eagraíocht chun an mbeartas a chur i ngníomh. Is iad seo a leanas na Colúin sin: Athrú, Cumarsáid, Rochtain, Inniúlacht agus Ceannaireacht. Tá iarracht déanta ag Spórt Éireann tacaíocht a thabhairt chun go mbeidh spórt na mban feiceálach agus maoiniú á leithdháileadh i gciste tiomnaithe sruthaithe leis sin a dhéanamh. Rachaidh Spórt Éireann i dteagmháil le Coimisiún na Meán ag féachaint d'ábhar a Straitéise Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta.

GNÍOMHARTHA:

- Rachaidh Coimisiún na Meán agus Spórt Éireann i gcomhairle leis na bearta CÉI laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt, agus ar an gcaoi a bhféadfadh na bearta seo tionchar a imirt ar chraolachán/tuairisciú spóirt in Éirinn.
- Tabharfaidh Spórt Éireann comhairle agus treoir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán sa réimse seo, go háirithe maidir le foghlaim ó fhorbairt a straitéise féin.
- Tabharfaidh Spórt Éireann comhairle maidir le píblínte a chruthú chun éagsúlú a dhéanamh orthu siúd a bhfuil baint acu le craoltóireacht agus le cur chun cinn.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

Na Comhlachtaí i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán (**i gcomhar le **MSPanna, SÁSPanna, Spórt Éireann** agus **Cónaidhm Spórt na hÉireann)**

Amlíne: **R2 2024**.

## MOLADH 7-11: OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Ba cheart do ÚCÉ/Coimisiún na Meáin dul i gcomhairle le Spórt Éireann agus le Cónaidhm Spórt na hÉireann chun an Scéim Rochtana agus Oiliúna atá beartaithe a fhorbairt - mar atá leagtha amach i Moladh 6-6.

SEASAMH/FREAGRA:

Agus í ag aontú leis an moladh seo, rachaidh an Roinn/Coimisiún na Meán i gcomhairle le Spórt Éireann agus Cónaidhm Spórt na hÉireann chun an scéim atá beartaithe maidir le Rochtain agus Oiliúint do na Meáin a fhorbairt.

Tá taithí shuntasach forbartha ag Spórt Éireann ina leith seo, mar shampla i soláthar scéime oiliúna le haghaidh tráchtaireacht spóirt do mhná go sonrach trína Chlár do Mhná sa Spórt. Mar thoradh air sin, mhéadaigh sé seo an líon daoine cumasacha atá ar fáil do chraoltóirí poiblí agus do chraoltóirí príobháideacha araon, agus cuirfidh na foghlaimeoirí tuilleadh gníomhartha ar an eolas mar fhreagra ar an moladh seo.

### GNÍOMHARTHA:

- ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun comhairliúchán foirmiúil a bhunú le Spórt Éireann agus le Cónaidhm Spórt na hÉireann chun a n-ionchur sa phróiseas oiriúnaithe a lorg.
- Comhoibreoidh Spórt Éireann le Coimisiún na Meán maidir le forbairt agus soláthar aon chláir oiliúna.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

Na Comhlachtaí i gCeannas: Beidh **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** i gceannas i ndlúthchomhar le TCAGSM agus Spórt Éireann

Amlíne: **R4 2024.**

## CAIBIDIL 6: RIALÁIL AGUS RIALACHAS

Déanann an chuid chomhfhreagrach de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha a bhaineann le craolachán, lena n-áirítear an tAcht Craolacháin, an TSMCA, agus an clúmhilleadh. Molann sé athruithe chun rialáil agus rialachas na meán a fheabhsú.

### MOLADH 8-1: CUSPÓIRÍ AGUS PRIONSABAIL MSP

Molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú agus leasú ar chuspóirí reachtúla MSP, faoi 2024, lena chinntiú go mbeidh siad ábhartha do ról ionchais MSP amach anseo. Go sonrach, molann an Coimisiún:

Gur cheart cuspóirí MSP a dhéanamh neodrach ó thaobh ardáin;

Gur cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú ina "Meáin Seirbhíse Poiblí", nó ainmniú cuí éigin eile, chun a chinntiú go bhféadfaidh a ngníomhaíochtaí neamhchraolta go léir a bheith faoi réir rialú rialála ÚCÉ/Choimisiún na Meán, agus chun comhoibriú níos fearr a cheadú idir MSP agus an earnáil neamhspleách;

Ba cheart roinnt forálacha atá san Acht Craolacháin, 2009, a choinneáil lena n-áirítear na forálacha sin a léiríonn prionsabail mharthanacha amhail an seasamh le luachanna daonlathacha chomh maith le caomhnú theanga agus chultúr na hÉireann;

Ba cheart do chuspóirí MSP tagairt don ghá atá le MSP ionadaíocht a dhéanamh ar éagsúlacht mhuintir na hÉireann agus léiriú a dhéanamh orthu;

Ba cheart an oibleagáid atá ar MSP nuacht agus faisnéis fhírinneach neamhchlaonta a sholáthar a chaomhnú, agus ba cheart go gcinnteodh sé neamhspleáchas MSP ó thionchar polaitiúil agus tráchtála;

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun cosaint neamhspleáchais eagarthóireachta a chur in iúl sna cuspóirí MSP;

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt atá déanta san Acht Craolacháin do chothabháil RTÉ maidir le seirbhísí neamhlíneacha neamhchraolta meán closamhairc;

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar cheanglas a áireamh chun an luach is fearr agus an tsuntasacht is fearr a lorg maidir le hábhar athdháilte;

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le cuspóirí MSP ról RTÉ mar mhol agus mar chomhoibritheoir in éiceachóras na meán níos leithne a léiriú go hiomlán;

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt sna cuspóirí do RTÉ a bheith ag feidhmiú seirbhísí poiblí craoltóireachta pobail, áitiúla nó réigiúnacha saorchraolta, agus a chinntiú go léiríonn sé seo réaltacht na seirbhísí a sholáthraíonn MSP;

Ba cheart an t-oideas mionsonraithe maidir le conas atá cuspóirí seirbhíse poiblí le seachadadh a tharmligean chuig an rialtóir, agus is féidir leis dul in oiriúint níos minice d'athruithe sa teicneolaíocht agus i gcúinsí eile.

### SEASAMH/FREAGRA:

Aithnítear go bhfuil na Meáin Seirbhíse Poiblí, agus an t-ábhar a chuireann siad ar fáil, tábhachtach do mhuintir na hÉireann. Tá MSP agus ábhar ríthábhachtach d'fheidhmiú ceart ár ndaonlathais agus ár sochaí i gcoitinne - dioscúrsa agus díospóireacht a chumasú, faisnéis iontaofa a sholáthar, aird a tharraingt ar ábhair a bhfuil tábhacht shuntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta leo, agus rochtain a sholáthar ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht shuntasach chultúir agus shochaíoch acu.  Agus an moladh seo á aontú acu, sainaithneoidh an Roinn agus Coimisiún na Meán na riachtanais reachtacha is gá chun éifeacht iomlán a thabhairt don athbhreithniú agus don leasú ar chuspóirí agus ar phrionsabail MSP, lena n-áirítear athbhreithnithe mar atá luaite sa mholadh.

GNÍOMHARTHA:

- Déanfar athbhreithniú ar an Reachtaíocht Craolacháin agus tabharfar moltaí beartais maidir le hathrú chun cinn d'fhonn reachtaíocht leasaitheach a fhorbairt.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **TCAGSM**, i gcomhairle le **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R3 2024**

MOLADH 8-2: NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ MSP

Córas de phacáiste maoinithe poiblí 3 go 4 bliana (nó níos faide) a bhunú sa reachtaíocht faoin mbliain 2024 le haghaidh MSP, a bhfuil ról níos láidre aige do ÚCÉ/Choimisiún na Meán maidir le leibhéil mhaoinithe MSP agus cuntasacht i leith caiteachas a chinneadh.

Molann an Coimisiún samhail do mholtaí maoinithe:

Ina n-áirítear comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Ina n-áirítear breithniú ionsuite ar fhachtóirí amhail leibhéil reatha maoinithe, straitéisí MSP agus staid an gheilleagair, airgeadas poiblí, agus earnáil na meán níos leithne.

Cinntíonn sé go bhfuil cúiseanna soiléire le haon diúltú an Rialtais do mholtaí an rialtóra ag gabháil leis an diúltú. Ba cheart srian a chur le cumas an Rialtais nó an Oireachtais moltaí malartacha a thionscnamh.

Is éard a bheadh i gceist leis an bpróiseas seo togra maoiniúcháin ón Rialtas a chur i láthair go foirmiúil don Dáil, mar a mhol ÚCÉ/Coimisiún na Meán, is dóichí i rún nó i mBille chun leithdháileadh ilbhliantúil airgid phoiblí ar MSP agus ÁSP a údarú ón bPríomh-Chiste gach trí nó ceithre bliana, agus ceadú an rúin nó an Bhille sin ag Tithe an Oireachtais.

SEASAMH/FREAGRA:

Tá nasc idir an moladh seo agus an moladh chun aistriú chuig samhail arna maoiniú ag an Státchiste nár glacadh leis. Aithnítear go mbeidh gá le maoiniú breise, a gcomhaontófar a mhionsonraí i gcomhthéacs phróiseas na Meastachán bliantúil agus toradh obair an Ghrúpa Theicniúil atá beartaithe chun an tsamhail reatha a athchóiriú. Ní mór don Rialtas riachtanais an gheilleagair a bhreithniú sa bhabhta agus a sholúbthacht a choinneáil chun freagairt d'imeachtaí agus do chúinsí athraitheacha. Mar sin féin, coinneoidh Coimisiún na Meán ról reatha ÚCÉ i measúnú a dhéanamh ar riachtanais mhaoinithe na MSPanna maidir lena cuspóirí seirbhíse poiblí a chur i gcrích, agus comhairle dá leithéid a chur ar fáil don Aire.

GNÍOMHARTHA:

- Déanfar aon mhaoiniú eatramhach breise a chomhaontú i gcomhthéacs phróiseas bliantúil na Meastachán
- Tabharfaidh an Grúpa Teicniúil moltaí maidir leis an táille ceadúnais teilifíse a athchóiriú.
- Déanfar breithniú ar ról fadtéarmach Choimisiún na Meán i dtaobh riachtanais mhaoinithe MSPanna a mheasúnú agus a chinneadh, bunaithe ar an gcinneadh deiridh ar an tsamhail mhaoinithe.

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

*Tá nasc idir an moladh seo agus an moladh chun aistriú chuig samhail arna maoiniú ag an Státchiste nár glacadh leis. Mar sin féin, fágfaidh na creataí maoirseachta nua (féach an freagra ar Mholadh 5.3) go mbeifear in ann monatóireacht a dhéanamh i rith an ama ar fheidhmíocht MSPanna agus ar thorthaí airgeadais.*

## MOLADH 8-3 ACMHAINNÍ A CHUR AR FÁIL DON RIALÁIL AGUS DON FHORBAIRT ÉIFEACHTACH

Ba cheart acmhainní suntasacha a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun na huaillmhianta a thugtar sa tuarascáil seo a chomhlíonadh, earnáil na meán a chur ar bhonn inbhuanaithe amach anseo, tacú le forbairt earnáil na meán ar gach ardán, chomh maith leis na róil shuntasacha atá le tabhairt de réir an Bhille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán i dtaobh sábháilteacht ar líne a rialáil ar ardáin ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart acmhainn inmheánach ÚCÉ/Choimisiún na Meán le haghaidh taighde agus meastóireachta a fhorbairt trí Aonad Taighde Straitéisigh agus acmhainní cuí agus an saineolas inmheánach ann a bhunú chun taighde agus meastóireacht eacnamaíoch, airgeadais agus shóisialta a dhéanamh a bheadh riachtanach lena chúraimí a chomhlíonadh. Ba cheart an tAonad a bhunú in am chun tabhairt faoin measúnú agus leithdháileadh maoinithe do MSP don bhliain airgeadais 2024.

Ba cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí NewERA ó 2022 ar aghaidh.

D’fhéadfaí an tAcht Craolacháin a leasú chun ligean don rialtóir tabhairt faoi athbhreithnithe téama-dhírithe de réir mar is gá.

Ba cheart do ÚCÉ/Coimisiún na Meán taighde ar ionchais agus roghanna lucht féachana agus éisteachta a choimisiúnú agus a chomhordú lena chinntiú go bhfuil MSP ag freastal go héifeachtach ar riachtanais an phobail.

Ba chóir ról níos mó a fhorbairt do Chomhairlí Lucht Féachana agus Éisteachta a bheidh ag teacht leis an sainmhíniú ar “an pobal” a bhfuil glacadh ag an gCoimisiún leis agus trína dtabharfar tacaíocht don éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus plé ar bhonn níos daonlathaí le ceisteanna níos ginearálta sa phobal i gcoitinne.

SEASAMH/FREAGRA:

Leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, mar aon leis an Acht Craolacháin, 2009, leagfar amach an timpeallacht fhoriomlán rialála le haghaidh MSPanna. Déanfar aon leasuithe reachtaíochta eile (ar an Acht Craolacháin) a mheas mar chuid den phróiseas feidhmithe i gcoitinne.

Agus é ag aontú leis an moladh seo, agus ag aithint an tábhacht a bhaineann le hacmhainní cuí, bunóidh Coimisiún na Meán Aonad Acmhainní Straitéiseacha chun cumas taighde a dhéanamh go hinmheánach.

Tá beartaithe RTÉ agus TG4 a ainmniú faoi Acht GBCN, 2014.

GNÍOMHARTHA:

- Tabharfar faoi Athbhreithniú ar an Acht Craolacháin
- Ainmneofar RTÉ agus TG4 faoi Acht GBCN 2014.
- Tabharfar faoi athbhreithniú ar an gcreat rialachais foriomlán le haghaidh MSPanna (lena n-áirítear an RTCEGSM, ÚCÉ/Coimisiún na Meán agus NewERA) agus glacfar leis an gcreat is oiriúnaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na Comhairle Lucht Féachana chun tuairim an phobail a thomhas níos fearr

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: Athbhreithniú ar an Acht Craolacháin (An **RTCEGSM**), Ainmniú **GBCN (An Roinn Airgeadais/An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**), Athbhreithniú ar an gCreat Rialachais (An RTCEGSM/ **Coimisiún na Meán**), Aonad Taighde agus Comhairlí Athbhreithnithe Lucht Féachana (**ÚCÉ/Coimisiún na Meán)**

Amlíne: Creat rialachais **(R3 2024)**; Ainmniú faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta **(R3 2024)**; Scéim Ghinearálta na reachtaíochta leasaithí **(R4 2024)**

### MOLADH 8-4: RIALÚ NA HEARNÁLA NEAMHSPLEÁICHE

Ba cheart téarma alt 70 Conarthaí do theilifís neamhspleách a shíneadh go dtí 10 mbliana, chun leanúnachas agus infheistíocht fhadtéarmach chobhsaí a éascú.

### SEASAMH/FREAGRA:

Agus é ag aithint gur gá leanúnachas agus infheistíocht fhadtéarmach chobhsaí a éascú, déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar fhad chonarthaí Alt 70 le haghaidh teilifís neamhspleách agus a n-oibleagáidí ceadúnaithe á gcur san áireamh.

### GNÍOMHARTHA:

- Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar aon dul lena ndualgais cheadúnaithe

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R1 2024**

### MOLADH 8-5: ATHRUITHE AR FHORÁLACHA RIALÁLA DO MHAOINIÚ ÁSP

Ba cheart Cuid 10 den Acht Craolacháin 2009 a leasú faoin mbliain 2024 chun foráil a dhéanamh do Chiste Meán Cumarsáide atá neodrach ó thaobh ardáin a chur in ionad an Chiste Craolacháin chun go bhféadfar tacaíocht a thabhairt do ÁSP agus do PSCPanna agus chun raon níos leithne ábhar a cheadú, lena n-áirítear spórt agus nuacht agus cúrsaí reatha a mhaoiniú. Áirítear leis seo leathnú a dhéanamh ar chuspóirí na scéimeanna, mar atá leagtha amach in alt 155 chun neodracht ardáin a léiriú agus cuspóirí an mhaoinithe stáit do ÁSP a lua.

Ba cheart an córas chun leibhéal Chiste na Meán a mheasúnú a bheith cosúil leis an gcóras atá beartaithe thuas do mhaoiniú MSP agus ba cheart do ÚCÉ/Coimisiún na Meán an measúnú sin a dhéanamh i gcomhthráth leis an measúnú sin.

Ba cheart cumhacht a bheith ag an Aire, ag an Rialtas agus ag an Oireachtas an leibhéal maoinithe atá beartaithe a cheadú nó a dhiúltú, ach gan é a leasú.

San fhadtéarma, ba cheart dearadh, cur chun feidhme agus meastóireacht an mhaoinithe ÁSP a bheith ina ábhar do Choimisiún na Meán den chuid is mó.

SEASAMH/FREAGRA:

Tá glactha ag an Rialtas leis go soláthróidh meicníocht nua maoinithe atá neodrach ó thaobh ardáin struchtúr tacaíochta atá feabhsaithe go mór d'earnáil na meán.  Cuirfidh an Bille RSALM bunús reachtúil ar fáil don chiste nua agus beidh sé de chúram ar Choimisiún na Meán an réimse scéimeanna tacaíochta atá molta ag an gCoimisiún a fhorbairt.  Tá sé i gceist na scéimeanna fuaime agus físe agus cartlainne atá ann faoi láthair a choinneáil, agus faoi mar a luadh roimhe seo, scrúdóidh Coimisiún na Meán an scóip chun an maoiniú atá ar fáil faoi F&F a mhéadú.  D'aontaigh an Rialtas go soláthrófaí €6m do Chiste na Meán in 2023, agus is é an tosaíocht atá ann scéimeanna Tuairiscithe Cúirteanna agus Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Ní mór do Choimisiún na Meán measúnú a dhéanamh ar mhaoiniú amach anseo.

GNÍOMHARTHA:

- Athruithe riachtanacha reachtaíochta a dhéanamh chun foráil a dhéanamh do Chiste na Meán ar bhonn reachtúil
- Déanfaidh Coimisiún na Meán agus an RTCEGSM imscrúdú ar an bhféidearthacht a bhaineann le réimse níos leithne ábhar a mhaoiniú, agus aird á tabhairt ar rialacha státchabhrach an AE

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Grúpa i gCeannas: Athrú reachtach: **An RTCEGSM**, Staidéar Féidearthachta (**Coimisiún na Meán**)

Amlíne: ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun indéantacht réimse níos leithne ábhar a fhiosrú - le linn **2023**.

## MOLADH 8-6 SONRAÍ A BHAINEANN LE SUNTASACHT

Tacaíonn an Coimisiún leis na forálacha atá le bheith sa Bhille RSALM lena dtrasuítear Airteagal 7a den TSMCA Athbhreithnithe trína dtabharfar cumhacht do Choimisiún na Meán rialacha a dhéanamh a éilíonn suntasacht do ÁSP. Beidh na rialacha i bhfeidhm ar sheirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc. Molann an Coimisiún go ndéanfadh Coimisiún na Meán rialacha den sórt sin a luaithe is féidir, ar é a bhunú.

Ba cheart don Ghrúpa Feidhmithe a scrúdú cé acu is féidir agus ar cheart sonraí maidir le tomhaltas ÁSP a thionscnaítear in Éirinn ar ardáin idirnáisiúnta SVOD a roinnt le SÁSPanna na hÉireann.

SEASAMH/FREAGRA:

De réir na bhforálacha suntasachta sa Bhille RSALM, glacfaidh Coimisiún na Meán freagracht air féin as rialacha a fhorbairt chun suntasacht ÁSP a fheabhsú. Beidh an RTCEGSM i gceannas ar phlé ar shaincheisteanna a bhaineann le comhroinnt sonraí faoi thomhaltas ÁSP a thionscnaítear in Éirinn ar ardáin idirnáisiúnta SVOD.

GNÍOMHARTHA:

- Leis an Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán, cuirfear bonn taca reachtúil ar fáil chun suntasacht ábhar na seirbhíse poiblí a neartú
- Forbróidh Coimisiún na Meán rialacha chun feabhas a chur ar fheiceálacht ÁSP
- Scrúdóidh Coimisiún na Meán cé acu ar féidir agus ar chóir sonraí maidir le tomhaltas ÁSP a thionscnaítear in Éirinn ar ardáin idirnáisiúnta SVOD a roinnt le PSCPanna na hÉireann

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Grúpa i gCeannas: **Coimisiún na Meán**

Amlíne: **R2 2024**.

## MOLADH: 8-7 CLÚMHILLEADH

Tacaíonn an Coimisiún go láidir le tuairimí Chomhairle an Phreasa maidir le reachtaíocht chlúmhillte agus iarrann sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an dlí atá á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt a bhrostú agus reachtaíocht leasaithe a fhorbairt agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2021.

### SEASAMH/FREAGRA:

I mí an Mhárta 2022, cheadaigh an Rialtas foilseacháin den Athbhreithniú ar an Acht um Chlúmhilleadh 2009, agus d'aontaigh siad reachtaíocht nua clúmhillte a ullmhú. Tá sé seo ag teacht le gealltanas Chlár an Rialtais chun dlíthe clúmhillte a athbhreithniú agus a athchóiriú.

Moltar san Athbhreithniú, agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag na meáin inár ndaonlathas trí fhaisnéis agus díospóireacht a chur ar fáil ar ábhair a bhaineann le leas an phobail, cosaint níos soiléire d'iriseoireacht fhreagrach leas an phobail. Moltar bearta speisialta san Athbhreithniú freisin maidir le clúmhilleadh ar líne.

Tá forbairt an Bhille á cur chun cinn ag an Roinn Dlí agus Cirt, agus leanfaidh an Grúpa Feidhmithe de bheith páirteach de réir mar a dhréachtaítear an reachtaíocht.

### GNÍOMHARTHA:

- Tá an Bille um Chlúmhilleadh (Leasú) san áireamh i gClár Reachtaíochta an Rialtais, agus tá an Roinn Dlí agus Cirt ag obair i dtreo Scéim Ghinearálta an Bhille a fhoilsiú i R1 2023;
- Fanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt i dteagmháil leanúnach leis an RTCEGSM maidir le clúmhilleadh ar líne agus leis an Roinn Fiontar agus Fostaíochta maidir leis an Acht Seirbhísí Digiteacha.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An Roinn Dlí agus Cirt**

Amlíne: Tar éis é a fhoilsiú, cuirfear an bille ar aghaidh tríd an Oireachtas ar an ngnáthbhealach.

## MOLADH 8-8 BRÉAGAISNÉIS

Molann an Coimisiún Straitéis Náisiúnta Frithbhréagaisnéise a fhorbairt chun cur le muinín daoine Éireannacha a úsáideann ardáin dhomhanda ábhair agus chun sábháilteacht na ndaoine sin a chosaint. Ba chóir don Straitéis:

Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí náisiúnta chun cur i gcoinne feachtais chomhordaithe eagraithe chun tabhairt ar úsáideoirí Éireannacha an idirlín agus chun trédhearcacht a chinntiú i gcás polasaithe modhnóireachta ábhair a bhaineann le saoránaigh na hÉireann;

Forbairt a dhéanamh ar mhonatóireacht éifeachtach fhadtéarmach ar chur i bhfeidhm Chód Cleachtais an AE maidir le Bréagaisnéis agus cur i bhfeidhm na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha in Éirinn;

A bheith forbartha i gcomhairle leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha go léir, Mol EDMO na hÉireann, páirtithe leasmhara sa tionscal, eagraíochtaí nuachta, grúpaí sochaí sibhialta agus taighdeoirí bréagaisnéise Éireannacha agus seiceálaithe fíricí Éireannacha. Ba cheart go gcuimseodh an Straitéis ról do shaoránaigh na hÉireann freisin, a d'fhéadfadh maoirseacht a lorg ar chinntí a théann i bhfeidhm ar úsáideoirí Éireannacha ar ardáin ábhair, nó ar na gearáin a dhéanann siad;

Samplaí eile den dea-chleachtas idirnáisiúnta a scrúdú;

Caidrimh a fhorbairt idir ardáin agus taighdeoirí acadúla a éascaíonn rochtain ar shonraí a chuirfeadh bonn eolais faoi idirghabhálacha níos fearr chun scaipeadh na bréagaisnéise a stopadh;

Bearta a aithint chun tacú le nuálaíocht i seiceáil fíricí agus i dtaighde ar bhréagaisnéis agus tacaíocht a sholáthar don nuálaíocht i réimsí atá ríthábhachtach do chomhlíonadh na timpeallachta rialála nua atá cruthaithe san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha;

Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh litearthachta meán arb ann dóibh cheana in Éirinn, lena n-áirítear scrúdú ar an deis go mbeadh cur chuige níos comhcheangailte ann idir ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha maidir le tionscnaimh litearthachta sna meáin a fhorbairt. Ba cheart cláir phíolótacha do litearthacht sna meáin a thiocfaidh as an athbhreithniú seo a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht dhíreach faoi Chiste na Meán;

Aitheantas a thabhairt don ról atá ag an iriseoireacht atá saor, neamhspleách agus ar ardchaighdeán dul i gcoinne na bréagaisnéise. Teacht leis na hiarrachtaí atá ar bun le soláthar na faisnéise is inspéise don phobal a chosaint go háitiúil agus go náisiúnta.

## SEASAMH/FREAGRA:

Aitheantas a thabhairt gur réimse coimpléascach is ea rialáil na meán. Tá baicle beart ag teastáil chun dul i ngleic le hábhar díobhálach agus le hábhar mídhleathach. Leis an Straitéis Náisiúnta Frithbhréagaisnéise, beifear ag obair san am céanna le bearta reachtacha, rialála agus beartais lena chinntiú go ndéanfar an oiread rialála is féidir ar an earnáil an-leathan seo. Beifear ag féachaint sa Straitéis cur le muinín daoine agus lena sábháilteacht a chosaint agus iad ag baint feidhm as ardáin dhomhanda ábhair. In éindí leis an Straitéis Náisiúnta Frithbhréagaisnéise, déanfar foráil san Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne le go gceapfar Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne i gCoimisiún na Meán a bheidh ag gníomhú ina rialtóir cumhachtach chun an chuntasacht a fheidhmiú san earnáil agus chun an tsábháilteacht ar líne a fheabhsú. Fágfaidh an Acht go mbeidh Coimisiún na Meán in ann leanúint ar aghaidh le hobair Údarás Craolacháin na hÉireann ar litearthacht na meán. Déanfar éascaíocht ar thionscnaimh trí Thuiscint ar na Meáin, Éire.

Meitheal a dhéanfaidh forbairt ar an Straitéis atá beartaithe agus an sprioc ann oiread is féidir de mholtaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus is praiticiúil. An RTCEGSM a chuirfidh an Mheitheal ar bun go foirmiúil agus tuairisceoidh an Mheitheal don Roinn sin. Is é an RTCEGSM a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don mheitheal.

## GNÍOMHARTHA:

- Beidh an Mheitheal curtha ar bun ag an RTCEGSM faoi tús na bliana in 2023 agus clár oibre socraithe de réir téarmaí tagartha a bheidh socraithe faoi sin chomh maith.
- Faoi dheireadh R2 in 2023, beidh na paraiméadair don straitéis sonraithe ag an Meitheal agus páipéir curtha ar fáil acu ar na ceisteanna is mó atá le socrú, a bheidh ag teacht leis na téarmaí tagartha.
- Le linn R2 2023, foilseoidh an Mheitheal dréachtstraitéis, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí a chuirfeadh fóram comhairliúcháin éascaithe i gcrích ag tús R3.
- Tabharfaí an dréacht-straitéis chun críche faoi dheireadh R3 2023 agus bheadh sí réidh le foilsiú i Ráithe 4 2023 faoi réir próisis cheadaithe ábhartha.
- Eanáir 2024 ar aghaidh: An Straitéis Náisiúnta Frithbhréagaisnéise a chur i bhfeidhm.

## FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Grúpa i gCeannas: Beidh an **RTCEGSM** i gceannas ar fhorbairt na Straitéise i gcomhairle leis an **Meitheal** atá beartaithe.

Amlíne: Foilsiú na Straitéise faoi **R4 2023**

## MOLADH 8-9 BUNÚS REACHTÚIL A SHOLÁTHAR DO SHAINCHÚRAM LEATHNAITHE CHOIMISIÚN NA MEÁN

Agus na freagrachtaí breise tábhachtacha atá beartaithe do Choimisiún na Meán á gcur san áireamh, ba cheart don Rialtas bunús reachtúil a sholáthar dá shainchúram leathnaithe.

Molann an Coimisiún go gcuirfeadh an Rialtas bonn reachtúil ar fáil do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán. Ba cheart don Ghrúpa Feidhmithe athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí agus ar fheidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán, mar a fhoráiltear faoi láthair i Scéim Ghinearálta an Bhille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán, agus ba cheart leasuithe reachtacha iomchuí a thabhairt isteach ina dhiaidh sin, faoi 2024, chun cur ar chumas Choimisiún na Meán an ról leathnaithe atá beartaithe dó ag Coimisiún Todhchaí na Meán a chomhlíonadh. Fágann sé sin gur rialtóir neamhspleách é Coimisiún na Meán a bhfuil feidhm aige freisin chun tacú le forbairt earnáil na meán ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de, lena n-áirítear trí nuálaíocht, claochlú digiteach agus forbairt samhlacha gnó na meán a éascú agus tacú leo, agus trí mheáin iolraíocha ardchaighdeáin a chur chun cinn a sholáthraíonn seirbhísí do phobal éagsúil ar bhealach cuimsitheach agus inrochtana.

### SEASAMH/FREAGRA:

Foráiltear do Choimisiún Meán nua a bhunú san Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán. Glacfaidh an comhlacht nua - Coimisiún na Meán — le réimse feidhmeanna agus oibleagáidí nua, agus coinneoidh siad feidhmeanna reachtúla reatha ÚCÉ.

Tá an Grúpa Feidhmithe sásta gur leor na forálacha reatha atá san Acht RSALM chun cur ar chumas Choimisiún na Meán glacadh leis na feidhmeanna éagsúla molta atá i dtuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (nó de réir mar a athraítear de réir na Straitéise Feidhmithe seo). Dá bhrí sin, ní mheastar go bhfuil gá leis an athbhreithniú beartaithe ar fhorálacha Bhille RSALM a mholtar. Mar sin féin, tacóidh bunú Choimisiún na Meán ar bhonn riaracháin agus luathfhorbairt na dtionscnamh agus na dtacaíochtaí a mholtar i dtuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán le cur i bhfeidhm moltaí eile.

### GNÍOMHARTHA:

- An RTCEGSM agus ÚCÉ le bunú Choimisiún na Meán a chur chun cinn ar bhonn riaracháin
- Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe breithniú ar aon athruithe reachtaíochta eile a theastaíonn (i gcomhthéacs fheidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán) mar chuid den phróiseas feidhmithe foriomlán.

### FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM**

Amlíne: Coimisiún na Meán bunaithe ar bhonn reachtach i **R1 2023**

## CAIBIDIL 7: COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo den Straitéis agus den Phlean Gníomhaithe ar ghné rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara den phróiseas Feidhmithe.

Mar chuid den phróiseas Feidhmithe, bunófar Fóram Páirtithe Leasmhara faoi **mhí Feabhra 2023.** Tiocfaidh an Fóram Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara le chéile **trí huaire sa bhliain**, agus tabharfar an Fóram cothrom le dáta maidir leis an bpróiseas feidhmithe agus maidir leis na tuairimí a lorgófar.

Féadfar a mheas go bhfuil páirtithe leasmhara breise sa bhreis ar na páirtithe leasmhara atá liostaithe thíos mar is iomchuí de réir mar a théann an próiseas feidhmithe ar aghaidh.

### FOIRMIÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT AN GHRÚPA COMHAIRLIÚCHÁIN PÁIRTITHE LEASMHARA

Beidh athruithe ar reachtaíocht, ar rialáil agus ar mhaoiniú mar thoradh ar chur chun feidhme mholtaí forleathana an Choimisiúin, agus beidh gá leo freisin Ranna, Gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha éagsúla a chomhordú. Tá sé i gceist ag an nGrúpa Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara na páirtithe leasmhara iomchuí go léir a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas feidhmithe.

Mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán na grúpaí seo a leanas a bheith san áireamh sa Ghrúpa Comhairliúcháin:

RTÉ; Screen Producers Ireland; TG4; Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann; Virgin Media; Ionadaí ón Earnáil Míchumais Teilifíse, Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann; Réadlann na Meán Digiteach Eorpach - Regional Hub Dublin; CRAOL - Community Radio Ireland; Conradh na Gaeilge; Aontas Náisiúnta na nIriseoirí; Comhairle an Phreasa; NewsBrands Ireland; Spórt Éireann; Éire Áitiúil; Teicneolaíocht Éireann; an Saol Acadúil

SEASAMH/FREAGRA:

Beidh saineolas agus taithí réimse páirtithe leasmhara ina ghné thábhachtach i gcur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin, agus comhaontaítear go mbunófar Grúpa Comhairleach mar a mhol an Coimisiún.

Beidh an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara seo ina dheis ag an nGrúpa Feidhmithe dul i gcomhairle leis an Straitéis Feidhmithe seo, chun tuairimí a lorg faoi na gníomhartha agus na hamlínte atá beartaithe, agus chun cabhrú leis an nGrúpa Feidhmithe agus leis na príomhpháirtithe aonair maidir le gníomhartha agus bearta amach anseo.

Mar chéim tosaigh, tabharfar cuireadh do na páirtithe leasmhara atá liostaithe thíos chuig seisiún faisnéise faoin Straitéis Feidhmithe seo roimh dheireadh na bliana. Tá sé i gceist go mbeidh rannpháirtíocht spriocdhírithe ar siúl maidir le téamaí éagsúla — ach freisin gníomh a dhéanamh den amscála comhaontaithe le haghaidh gnímh agus cur chun feidhme. Mar shampla, táthar ag súil go mbeidh rannpháirtíocht shuntasach ann maidir leis an athbhreithniú ar sheirbhísí Gaeilge atá beartaithe anois. Féadfaidh an próiseas réimsí a shainaithint freisin a dteastaíonn tuilleadh comhairliúcháin uathu ón nGrúpa Feidhmithe nó ó phríomhpháirtithe aonair.

I gcomhréir le comhdhéanamh molta an Ghrúpa ón gCoimisiún, sainaithníodh na heagraíochtaí seo a leanas lena gcur san áireamh san Fhóram Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara:

- RTÉ
- TG4

- Léiritheoirí Scáileán Éireann
- Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
- Virgin Media
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann
- Réadlann na Meán Digiteach Eorpach
- Mol Réigiúnach, Baile Átha Cliath
- CRAOL - Community Radio Ireland
- Conradh na Gaeilge
- Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí
- Comhairle an Phreasa
- NewsBrands Ireland
- Spórt Éireann
- Local Ireland
- Free Media Ireland
- Technology Ireland

GNÍOMHARTHA:

- Cuireadh síneadh le cuirí chuig páirtithe leasmhara agus Grúpa Comhairliúcháin a bhunú faoi dheireadh mhí Eanair 2023 agus tionólfar an chéad chruinniú a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin
- Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Grúpa Comhairliúcháin le chéile 3-4 huaire sa bhliain ar a ndéanfar na comhaltaí a thabhairt cothrom le dáta ar an bpróiseas feidhmithe
- Is féidir breithniú a dhéanamh maidir leis an nGrúpa Comhairliúcháin a leathnú de réir mar is cuí

FREAGRACHTAÍ AGUS AMLÍNE AN LUCHT CEANNAIS:

Na Comhlachtaí i gCeannas: **RTCEGSM** i gcomhar le **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** agus **Grúpa Feidhmithe**

Amlíne: An Chéad Chruinniú le bheith ag Grúpa Comhairleach na bPáirtithe Leasmhara faoi **R1 2023**

## AGUISÍN 1: PLEAN GNÍOMHAITHE MIONSONRAITHE

| Rec. No. | Gníomhartha socraithe | Lucht Ceannais agus Comhpháirtithe | Amlíne |
|---|---|---|---|
| MOLADH 2-1 LUACH A CHUR AR ÁBHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ MAR BHONNEAGAR CRITICIÚIL POIBLÍ | | | |
| 2-1 | • Tá an Grúpa Feidhmithe le breithniú a dhéanamh ar mar is féidir MSP agus ábhar a aithint mar bhonneagar poiblí criticiúil<br>• Breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon ainmniú ábhair den sórt sin ar chuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4, agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do scéimeanna maoinithe<br>• Breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha iomchuí chun éifeacht a thabhairt don mholadh seo | An Roinn i gCeannas: **RTCEGSM** – Tacaíocht ó: **An Grúpa Feidhmithe** | Amscála: Athbhreithniú le déanamh ar Chuid 7 den Acht Craolacháin faoi **R2 2023**.<br>An Grúpa Feidhmithe le toradh an athbhreithnithe agus na roghanna neamhreachtacha a bhreithniú. Más gá leasuithe reachtacha a dhéanamh, beidh an Scéim Ghinearálta lena cur chun cinn faoi **R4 2024** |
| MOLADH 2-2 AGHAIDH A THABHAIRT AR INBHUANAITHEACHT NA TIMPEALLACHTA | | | |
| 2-2 | • Osclóidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin do chomhaltas níos leithne nó forbróidh sé líonraí a bhaineann go sonrach leis an earnáil<br>• Scrúdóidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán an Treochlár Inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair agus, i gcomhairle leis na Líonraí leathnaithe nó breise, cuirfidh sé in oiriúint é d'úsáid earnáil na meán i gcoitinne agus ullmhóidh sé chun Treochlár athbhreithnithe a dhréachtú agus a fhoilsiú<br>• Tabharfar isteach caighdeáin/critéir chuí inbhuanaitheachta i bhforbairt na gcritéar do chritéir atá beartaithe do scéimeanna na gCistí Meán;<br>• Forbróidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán, i gcomhar le páirtithe leasmhara earnála éagsúla (cló/ar líne/closamhairc), méadrachtaí agus sonraí bonnlíne cuí chun tuairisciú ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta na hearnála a chumasú, critéir mhaoinithe a chur i bhfeidhm nó an treochlár inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. | Beidh **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** i gceannas ar ghníomhartha. | Amlíne le cur i gcrích: Athbhreithniú ar shocruithe deimhniúcháin Áireamhán Albert le comhlánú faoi **R2 2023**. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Leanfaidh an RTCÉGSM de bheith i dteagmháil le RTÉ agus le TG4 maidir le bearta comhaontaithe um athrú aeráide a sheachadadh (ag féachaint don Chreat don Earnáil Leathstáit Tráchtála chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide, arna bhforbairt ag NewERA)<br>• Tar éis a bhunaithe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le comhpháirtithe eile, ar nós Fís Éireann, maidir le próiseas buandheimhniúcháin a bhunú do chórais a úsáideann léiritheoirí ábhair chun tionchair chomhshaoil a thomhas (amhail foireann uirlisí áireamháin charbóin Albert a chur i bhfeidhm). | | |
| MOLADH 2-3 MONATÓIREACHT, SONRAÍ AGUS TAIGHDE MAIDIR LE COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSITHEACHT (CÉI) | | | |
| 2-3 | • Tá an RTCEGSM le dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán maidir le haonad taighde straitéiseach a bhunú agus acmhainní cuí a chur ar fáil dó<br>• Tá Coimisiún na Meán chun méadrachtaí maidir le caighdeáin sonraí a fhorbairt a bheidh le teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Comhionannais, lena chinntiú go mbaileoidh agus go bhfoilseoidh MSPanna agus SÁSPanna sonraí bonnlíne comhsheasmhach inchomparáide CÉI<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán anailís ar na roghanna cur i bhfeidhm (i gcomhairle le páirtithe leasmhara) lena n-áirítear foilsiú deonach na sonraí atá ar fáil (agus straitéis CÉI atá beartaithe mar atá leagtha amach i Moladh 2.4 á cur san áireamh)<br>• Tá RTCEGSM le breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha ar an Acht Craolacháin oiriúnach d'fhonn go mbaileodh agus go bhfoilseodh MSPanna sonraí CÉI<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar chritéir na scéime maoinithe d'fhonn caighdeáin/critéir chuí a chuimsiú lena chinntiú go mbaileofar sonraí comhsheasmhacha inchomparáide CÉI<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán monatóireacht ar shonraí CÉI ar fud MSPanna agus SÁSPanna. | An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar anailís beartais agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara le **RTCEGSM**. **Coimisiún na Meán:** caighdeáin sonraí agus méadrachtaí chun a chinntiú go mbaileofar agus go bhfoilseofar sonraí comhsheasmhacha inchomparáide CÉI. **RTCEGSM** le breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil leasuithe reachtacha oiriúnach do MSPanna agus do SÁSPanna chun sonraí CÉI a bhailiú agus a fhoilsiú. | Amlíne le cur i gcrích: Foilsiú deonach na sonraí atá ar fáil chun ailíniú a dhéanamh le Straitéis CÉI atá dlite in **R4 2023** (Más oiriúnach, beidh bunús reachtúil le foilsiú faoi réir reachtaíocht leasaitheach a thabhairt ar aghaidh) |
| MOLADH 2-4 CAIGHDEÁIN CÉI | | | |
| 2-4 | • Mar chéad chéim, foilseoidh ÚCÉ a athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe Inscne in R1 2023. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo bonn eolais faoi fhorbairt na Straitéise CÉI ag Coimisiún na Mean<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán anailís ar na roghanna cur i bhfeidhm (i gcomhairle le páirtithe leasmhara) | An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar anailís beartais agus ar chomhairliúchán le | Amlíne: Foilseoidh ÚCÉ an t-athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaithe um Inscne in **R1 2023**. Forbróidh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Déanfaidh Coimisiún na Meán machnamh ar an gcreat is oiriúnaí chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus ar mar is féidir monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh air.<br>• Tar éis do Choimisiún na Meán anailís a dhéanamh, déanfaidh an RTCEGSM breithniú ar cibé an bhfuil aon athrú reachtach ag teastáil | páirtithe leasmhara le **RTCEGSM**. Breithniú a dhéanamh ar an gcreat is oiriúnaí chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus ar mar is féidir monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh (**Coimisiún na Meán**). | Coimisiún na Meán Straitéis CÉI faoi **R4 2023** |
| MOLADH 2-5 BOIRD ÉAGSÚLACHTA AGUS CEANNAIREACHT | | | |
| 2-5 | • Déanfaidh Coimisiún na Meán comhairliúchán trí Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara chun scrúdú a dhéanamh ar indéantacht na mbord éagsúlachta ar fud na hearnála, agus déanfaidh sé taighde ar stádas reatha na straitéisí éagsúlachta srl. laistigh d'earnáil na meán<br>• Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil le RTÉ agus le TG4 maidir leis an moladh maidir le freagracht bhainistíochta shinsearach i leith CÉI laistigh de gach eagraíocht faoi seach agus déanfaidh sé moltaí maidir le tuilleadh gníomhaithe a d'fhéadfadh na MSPanna a bhreithniú | An Roinn i gCeannas: Tá **Comhairle na Meán** le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a chur i gcrích.<br>Beidh **Coimisiún na Meán** ag plé le RTÉ & TG4 maidir leis an bhfreagracht mholta bainistíochta sinsearacha i leith CÉI. | Amlíne: le cur i gcrích faoi **R3 2024** |
| MOLADH 2-6 OIDEACHAS, OILIÚINT AGUS FOSTAÍOCHT ÉAGSÚLACHTA | | | |
| 2-6 | • Tá Coimisiún na Meán le dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara earnála agus leis an tsochaí shibhialta/eagraíochtaí neamhrialtasacha chun treoirlínte a fhorbairt maidir le tuairisciú a dhéanamh ar mhionlaigh nó scéalta a bhaineann le mionlaigh a fhorbairt, agus meicníochtaí faireacháin cuí a fhorbairt agus a chur i gcrích<br>• Tá Coimisiún na Meán le dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara earnála chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt creata oiliúna cuí CÉI<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán scrúdú (i gcomhar le MSP agus Ranna/comhlachtaí poiblí ábhartha) ar sholáthar príomhábhair dóibhsean nach é an Béarla ná nach í an Ghaeilge an phríomhtheanga atá acu. | Tá **ÚCÉ/Coimisiún na Meán le** bheith i gceannas agus an RTCEGSM le dul i mbun oibre leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais chun acmhainní a shainaithint chun an gníomh seo a chur i gcrích. | Amlíne: le cur i gcrích faoi **R4 2024** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Déanfaidh Coimisiún na Meán, i gcomhar le RBATNE agus le páirtithe leasmhara ábhartha, na tascanna seo a leanas a chur i gcrích:<br>o Na bealaí atá ann faoi láthair i dtreo gairm in earnáil na meán a aithint agus a leagan amach. Mar chuid de seo, dhéanfaí athbhreithniú ar na conairí éagsúla i dtreo gairmeacha i réimsí amhail an iriseoireacht, léiriúchán, róil chruthaitheacha, agus a leithéid.<br>o Scrúdú a dhéanamh ar an stádas reatha a bhaineann le straitéisí ábhartha ardoideachais agus breisoideachais do gach cuid den ghairm agus na fadhbanna ó thaobh bacainní/inrochtana atá ann faoi láthair a shonrú (mar shampla, Plean Gníomhaithe don Phrintíseacht)<br>o Na deiseanna nua oiliúna nó i gconairí gairme a fhiosrú san ardoideachas agus breisoideachas<br>o Bealaí a fhiosrú lena chinntiú go bhfuil agus go mbeidh teacht ag raon leathan ionadaíoch den tsochaí ar chonairí gairme nua agus reatha (mar shampla, tacaíocht chuí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste) | | |
| MOLADH 2-7 INROCHTAINEACHT | | | |
| 2-7 | • Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil, de réir mar is cuí, le páirtithe leasmhara d'fhonn comhpháirtíocht a dhéanamh le grúpaí ionadaíochta do dhaoine faoi mhíchumas chun a chinntiú go gcuireann MSP ábhar cuimsitheach agus inrochtana ar fáil.<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán rialacha athbhreithnithe trína ndéanfar foráil d'inrochtaineacht seirbhísí meán closamhairc do dhaoine faoi mhíchumas<br>• Smaoineoidh Coimisiún na Meán ar choiste comhairleach a bhunú ar a mbeidh daoine faoi mhíchumas agus grúpaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas<br>• Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm freisin trí chéimeanna a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna CÉI níos leithne. | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: le cur i gcrích faoi **R2 2024** |
| MOLADH 5-1 MÚNLA NUA MAOINITHE POIBLÍ DO NA MEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ | | | |
| 5-1 | • Bhunaigh an Rialtas Meitheal Oibre Teicniúil chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir leis an athchóiriú agus an feabhsú riachtanach a theastaíonn ar an gcóras reatha ceadúnas teilifíse chun soláthar cuí a dhéanamh do riachtanais mhaoinithe na meán seirbhíse poiblí in Éirinn. | An Roinn i gCeannas: **RTCEGSM -** le tacaíocht ón **Meitheal Oibre Teicniúil** | Amlíne: Tá an Meitheal Oibre Teicniúil le tuairisciú ar dhul chun cinn don Rialtas in **R1 2023** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Tá an grúpa ag scrúdú réimse saincheisteanna lena n-áirítear dliteanas pá; na tacair sonraí agus an bunachar sonraí a theastaíonn chun tacú le haon chóras leasaithe; na córais bhailiúcháin agus forfheidhmithe is iomchuí; agus fráma ama le cur i bhfeidhm.<br>• Scrúdófar na creataí tuairiscithe reatha lena chinntiú go bhfuil an trédhearcacht riachtanach maidir le húsáid an chistithe phoiblí á cur ar fáil ag MSPanna agus go gcuirfear aon athruithe riachtanacha reachtaíochta i bhfeidhm. | | Tá an tathchóiriú ceadúnas teilifíse le cur i bhfeidhm faoi **R3 2024.** |
| MOLADH 5-2 SOCRUITHE EATRAMHACHA MAOINITHE DON TRÉIMHSE 2021-2023 | | | |
| 5-2 | • Is é an riachtanas anois bonn maoinithe inbhuanaithe neamh-Státchiste a cheapadh, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm do RTÉ agus do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gcoitinne<br>• Mura ndéantar, agus go dtí go ndéanfar an príomhchuspóir seo a sheachadadh go rathúil, b'fhéidir go mbeidh ar an Rialtas riachtanais mhaoinithe eatramhacha a bhreithniú arís.<br>• Go dtí go ndéanfar cinntí maidir le hathchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse, déanfar athbhreithniú ar riachtanais mhaoinithe féideartha RTÉ agus TG4<br>• Go dtí go ndéanfar cinntí ar athchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse, b'fhéidir go mbeidh ar an Rialtas breithniú a dhéanamh arís ar mhaoiniú don Chiste Meán nua<br>• Ní mór do na Ranna ábhartha breithniú a dhéanamh ar cheadúnais teilifíse saor in aisce a bhronntar ar fhaighteoirí phacáistí Sochair Teaghlaigh an RCS. | An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** i gcomhar leis an **Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** agus **an Roinn Coimirce Sóisialaí** (mar chuid de na meastacháin bhliantúla agus den phróiseas buiséadach) | Amlíne: Beidh an amlíne seo ag brath ar an amlíne chun bonn inbhuanaithe maoinithe a cheapadh, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm do na Meáin Seirbhíse Poiblí. |
| MOLADH 5-3 FREAGRACHT AGUS TRÉDHEARCACHT A MHÉADÚ | | | |
| 5-3 | • Tús a chur leis an bpróiseas RTÉ agus TG4 a ainmniú faoi Acht GBCN, 2014. Tá an RTCEGSM le dul i mbun plé leis an RCPA agus leis an Roinn Airgeadais faoin ainmniú sin.<br>• Déanfar an creat maoirseachta do MSPanna a láidriú. Tabharfar aird ar leith ar neamhspleáchas MSPanna agus feidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán. (An RTCEGSM, Coimisiún na Meán agus NewERA)<br>• Rachaidh an RTCEGSM, Coimisiún na Meán agus NewERA i mbun plé le RTÉ agus TG4 faoin gcreat is fóirsteanaí le tuairisciú a dhéanamh ar chúrsaí feidhmíochta agus ar thorthaí airgeadais.<br>• Tá athbhreithniú le déanamh ar na téarmaí tagartha idir an RTCEGSM agus NewERA maidir le RTÉ agus seans ann go ndéanfaí prótacal nó nósanna imeachta nua a fhorbairt agus a leathnú le seirbhísí comhairleacha i dtaobh TG4 a chuimsiú | Tá an **Roinn Airgeadais** le ceannasaíocht a thabhairt i dtaobh RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí de chuid NewERA.<br><br>**An RTCEGSM, Coimisiún na Meán** agus **NewERA** chun creataí maoirseachta a fhorbairt le haghaidh MSPanna.<br><br>Rachaidh an **RTCAGSM,** | Amlínte: Tá na creataí le forbairt faoi **R4 2023**. Leasuithe reachtacha faoi **R3 2024**. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Coimisiún na Meán agus** NewERA i mbun rannpháirtíochta le RTÉ agus le TG4 ar an gcreat is oiriúnaí maidir le tuairisciú ar fheidhmíocht agus ar thorthaí airgeadais.<br><br>**Ó R3 2024** ar aghaidh, beidh ról feabhsaithe ag **Coimisiún na Meán** i dtaobh leibhéil mhaoinithe a shocrú do MSP. | |
| MOLADH 5-4 RANNPHÁIRTÍOCHT LUCHT FÉACHANA | | | |
| 5-4 | • Leanfaidh Coimisiún na Meán ar aghaidh ag plé le MSP chun meastóireacht a dhéanamh ar struchtúir agus cleachtais rannpháirtíochta lucht féachana atá ann cheana<br>• Coimisiún na Meán le tuilleadh taighde lucht féachana a choimisiúnú ar an dearcadh i leith MSP<br>• Beidh Coimisiún na Meán ag plé le páirtithe leasmhara eile chun na bearta breise a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a chinneadh lena chinntiú go léiríonn rannpháirtíocht an lucht féachana éagsúlacht shochaí na hÉireann i gceart agus go n-aithneofaí réimsí ina bhféadfadh “bearnaí” sa tseirbhís/ábhar a bheith ann | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: le cur i gcrích faoi **R4 2023** |
| MOLADH 5-5 MAOINIÚ EATRAMHACH DO RTÉ | | | |
| 5-5 | • Go dtí go ndéanfar athchóiriú ar an gcóras ceadúnas teilifíse, breithneofar riachtanais eatramhacha mhaoinithe RTÉ mar chuid den phróiseas bliantúil Buiséid agus Meastachán<br>• Leanfaidh RTÉ ag tuairisciú ar spriocanna na Straitéise Athbhreithnithe 2020-2024<br>• Beidh NewERA fós ag cuidiú leis an RTCEGSM le monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht RTÉ mar a bhaineann lena Straitéis Athbhreithnithe do 2020-2024, agus ina dhiaidh, de réir mar a dhéanfaidh RTÉ straitéisí chun dáta a ullmhú.<br>• Déanfaidh NewERA, nuair a iarrtar sin air athbhreithnithe tréimhsiúla a ullmhú nó comhairle airgeadais agus tráchtála a sholáthar do na hAirí ábhartha maidir le seasamh trádála/gníomhaíochtaí tráchtála reatha agus réamhaisnéise RTÉ. | An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** i gcomhar le **RCPA** (mar chuid de phróisis bhliantúla an Bhuiséid agus na Meastachán). | Amlíne: Faoi réir a mbreithnithe **i bpróisis bhliantúla an Bhuiséid agus na Meastachán.** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| MOLADH 5-6 FÓCAS AR LUACH AR AIRGEAD AGUS ÉIFEACHTÚLACHTAÍ | | | |
| 5-6 | • Leanfaidh RTÉ de na bearta a sainaithníodh ina Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024 a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar dhul chun cinn de réir mar is gá.<br>• Chomh maith leis sin, tabharfaidh RTÉ tús áite do dhíriú ar éifeachtúlachtaí fadtéarmacha eile agus tabharfaidh sé tuairisc ar dhul chun cinn don RTCEGSM agus NewERA.<br>• Áiritheoidh MSPanna go mbeidh creat iomchuí i bhfeidhm chun struchtúir phá agus ghráid a chinneadh<br>• Cuirfidh RTÉ a athbhreithniú leanúnach ar struchtúir ghrád agus pá i gcrích, agus glacfaidh sé (de réir mar is gá agus is cuí) straitéis chun a thorthaí a chur i bhfeidhm<br>• Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe breithniú ar an moladh maidir le leibhéil phá a thagarmharcáil in RTÉ (lena n-áirítear athbhreithniú ar chostais fhoriomlána a bhaineann le pá)<br>• Beidh NewERA fós ag cuidiú leis an RTCEGSM le monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht RTÉ mar a bhaineann lena Straitéis Athbhreithnithe do 2020-2024, agus ina dhiaidh, de réir mar a dhéanfaidh RTÉ straitéisí chun dáta a ullmhú.<br>• Ina theannta sin, ullmhóidh NewERA, nuair a iarrtar sin air, athbhreithnithe tréimhsiúla nó cuirfidh sé comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil do na hAirí ábhartha maidir le seasamh trádála/gníomhaíochtaí tráchtála reatha agus réamhaisnéise RTÉ. | An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** – tacaíocht ó: **NewERA, MSPanna** | Amlíne: **R3 2024** |
| MOLADH 5-7 RTÉ CHUN INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH SA NUÁLAÍOCHT | | | |
| 5-7 | • Iarrfar ar RTÉ moltaí a thabhairt i dtaca lena straitéis don bhainistiú sócmhainní caipitil. Féachfar go háirithe ar úsáid leanúnach a bhaint as fáltais ó dhiúscairt sócmhainní chun ath-infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus nuálaíocht.<br>• Déanfaidh RTÉ athruithe fóirsteanacha ar an Seinnteoir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus beifear ag féachaint go háirithe lena chinntiú go mbeidh sé ag teacht le riachtanais agus roghanna an lucht féachana<br>• Déanfaidh RTÉ moladh a fhorbairt chun seirbhísí fadtoinne a dhíchoimisiúnú, i gcomhairle leis an RTCEGSM agus leis an RGE.<br>• Tabharfaidh NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála do na hAirí ábhartha i dtaca le haon plean bainistithe sócmhainní caipitil a fhorbróidh RTÉ. Má iarrtar a leithéid, tá NewERA toilteanach dul i mbun | An Roinn i gCeannas: **RTÉ** chun straitéis a fhorbairt don bhainistiú sócmhainní caipitil, faoi réir athbhreithniú ag **NewERA agus an RTCEGSM**.<br><br>Tá **RTÉ** leis an Seinnteoir a fhorbairt agus athruithe air a chur sa siúl. | Amlíne: lena chur i gcrích faoi **R1 2024** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | plé le RTÉ agus an plean á fhorbairt, go háirithe ó tharla ról leanúnach a bheith ag NewERA monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024. | Tá **RTÉ** i gcomhairle leis an **RTCEGSM** agus an **RGE** le forbairt a dhéanamh ar mholadh chun seirbhísí fadtoinne a dhíchoimisiúnú. | |
| MOLADH 5-8 IONCAM TRÁCHTÁLA A FHORBAIRT | | | |
| 5-8 | • Iarrfar ar RTÉ scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun leas a bhaint as cúlchatalóga ar bhonn tráchtála<br>• Cuirfidh NewERA seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála ar fáil do na hAirí ábhartha de réir mar is gá agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le deiseanna infheistíochta arna dtuairisciú ag RTÉ.<br>• Cabhróidh NewERA le haon rannpháirtíocht bheartaithe a éascú idir RTÉ agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann de réir mar is gá. | An Roinn i gCeannas: **RTÉ**, deiseanna infheistíochta atá le scrúdú ag RTÉ, le NewEra ag cur seirbhísí comhairleacha ar fáil do na hAirí nó na Ranna ábhartha maidir leis na deiseanna a thuairiscíonn RTÉ. | Amlíne – **R1 2024** |
| MOLADH 5-9: RTÉ CHUN MAOINIÚ EASNAIMH A LAGHDÚ AGUS CAITEACHAS A CHOBHSÚ | | | |
| 5-9 | • Leis na creataí nua maoirseachta atá beartaithe (féach an fhreagairt ar Mholadh 5.3), beifear in ann monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht MSP agus ar na torthaí airgeadais. | An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM** – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán, NewERA, RTÉ** | Amlíne: **Leanúnach** |
| MOLADH 5-10: COMHOIBRIÚ LEIS AN EARNÁIL LÉIRIÚCHÁIN NEAMHSPLEÁCH | | | |
| 5-10 | • Scrúdóidh Coimisiún na Meán na himpleachtaí a bhaineann le caiteachas íosta reachtúil ar léiriúcháin neamhspleácha a mhéadú agus tuairisciú ar thorthaí, lena n-áirítear aon leasuithe reachtacha riachtanacha ag féachaint do réimse leathan ábhar, go háirithe cuspóirí agus plean straitéiseach an chraoltóra, a ghealltanais dhlíthiúla reatha agus an leibhéal maoinithe atá ar fáil chun tacú lena shainchúram reachtúil<br>• Déanfar aon athruithe reachtacha is gá a thabhairt chun cinn lena mbreithniú i gcomhthéacs an athchóirithe reachtaigh níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R1 2024** |
| MOLADH 6-1: AN CISTE CRAOLACHÁIN A THIONTÚ INA CHISTE MEÁN | | | |
| 6-1 | • Beidh an RTCEGSM i gceannas ar bhunú Chiste na Meán ar bhonn riaracháin, lena n-áirítear prionsabail leathana polasaithe, Comhaontuithe Seirbhíse le ÚCÉ/Coimisiún na Meán, sreabhadh cistí Státchiste etc. | An Roinn i gCeannas: An **RTCEGSM** – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: Ciste na Meán a bhunú ar bhonn riaracháin **ó dheireadh 2023,** agus ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Oibreoidh Coimisiún na Meán leis an RTCEGSM ar dhearadh mionsonraithe na scéimeanna tosaíochta atá le cur i bhfeidhm in 2023 a fhorbairt<br>• Breithneofar leibhéil mhaoinithe leanúnacha do Chiste na Meán i gcomhthéacs athchóiriú an chórais ceadúnas teilifíse agus na bpróiseas bliantúil Buiséid agus Meastacháin araon. | | bhonn reachtúil ina dhiaidh sin, faoi réir reachtaíocht riachtanach a rith. |
| MOLADH 6-2: SCÉIM TUAIRISCITHE DAONLATHAIS ÁITIÚIL A BHUNÚ | | | |
| 6-2 | • Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt<br>• Cuirfidh Coimisiún na Meán tús leis an obair láithreach ar an Scéim nua Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil toisc go bhfuil sé beartaithe an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2023. Táthar le Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt agus a chur ar bun idir an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán ina leith seo<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin<br>• Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg<br>Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh | An Roinn i gCeannais agus comhpháirtithe: An **RTCEGSM** (mórpharaiméadair na scéime a dhréachtú) — Tacaíocht ó **Coimisiún na Meán** (scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach) | Amlíne: An scéim le bheith deartha go mionsonraithe **faoi dheireadh R2 in 2023** |
| MOLADH 6-3: TACAÍOCHTAÍ A LEAGAN AMACH DON AISTRIÚ DIGITEACH | | | |
| 6-3 | • Coimisiún na Meán chun forbairt a dhéanamh ar straitéis don nuálaíocht agus straitéis don aistriú digiteach<br>• Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin<br>• Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg<br>Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/ Coimisiún na Meán** le mórpharaiméadair na scéime a dhréachtú, **an Grúpa Feidhmithe** le cinneadh a dhéanamh ar an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag brath ar mhaoiniú, **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** leis an scéim a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na scéime. | Amlíne: Straitéis a fhorbairt don nuálaíocht agus don aistriú digiteach **faoi 2024**; scéim spriocdhírithe a dhearadh don aistriú digiteach i gcás SÁSPanna agus ar bhonn reachtúil ina dhiaidh sin, an méid sin ag brath ar an reachtaíocht riachtanach a rith. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| MOLADH 6-4: SCÉIMEANNA UM THUAIRISIÚ NUACHTA A BHUNÚ | | | |
| 6-4 | • Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin<br>• Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne**:** Scéim um Thuairisciú Nuachta a bhunú faoi **R4 2024,** agus í ar bhonn reachtúil dá éis sin ag brath ar an reachtaíocht riachtanach a rith. |
| MOLADH 6-5: SCÉIMEANNA UM THUAIRISCIÚ AR CHÚIRTEANNA A BHUNÚ | | | |
| 6-5 | • Déanfaidh an RTCEGSM mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt<br>• Cuirfidh Coimisiún na Meán tús leis an obair láithreach ar an Scéim nua um Thuairisciú ar Chúirteanna toisc go bhfuil sé beartaithe an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2023. Táthar le Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt agus a chur ar bun idir an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán ina leith seo.<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin<br>• Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh<br>• Rachaidh ÚCÉ i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara amhail Seirbhís Chúirteanna na hÉireann, na meáin chlóite, Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí, srl. - a bheidh riachtanach cuspóirí, paraiméadair, córais agus meicníochtaí na scéime a chinneadh | An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM** (le mórpharaiméadair na scéime a fhorbairt) – tacaíocht ó: **Coimisiún na Meán** (le Scéim um Thuairisciú ar Chúirteanna a chur i bhfeidhm) | Amlíne: Dearadh mionsonraithe na Scéime atá le comhlánú faoi dheireadh **R2 2023** |
| MOLADH 6-6: SCÉIM ROCHTANA AGUS OILIÚNA DO NA MEÁIN A BHUNÚ | | | |
| 6-6 | • I gcomhréir leis na gníomhartha atá molta mar fhreagra ar Moladh 2-6, déanfaidh Coimisiún na Meán, i gcomhar le RFHERIS agus páirtithe leasmhara ábhartha, na tascanna seo a leanas ar dtús sula ndéanfar scéim a dhearadh go mionsonraithe:<br>o Na bealaí atá ann faoi láthair i dtreo gairm in earnáil na meán a aithint agus a leagan amach. Mar chuid de seo, dhéanfaí athbhreithniú ar na conairí éagsúla i dtreo gairmeacha i réimsí | An Roinn i gCeannas: Beidh **Coimisiún na Meán** i gceannas ar fhorbairt na scéime agus rachaidh sé i gcomhairle leis an **RBATNE** agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile. | Amlíne: Scéim Rochtana do na Meáin: **R4 2024**, faoi réir reachtaíocht a rith lena gcumasaítear Ciste Meán a bhunú ar bhonn reachtúil. |

<table>
<tr><td></td><td>amhail an iriseoireacht, léiriúchán, róil chruthaitheacha, agus a leithéid.<br>o Scrúdú a dhéanamh ar an stádas reatha a bhaineann le straitéisí ábhartha ardoideachais agus breisoideachais do gach cuid den ghairm agus na fadhbanna ó thaobh bacainní/inrochtana atá ann faoi láthair a shonrú (mar shampla, Plean Gníomhaithe don Phrintíseacht)<br>o Na deiseanna nua oiliúna nó i gconairí gairme a fhiosrú san ardoideachas agus breisoideachas<br>o Bealaí a fhiosrú lena chinntiú go bhfuil agus go mbeidh teacht ag raon leathan ionadaíoch den tsochaí ar chonairí gairme nua agus reatha (mar shampla, tacaíocht chuí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste)<br>• An RTCEGSM le mórpharaiméadair na scéime a leagan amach<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin<br>• Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá Coimisiún na Meán/an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg, más oiriúnach<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar fhorálacha na sparánachta laistigh de dhá bhliain ó thosach feidhme na scéime</td><td>Tá Coimisiún na Meán le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha sparánachta san Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne.</td><td>Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha sparánachta san Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán faoi 2024.</td></tr>
<tr><td colspan="4">MOLADH 6-7: SCÉIM UM MEÁIN PHOBAIL A BHUNÚ</td></tr>
<tr><td>6-7</td><td>• ÚCÉ le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail le dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo.<br>• Déanfaidh ÚCÉ taighde ar an tacaíocht atá ann cheana féin do na meáin phobail, deiseanna maoinithe phoiblí san áireamh (mar shampla, maoiniú ó Pobal nó Solas)<br>• Coimisiún na Meán le taighde a dhéanamh ar an tacaíocht atá ann cheana do na Meáin Phobail agus leis an gcóras tacaíochta is fearr a mheas<br>• An RTCEGSM le mórpharaiméadair na scéime a leagan amach<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara mar chuid de sin</td><td>An Roinn i gCeannas: Coimisiún na Meán</td><td>Amlínte: Taighde ar Chiste Meán Pobail faoi R2 2024,<br><br>Ciste Meán Pobail a bhunú ar bhonn reachtúil ag brath ar an reachtaíocht a rith le go mbeifear in ann Ciste Meán a chur ar bun.</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Tar éis an scéim a dhearadh go mionsonraithe, tá an RTCEGSM le formheas Státchabhrach a lorg, más oiriúnach<br>• Coimisiún na Meán leis an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar agus measúnú a dhéanamh | | |
| MOLADH 6-8: AN LEIBHÉAL MAOINITHE DO CHISTE MEÁN | | | |
| 6-8 | • Tá Coimisiún na Meán agus an RTCEGSM le pleanáil a dhéanamh faoi choinne scéimeanna nua do Chiste Meán a gcuirfear tús leo in amanna éagsúla agus a gcuirfear leo de réir a chéile (mar atá leagtha amach mar fhreagra ar mholtaí faoi leith)<br>• Tá Coimisiún na Meán,, i gcomhairle leis an RTCEGSM, le hamscálaí a mholadh chun tús a chur le scéimeanna agus do leibhéil an mhaoinithe idir na scéimeanna, bunaithe ar na cistí a bheidh ar fáil. Táthar le reachtaíocht a achtú le Scéimeanna a chur ar Bhonn Reachtúil. | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán -** Tacaíocht ó: **Grúpa Fheidhmithe, an RTCEGSM (leasuithe reachtacha)** | Amlíne: Beidh sé seo ag brath ar an reachtaíocht riachtanach. |
| MOLADH 6-9: AN TREOIR CHÓIPCHIRT A CHUR I BHFEIDHM, MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTACHT NA TREORACH AGUS GNÍOMH BREISE A DHÉANAMH MÁS GÁ | | | |
| 6-9 | • Bainfidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) úsáid as an bhFóram Comhairliúcháin do Pháirtithe Leasmhara (féach caibidil 7) mar shásra chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le feidhmiú na Treorach Cóipchirt i gcleachtas agus chun tuairimí a lorg maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar fheidhmiú reachtaíocht na hÉireann.<br>• Rachaidh an RFTF i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach nuair a bheidh an Treoir Chóipchirt trasuite go hiomlán d'fhonn a áirithiú go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú atá le teacht ag an gCoimisiún ar an Treoir Chóipchirt saincheisteanna a ardaíodh i gcomhthéacs an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.<br>• Rachaidh an RFTF i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach lena chinntiú go ndéanfaidh athbhreithniú an Choimisiúin ar Acht na Margaí Digiteacha measúnú ar an tionchar atá ag an margadh fógraíochta digití. Rannpháirtíocht le tosú in 2024, luaithe a bheidh éifeacht iomlán ag Acht na Margaí Digiteacha. | An Roinn i gCeannas: **An RFTF** | Amlíne: Faoi dheireadh **R3** de **2023**, tabharfaidh an RFTF faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara |
| MOLADH 6-10: SCRÚDÚ A DHÉANAMH AR BHEARTA CÁNACH INDÍREACHA CHUN TACÚ LE SÁSPANNA | | | |
| 6-10 | • Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe, i gcomhar leis an nGrúpa Páirtithe Leasmhara, bearta indíreacha féideartha mar atá molta ag an gCoimisiún a mheas tuilleadh.<br>• Déanfaidh an RTCEGSM, i gcomhairle leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara, measúnú ar an | An Roinn i gCeannas: **An Roinn Airgeadais —** tacaíocht ó: **An RTCEGSM** | Amlíne: Athbhreithniú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le tuilleadh beart |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | bhféidearthacht atá ag eagraíocht na meán aistriú chuig stádas neamhbhrabúis.<br>• Rachaidh an RTCEGSM i dteagmháil go déthaobhach leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (a bhfuil freagracht bheartais orthu as an Rialálaí Carthanas) maidir leis an bhféidearthacht go n-ainmneofar eagraíochtaí meán faoin Acht Carthanas;<br>• Breithneoidh an Roinn Airgeadais an bhfuil scóip ann do bhearta breise chun tacú le claochlú go samhlacha ioncaim/síntiúis léitheora (os cionn agus os cionn na mbeart CBL a tugadh isteach cheana). | | cánach tacúil indíreach, faoi **R4 2023** |
| MOLADH 6-11: DÉAN INIÚCHADH AR DHEISEANNA COMHOIBRITHE CHUN ÁBHAR MSP A ATHÚSÁID | | | |
| 6-11 | • Glacadh le moladh a fhorbairt don chomhoibriú agus don athúsáid ábhair le MSP mar pháirt de phróiseas an Ghrúpa Feidhmithe<br>• ÚCÉ/Coimisiún na Meán leis an gCreat um an Sochar Sóisialta a scrúdú chun cur leis an gcomhoibriú idir MSP, craoltóirí tráchtála agus pobail mar mhodh le dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo | An Roinn i gCeannas: **An Grúpa Feidhmithe** (i gcomhairle le MSPanna) chun moladh don chomhoibriú agus athúsáid ábhair a fhorbairt. **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** chun an Creat um an Sochar Sóisialta a scrúdú. | Amlíne**:** moladh don chomhoibriú agus athúsáid ábhair faoi **R2 2024** |
| MOLADH 6-12 FORMHAOIRSEACHT NEAMHSPLEÁCH AR GACH SRUTH MAOINITHE PHOIBLÍ DON IRISEOIREACHT | | | |
| 6-12 | • Coimisiún na Meán leis an athbhreithniú a dhéanamh i gcomhairle leis an RTCEGSM<br>• Coimisiún na Meán le meitheal a bhunú ag féachaint le bheith ag obair i gcomhar le haon riarthóirí ar shruth de mhaoiniú poiblí ábhartha chun eolas a fháil ar na próisis agus nósanna imeachta atá acu faoi láthair agus leis na roghanna a fhiosrú go bhféadfaí ÚCÉ/Coimisiún na Meán maoirseacht a dhéanamh nó ról a imirt<br>• Mar chuid den taighde atá le déanamh ag Coimisiún na Meán chun an Ciste Meán a chur ar bun bheifí in ann an moladh seo a chur san áireamh mar pháirt de bheart scóipe | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** — tacaíocht ó: **An RTCEGSM** | Amlíne: athbhreithniú le cur i gcrích faoi **R4 2023** |
| MOLADH 6-13: GEILLEAGAR UILE-OILEÁIN NA MEÁN | | | |
| 6-13 | • Togra á chruthú ag Coimisiún na Meán maidir le conas an comhoibriú idir MSP agus SÁSPanna a uasmhéadú ar bhonn uile-oileáin<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní maoinithe idir-rannach ó gach cearn den Rialtas a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun tacú le taighde ar gheilleagar na meán uile-oileáin (amhail tacaíochtaí tionscnaimh na nOileán Comhroinnte) | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: togra a fhorbairt faoi **R1 2024** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Measúnú a dhéanamh ar leathnú féideartha ar mhaoiniú léiriúcháin ábhar closamhairc Gaeilge | | |
| MOLADH 7-1: RIALÚ EAGARTHÓIREACHTA DO TG4 AR A SHEIRBHÍSÍ NUACHTA | | | |
| 7-1 | Breithneoidh an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán (i gcomhairle le RTÉ agus le TG4) na himpleachtaí airgeadais agus oibriúcháin a bhaineann le cur i bhfeidhm an mholta seo. | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán — Le tacaíocht ó** TCAGSM | Amlínte: Beidh comhairliúchán le RTÉ agus le TG4 le cur i gcrích faoi dheireadh **R2 2023**. Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar an nGaeilge faoi **R4 2024.** |
| MOLADH 7-2: ATHBHREITHNIÚ CUIMSITHEACH AR SHOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE | | | |
| 7-2 | Glacfaidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán an méid seo a leanas orthu féin:<br>• Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge<br>• Díriú ar an ról atá ag RTÉ, TG4, Raidió na Gaeltachta, SÁSPanna<br>• Deiseanna comhoibrithe, rannpháirtíochta óige agus na meáin dhigiteacha a fhiosrú. ÚCÉ chun taighde leanúnach a dhéanamh ar an ábhar seo agus chun tuilleadh sonraí a roinnt le RTCEGSM<br>• Straitéisí a fhorbairt don oideachas Gaeilge, foghlaimeoirí fásta san áireamh<br>• Rachaidh an Grúpa Feidhmithe i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle ar aon togra le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta trí earnáil na meán, agus chun soláthar Gaeilge a fhorbairt.<br>• Scrúdóidh an Grúpa Feidhmithe deiseanna chun an tacaíocht reatha do chur chun cinn na Gaeilge a fheabhsú ar bhonn uile-oileáin | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R3 2024** |
| MOLADH 7-3: BA CHEART DO RTÉ TOSAÍOCHT NÍOS MÓ A THABHAIRT DON GHAEILGE | | | |
| 7-3 | • Cé go bhfuil feidhmeannach ag obair le RTÉ cheana féin atá freagrach as an nGaeilge, déanfaidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán na freagrachtaí atá ar an té a bhfuil an ról sinsearach seo aige nó aici a shoiléiriú agus cuirfear in iúl má theastaíonn aon bhearta eile (tabharfar aitheantas san am céanna do neamhspleáchas RTÉ i leith a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach).<br>• Rachaidh RTÉ i mbun plé le Coimisiún na Meán faoin athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge (Moladh 7.2) agus faoin athbhreithniú sin a chur i bhfeidhm. | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** | Amlíne: a luaithe agus is praiticiúil. |
| MOLADH 7-4 FORÁLACHA I LEITH NA GAEILGE A CHUR I BHFEIDHM I SCÉIMEANNA MAOINITHE | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7-4 | • ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun an measúnú a dhéanamh chun a fháil amach an mbeifear ábalta maoiniú 25% na scéime Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge a mhéadú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil.<br>• Tá Coimisiún na Meán chun taighde a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le chomh hindéanta a bheadh an tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R4 2023.** |
| MOLADH 7-5 ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR AN SCÉIM CARTLANNAÍOCHTA | | | |
| 7-5 | • Úsáidfear na torthaí ó athbhreithniú ÚCÉ mar bhonn eolais le scéim nua a dhréachtú in R2 2023 agus, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, úsáidfear an fhorbairt bhreise sna comhpháirtithe straitéiseacha agus san obair i gcomhar a chéile mar pháirt den chlár oibre chun aon scéim nua a fhorbairt, éascaíocht ar chuideachtaí beaga neamhspleácha léiriúcháin mar chuid de sin<br>• Déanfaidh an RTCEGSM na torthaí ón athbhreithniú reachtúil a rinne ÚCÉ ar an Scéim Cartlannaithe a mheas agus rachaidh i gcomhairle le ÚCÉ ar na chéad chéimeanna eile. | An Roinn i gCeannas: **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** | Amlíne: Tá an t-athbhreithniú ar an scéim cartlannaithe tugtha chun críche cheana féin. Scéim nua a dhréachtú le bheith ar siúl i **R2** de **2023**. |
| MOLADH 7-6: TOBHACH AGUS CISTE ÁBHAIR CLOSAMHAIRC A BHUNÚ | | | |
| 7-6 | • Coimisiún na Meán chun taighde a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le féidearthacht an tobhaigh agus an chiste ábhair closamhairc | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R3 2024** |
| MOLADH 7-7: STRAITÉIS CLOSAMHAIRC CHUN ÉIRE A BHUNÚ MAR PHRÍOMHFHOINSE ÁBHAIR SIAMSAÍOCHTA DON MHARGADH IDIRNÁISIÚNTA AR ÉILEAMH | | | |
| 7-7 | • Déanfaidh Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc (faoi chathaoirleacht TCAGSM) an t-eisiamh craoltóra a bhreithniú agus cuirfidh moltaí faoi bhráid na Roinne Airgeadais lena mbreithniú mar chuid den athbhreithniú agus bainistiú leanúnach ar fhaoiseamh Alt 481<br>• Déanfaidh Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc breithniú ar bhearta breise i gcomhthéacs cuidiú le hidirnáisiúnú ábhar na hÉireann | An Grúpa i gCeannas: **Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaithe Closamhairc** | Amlíne: **R4 2023**. |
| MOLADH 7-8: INFHEISTÍOCHT SA LÉIRIÚCHÁN NEAMHSPLEÁCH A FHEABHSÚ | | | |
| 7-8 | • Cuirfidh Coimisiún na Meán athbhreithniú i bhfeidhm ar na Scéimeanna Maoinithe atá ann cheana d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar chomhlachtaí beaga neamhspleácha léiriúcháin.<br>• Tabharfaidh Coimisiún na Meán isteach critéir chuí agus méadrachtaí tuairiscithe chun tionchar na scéimeanna/babhtaí maoinithe amach anseo a mheas. | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R4 2023** |

<table>
<tr><td></td><td><ul><li>ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun tabhairt faoi athbhreithniú ar Threoir reatha maidir le Cód maidir le Cleachtas Cóir-Thrádála</li></ul></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">MOLADH 7-9: PLEAN STRAITÉISEACH A FHORBAIRT LE HAGHAIDH CRAOLTÓIREACHT AGUS CUR CHUN CINN SPÓIRT</td></tr>
<tr><td>7-9</td><td><ul><li>Cuirfidh ÚCÉ/Coimisiún na Meán Meitheal Straitéiseach ar bun i gcomhar le Spórt Éireann. D’fhéadfadh téarmaí tagartha don ghrúpa seo plé le réimsí tosaíochtaí a shonrú don chraoltóireacht spóirt, na dúshláin a thagann chun cinn (mar shampla, glacadh na gceart, maoiniú), agus cur chuige agus amlíne a leagan síos le tosaíochtaí a bhaint amach</li><li>Gheobhaidh Coimisiún na Meán agus Spórt Éireann amach cé na réimsí/spóirt tosaíochta is mó a bhainfeadh tairbhe as feiceálacht/poiblíocht níos mó mar chuid d’imeachtaí a chraoladh agus, san am céanna, tosaíochtaí straitéiseacha comhlachtaí spóirt faoi leith a chur san áireamh</li><li>An acmhainn a d’fhéadfadh a bheith ann babhta maoinithe tiomnaithe a chur ar fáil a bhreithniú</li><li>Rachaidh Coimisiún na Meán i dteagmháil le MSPanna tríd an Meitheal Straitéiseach faoin gclársceideal reatha don spórt agus déanfar na deiseanna do chláir níos fearr agus tuilleadh clár a scrúdú. Bhainfí úsáid as an gcóras seo le teacht ar phlean agus amlíne chun an Plean Straitéiseach a fhorbairt</li><li>Tabharfaidh Spórt Éireann tacaíocht do Choimisiún na Meán chun plean straitéiseach a fhorbairt don chraoltóireacht agus cur chun cinn spóirt.</li><li>D’fhéadfadh ÚCÉ an moladh a bhaineann le MSP agus clársceidealú spóirt a áireamh ina athbhreithniú 5 bliana ar mhaoiniú poiblí atá ar na mallaibh.</li></ul></td><td>An Roinn i gCeannas: Coimisiún na Meán</td><td>Amlíne: Plean Straitéiseach don Chraoltóireacht Spóirt faoi R1 2024</td></tr>
<tr><td colspan="4">MOLADH 7-10: STRAITÉIS ÉAGSÚLACHTA AGUS IONCHUIMSITHEACHTA MAIDIR LE TUAIRISCIÚ AGUS CRAOLTÓIREACHT SPÓIRT</td></tr>
<tr><td>7-10</td><td><ul><li>Rachaidh Coimisiún na Meán agus Spórt Éireann i gcomhairle leis na bearta CÉI laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt, agus ar an gcaoi a bhféadfadh na bearta seo tionchar a imirt ar chraolachán/tuairisciú spóirt in Éirinn.</li><li>Tabharfaidh Spórt Éireann comhairle agus treoir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán sa réimse seo, go háirithe maidir le foghlaim ó fhorbairt a straitéise féin.</li><li>Tabharfaidh Spórt Éireann comhairle maidir le píblínte a chruthú chun éagsúlú a dhéanamh orthu siúd a bhfuil baint acu le craoltóireacht agus le cur chun cinn.</li></ul></td><td>Na Comhlachtaí i gCeannas: ÚCÉ/Coimisiún na Meán (i gcomhar le MSPanna, SÁSPanna, Spórt Éireann agus Cónaidhm Spórt na hÉireann)</td><td>Amlíne: R2 2024.</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| MOLADH 7-11: OIDEACHAS AGUS OILIÚINT | | | |
| 7-11 | • ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun comhairliúchán foirmiúil a bhunú le Spórt Éireann agus le Cónaidhm Spórt na hÉireann chun a n-ionchur sa phróiseas oiriúnaithe a lorg.<br>• Comhoibreoidh Spórt Éireann le Coimisiún na Meán maidir le forbairt agus soláthar aon chláir oiliúna. | Na Comhlachtaí i gCeannas: Beidh **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** i gceannas i ndlúthchomhar le TCAGSM agus Spórt Éireann | Amlíne: **R4 2024.** |
| MOLADH 8-1: CUSPÓIRÍ AGUS PRIONSABAIL MSP | | | |
| 8-1 | • Déanfar athbhreithniú ar an Reachtaíocht Craolacháin agus tabharfar moltaí beartais maidir le hathrú chun cinn d'fhonn reachtaíocht leasaitheach a fhorbairt. | An Roinn i gCeannas: **TCAGSM**, i gcomhairle le **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R3 2024** |
| MOLADH 8-2: NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ MSP | | | |
| 8-2 | • Déanfar aon mhaoiniú eatramhach breise a chomhaontú i gcomhthéacs phróiseas bliantúil na Meastachán<br>• Tabharfaidh an Grúpa Teicniúil moltaí maidir leis an táille ceadúnais teilifíse a athchóiriú.<br>• Déanfar breithniú ar ról fadtéarmach Choimisiún na Meán i dtaobh riachtanais mhaoinithe MSPanna a mheasúnú agus a chinneadh, bunaithe ar an gcinneadh deiridh ar an tsamhail mhaoinithe. | *Tá nasc idir an moladh seo agus an moladh chun aistriú chuig samhail arna maoiniú ag an Státchiste nár glacadh leis. Mar sin féin, fágfaidh na creataí maoirseachta nua (féach an freagra ar Mholadh 5.3) go mbeifear in ann monatóireacht a dhéanamh i rith an ama ar fheidhmíocht MSPanna agus ar thorthaí airgeadais.* | N/A |
| MOLADH 8-3 ACMHAINNÍ A CHUR AR FÁIL DON RIALÁIL AGUS DON FHORBAIRT ÉIFEACHTACH | | | |
| 8-3 | • Tabharfar faoi Athbhreithniú ar an Acht Craolacháin<br>• Ainmneofar RTÉ agus TG4 faoi Acht GBCN 2014.<br>• Tabharfar faoi athbhreithniú ar an gcreat rialachais foriomlán le haghaidh MSPanna (lena n-áirítear an RTCEGSM, ÚCÉ/Coimisiún na Meán agus NewERA) agus glacfar leis an gcreat is oiriúnaí.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na Comhairle Lucht Féachana chun tuairim an phobail a thomhas níos fearr | An Roinn i gCeannas: Athbhreithniú ar an Acht Craolacháin (An **RTCEGSM**), Ainmniú **GBCN (An Roinn Airgeadais/An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**), Athbhreithniú ar an gCreat Rialachais (An RTCEGSM/ | Amlíne: Creat rialachais **(R3 2024)**; Ainmniú faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta **(R3 2024)**; Scéim Ghinearálta na reachtaíochta leasaithí **(R4 2024)** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Coimisiún na Meán**), Aonad Taighde agus Comhairlí Athbhreithnithe Lucht Féachana (**ÚCÉ/Coimisiún na Meán)** | |
| MOLADH 8-4: RIALÚ NA HEARNÁLA NEAMHSPLEÁICHE | | | |
| 8-4 | • Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar aon dul lena ndualgais cheadúnaithe | An Roinn i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R1 2024** |
| MOLADH 8-5: ATHRUITHE AR FHORÁLACHA RIALÁLA DO MHAOINIÚ ÁSP | | | |
| 8-5 | • Athruithe riachtanacha reachtaíochta a dhéanamh chun foráil a dhéanamh do Chiste na Meán ar bhonn reachtúil<br>• Déanfaidh Coimisiún na Meán agus an RTCEGSM imscrúdú ar an bhféidearthacht a bhaineann le réimse níos leithne ábhar a mhaoiniú, agus aird á tabhairt ar rialacha státchabhrach an AE | An Grúpa i gCeannas: Athrú reachtach: **An RTCEGSM**, Staidéar Féidearthachta (**Coimisiún na Meán**) | Amlíne: ÚCÉ/Coimisiún na Meán chun indéantacht réimse níos leithne ábhar a fhiosrú - le linn **2023** |
| MOLADH 8-6 SONRAÍ A BHAINEANN LE SUNTASACHT | | | |
| 8-6 | • Leis an Acht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán, cuirfear bonn taca reachtúil ar fáil chun suntasacht ábhar na seirbhíse poiblí a neartú<br>• Forbróidh Coimisiún na Meán rialacha chun feabhas a chur ar fheiceálacht ÁSP<br>• Scrúdóidh Coimisiún na Meán cé acu ar féidir agus ar chóir sonraí maidir le tomhaltas ÁSP a thionscnaítear in Éirinn ar ardáin idirnáisiúnta SVOD a roinnt le PSCPanna na hÉireann | An Grúpa i gCeannas: **Coimisiún na Meán** | Amlíne: **R2 2024**. |
| MOLADH: 8-7 CLÚMHILLEADH | | | |
| 8-7 | • Tá an Bille um Chlúmhilleadh (Leasú) san áireamh i gClár Reachtaíochta an Rialtais, agus tá an Roinn Dlí agus Cirt ag obair i dtreo Scéim Ghinearálta an Bhille a fhoilsiú i R1 2023;<br>• Fanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt i dteagmháil leanúnach leis an RTCEGSM maidir le clúmhilleadh ar líne agus leis an Roinn Fiontar agus Fostaíochta maidir leis an Acht Seirbhísí Digiteacha. | An Roinn i gCeannas: **An Roinn Dlí agus Cirt** | Amlíne: Tar éis é a fhoilsiú, cuirfear an bille ar aghaidh tríd an Oireachtas ar an ngnáthbhealach. |
| MOLADH 8-8 BRÉAGAISNÉIS | | | |
| 8-8 | • Beidh an Mheitheal curtha ar bun ag an RTCEGSM faoi tús na bliana in 2023 agus clár oibre socraithe de réir téarmaí tagartha a bheidh socraithe faoi sin chomh maith.<br>• Faoi dheireadh R2 in 2023, beidh na paraiméadair don straitéis sonraithe ag an Meitheal agus páipéir curtha ar fáil acu ar na ceisteanna is mó atá le socrú, a bheidh ag teacht leis na téarmaí tagartha. | An Grúpa i gCeannas: Beidh an **RTCEGSM** i gceannas ar fhorbairt na Straitéise i gcomhairle leis an | Amlíne: Foilsiú na Straitéise faoi **R4 2023** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Le linn R2 2023, foilseoidh an Mheitheal dréachtstraitéis, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí a chuirfeadh fóram comhairliúcháin éascaithe i gcrích ag tús R3.<br>• Tabharfaí an dréacht-straitéis chun críche faoi dheireadh R3 2023 agus bheadh sí réidh le foilsiú i Ráithe 4 2023 faoi réir próisis cheadaithe ábhartha.<br>• Eanáir 2024 ar aghaidh: An Straitéis Náisiúnta Frithbhréagaisnéise a chur i bhfeidhm. | **Meitheal** atá beartaithe. | |
| MOLADH 8-9 BUNÚS REACHTÚIL A SHOLÁTHAR DO SHAINCHÚRAM LEATHNAITHE CHOIMISIÚN NA MEÁN | | | |
| 8-9 | • An RTCEGSM agus ÚCÉ le bunú Choimisiún na Meán a chur chun cinn ar bhonn riaracháin<br>• Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe breithniú ar aon athruithe reachtaíochta eile a theastaíonn (i gcomhthéacs fheidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán) mar chuid den phróiseas feidhmithe foriomlán. | An Roinn i gCeannas: **An RTCEGSM** | Amlíne: Coimisiún na Meán bunaithe ar bhonn reachtach i **R1 2023** |
| FOIRMIÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT AN GHRÚPA COMHAIRLIÚCHÁIN PÁIRTITHE LEASMHARA | | | |
| Caibidil 7 | • Cuireadh síneadh le cuirí chuig páirtithe leasmhara agus Grúpa Comhairliúcháin a bhunú faoi dheireadh mhí Eanair 2023 agus tionólfar an chéad chruinniú a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin<br>• Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Grúpa Comhairliúcháin le chéile 3-4 huaire sa bhliain ar a ndéanfar na comhaltaí a thabhairt cothrom le dáta ar an bpróiseas feidhmithe<br>• Is féidir breithniú a dhéanamh maidir leis an nGrúpa Comhairliúcháin a leathnú de réir mar is cuí | Na Comhlachtaí i gCeannas: **RTCEGSM** i gcomhar le **ÚCÉ/Coimisiún na Meán** agus **Grúpa Feidhmithe** | Amlíne: An Chéad Chruinniú le bheith ag Grúpa Comhairleach na bPáirtithe Leasmhara faoi **R1 2023** |